



Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council



Tuarascáil Bhliantúil 2023

Ár mBunchuspóir

Forbairt inbhuanaithe
gheilleagrach, shóisialta
agus pobail a stiúradh
in Uíbh Fhailí

Clár an Ábhair

Réamhrá	4
Comhaltaí Tofa	6
Príomhéachtaí	7
Tuarascálacha an Chláir CBS	12
Dualgas na hEarnála Poiblí.....	14
Tuarascálacha ar Sheachadadh Seirbhíse.....	20
Na hEalaíona.....	26
Gníomhú ar son na hAeráide, Comhshaol & Uisce Tuaithe	38
Pobal & Cultúr	38
Seirbhísí Corparáideacha & Iniúchadh Inmheánach	38
Airgeadas, Mótarcháin agus Soláthar	44
• Lena n-áirítear Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	
Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála, lena n-áirítear Cosaint Shíbhialta	54
Tithíocht.....	58
Acmhainní Daonna	64
Córais Faisnéise	68
Oifig Fiontair Áitiúil Uíbh Fhailí & Forbairt Gheilleagrach	72
An Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíolat	80
Pleanáil.....	88
Athghiniúint	100
Bóithre & Iompar	110
Turasóireacht	116
<hr/>	
Ceantair Bhardasacha	
Biorra	120
Éadan Doire	122
Tulach Mhór.....	126
Aguisín 1: Comhaltacht Comhairleoirí de Bhuanchoistí na Comhairle / Comhlachtaí Eile	131
Aguisín II: Íocaíochtaí le Comhairleoirí	132
Aguisín III: Comhdhálacha/Seimineáir/Cúrsaí Oiliúna ar ar fhreastail Comhairleoirí in 2023	133
Aguisín IV: Táscairí Feidhmíochta 2022	134

Réamhrá

Tá spás ag Uíbh Fhailí le bheith nuálach, spás le hiniúchadh a dhéanamh agus spás le fás a dhéanamh leis. Mar Chomhairle, táimid tiomanta do sheirbhísí den chaighdeán is airde a sholáthar dár ndaonra atá ag dul i méid agus deiseanna nuálacha a chruthú a thacaíonn le fás geilleagrach don ghlúin atá inniu ann agus do na glúnta atá le teacht.

Soláthraíonn ár dTuarascáil Bhliantúil, de réir an Achta Rialtais Áitiúil 2001 (S221), deis machnamh a dhéanamh ar obair na Comhairle maidir le seirbhísí tábhachtacha poiblí a sholáthar i rith na bliana agus ar ár ngnóthachtálacha, agus tagairt uileghabhálach á déanamh do na spriocanna straitéiseacha atá leagtha amach inár bPlean Corparáideach 5 bliana.

Mar Chomhairle nuálach, trínár dtiomantas do sheachadadh seirbhíse a neartú agus a leathnú, ligeadh dúinn tionscnaimh ETIM (STEM), tionscnaimh um Ghníomhú ar son na hAeráide, tionscnaimh um Thaisteal Gníomhach, tionscnaimh Oidhreachta agus Bithéagsúlachta (lena n-áirítear

Oifigeach Bithéagsúlachta a cheapadh), chomh maith le gnáthsheirbhísí na Comhairle a chur san áireamh. Mar chuid den chlár náisiúnta maidir le Rialtas Áitiúil Éireann, cuireadh an córas pleanála in Uíbh Fhailí i bhfeidhm beo ar líne. Tá ríméad ar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí a bheith ina chuid de Thairseach Pleanála Ar Líne an Rialtais Áitiúil de réir mar a bhogann earnáil phleanála na hÉireann i dtreo córas gan pháipéar agus córas atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ina bhfuil rochtain 24/7 ag iarratasóirí ar a n-iarratas pleanála.

I rith 2023, chuireamar cúig fheithicil leictreacha nua ar fáil mar chuid dár ngealltanais dícharbónaithe,

bhaineamar leas as maoiniú ó Fháilte Éireann, ó Scéimeanna Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha chomh maith le dul i dtír ar mhaoiniú na Scéime Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte chun ár mbailte agus sráidbhailte tuaithe a athbheochan. Tháinig borradh faoin bhforbairt ar an Leabharlann Pobail agus Bunáit Ealaíon nua in Éadan Doire,

díreach mar a tharla leis an Ionad Oiliúna Seirbhísí Dóiteáin Réigiúnach ar luach €4.4 milliún é i dTulach Mhór agus le hathfhorbairt Máistirphlean Coincheapa Thailte Theach Reachtaire Bhiorra.

Bhí lúcháir orainn 3 Fháiltiú Cathartha a óstáil chun ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí ceannairí pobail áitiúla agus ar an méid a chuireann siad leis an tsochaí ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta. I measc na ndaoine ar bronnadh Fáiltiú Cathartha orthu, bhí na dornálaithe ó Uíbh Fhailí Gráinne Walsh, Nicole Buckley agus Paul Loonam, Cluichí Pobail Uíbh Fhailí agus Cumann Uíbh Fhailí i Nua-Eabhrac.

Leanaimid le hUíbh Fhailí a chur chun cinn ar bhonn réigiúnach, le tacaíocht ó Lár na Tíre Éireann mar chuid de Thionól Réigiúnach Lár na Tíre agus Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre. Leanann ár gcuid oibre ar aghaidh ag scaipeadh ar lucht féachana

níos leithne mar gheall ar ár láithreach leanúnach agus méadaitheach ar na meáin shóisialta, ár suíomh gréasáin nua, chomh maith le soláthraithe meán clóite agus craolta áitiúla agus náisiúnta a thugann tacaíocht dúinn.

Leanadh de chruinnithe uile na Comhairle i bhformáid hibrídeach le linn 2023 agus, mar Chomhairle, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na Comhaltaí Tofa, leis an bhFoireann Bainistíochta agus leis an bhfoireann go léir as a dtacaíocht leanúnach agus a rannpháirtíocht réamhghníomhach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis lenár gcomhghleacaithe sna seirbhísí túslíne as a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí freagartha éigeandála le linn 2023.



An Clr Eddie Fitzpatrick
Cathaoirleach



Anna Marie Delaney
Príomhfheidhmeannach



Ceantar Bardasach Bhiorra



An Clr John
Carroll



An Clr Clare
Claffey



An Clr John
Clendennen



An Clr Eamon
Dooley



An Clr John
Leahy



An Clr Peter
Ormond

Ceantar Bardasach Éadan Doire



An Clr Noel
Cribbin



An Clr Eddie
Fitzpatrick



An Clr John
Foley



An Clr Mark
Hackett



An Clr Robert
McDermott



An Clr Liam
Quinn

Ceantar Bardasach Thulach Mhór



An Clr Sandra
Feadhan Smullen
(Comhthoghadh)



An Clr Neil
Feighery



An Clr Declan
Harvey



An Clr Tony
McCormack



An Clr Frank
Moran



An Clr Sean
O'Brien



An Clr Danny
Owens



An Clr Ken
Smollen (Ar scor)

Coistí um Beartais Straitéiseacha 2023

Is coistí údaráis áitiúil iad na Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna) i gcomhairlí cathrach agus contae agus i measc a mballraíocht, tá comhairleoirí tofa, ionadaithe gnó, leasanna feirmeoireachta, grúpaí comhshaoil/caomhnaithe, ceardchumann agus baill an phobail agus baill deonacha.

Tugann CBSanna, mar choistí de chuid na Comhairle, comhairle agus cúnaimh don Chomhairle maidir le ceapadh, forbairt agus athbheithniú a dhéanamh ar bheartais.

Cathaoirligh na CBSanna



An Clr John Clendennen
Cathaoirleach ar an CBS um Sheirbhísí Pobail, Cultúir & Éigeandála



An Clr Eamon Dooley
Cathaoirleach ar an CBS um Úsáid Talún, Pleanáil & Forbairt Gheilleagrach



An Clr Tony McCormack
Cathaoirleach ar an CBS um Ghníomhú ar son na hAeráide, an Comhshaoil, Uisce & Iompar



An Clr Robert McDermott
Cathaoirleach ar an CBS um Thithíocht

CBS um Sheirbhísí Pobail, Cultúir & Éigeandála

Chairperson: An Clr John Clendennen

Comhaltaí na Comhairle: An Clr Clare Claffey, an Clr Mark Hackett, an Clr Liam Quinn
An Clr Ken Smollen (tháinig an Clr Sandra Feehan Smollen ina áit, Meán Fómhair 2023)

Leasanna Earnála:

- Thomas Woulfe (Earnáil Talmhaíochta / Feirme);
- Ana-Maria Cumpanici & Rachel Kenny (Óige / Comhshaol);
- Madeline Corboy (Cuimsiú Sóisialta) agus Post Folamh (Earnáil Dheonach / Phobail)or

Dáta an chruinnithe	Téama / Saincheist Beartais
02.03.2023	<ul style="list-style-type: none"> ● Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide ● Ciste um Rannpháirtíocht agus Feasacht ar Mhíchumas (cur i láthair ar Thuarascáil ar Inrochtaineacht in Uíbh Fhailí le Mary Lee agus Stephen Keogh, ODN) ● Nuashonrú ar chistiúcháin do chomhlachtaí ENR um Spóirt ó Chomhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí chun Oiliúint Píolótach CPS a chur ar fáil d'Ionadaithe an Líonra Rannpháirtíochta Pobail ● Comhairliúchán naidir le Plean PÁEP - Próifíl Socheacnamaíoch agus Ardleibhéil Uíbh Fhailí ● Spriocanna
26.05.2023	<ul style="list-style-type: none"> ● Ciste um Rannpháirtíocht agus Feasacht ar Mhíchumas (cur i láthair ar 'Tuarascáil ar Inrochtaineacht in Uíbh Fhailí) ● Straitéis Aoisbhá Uíbh Fhailí ● Comhairliúchán ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP) 2023-2028 - Próifíl Shocheacnamaíoch agus Spriocanna Ardleibhéil Uíbh Fhailí
22.09.2023	<ul style="list-style-type: none"> ● Nuashonrú ar Straitéis Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí ● Cur i Láthair Tosaigh ar Straitéis Ealaíon Uíbh Fhailí 2024-2029 Nuashonrú ar Straitéis Aoisbhá Uíbh Fhailí 2024-2029
08.12.2023	<ul style="list-style-type: none"> ● Cur i láthair Chomhairle na nÓg (Gníomhaíochtaí 2023) Straitéis Náisiúnta na Leabharlann 2023-2027 ● Dréacht-Straitéis Ealaíon Uíbh Fhailí 2024-2029

CBS um Gníomhú ar son na hAeráide, an Comhshaol, Uisce & Iompar

Cathaoirleach: An Clr Tony McCormack

Comhaltaí na Comhairle: An Clr Mark Hackett, an Clr Peter Ormond, an Clr John Foley agus an Clr Neil Feighery

Leasanna Earnála:

- Roger Guiney, Gnó/Forbairt Tráchtála/Foirgníocht Enda Bracken, Ionadaí don Earnáil Talmhaíochta/Feirmeoireachta Shane Lambert, Ionadaí Ceardchumainn
- Michael Newham, Ionadaí Comhshaoil/Caomhnaithe
- Philip Glover, Gnó/Forbairt Tráchtála/Foirgníocht

Dáta an chruinnithe	Téama / Saincheist Beartais
22.02.2023	<ul style="list-style-type: none"> ● Nuashonruithe Rannóige ● Plean um Gníomhú ar son na hAeráide Fodhlíthe maidir le Reiligí ● Clár Oibre - Beartas maidir le Bainistíocht Crann / Bithéagsúlacht / Cláir Fógraíds
10.05.2023	<ul style="list-style-type: none"> ● Cur i Láthair - Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola le Hugh Coughlan, Oifig Réigiúnach um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir & Lár na Tíre Beartas Crann ● Plean um Gníomhú ar son na hAeráide ● Nuashonruithe Rannóige
27.09.2023	<ul style="list-style-type: none"> ● Dréacht-Phlean um ● Gníomhú ar son na ● hAeráide Beartas Crann ● Nuashonruithe Rannóige
12.12.2023	<ul style="list-style-type: none"> ● Gníomhú ar son na hAeráide ● Beartas Bainistíochta ● Crann Straitéis maidir ● le Feithiclí Leictreacha ● An Rannóg um Gníomhú ar son na hAeráide, Comhshaoil & Uisce Tuaithe Nuashonruithe ó Rannóg nam Bóithre

CBS um Thithíocht

Cathaoirleach: An Clr Robert McDermott

Comhaltaí na Comhairle: An Clr Danny Owens, An Clr Sandra Feehan Smollen, An Clr Declan Harvey agus An Clr Noel Cribbin

Leasanna Earnála:

- John Carroll – Gnó/Tráchtáil
- Diane Serviss – Tithíocht Uíbh Fhailí Láir
- Stephen Keogh – Lónra Comhionannais Míchumais Uíbh Fhailí
- Ruth Keane – Clann Shíomóin Lár na Tíre

Dáta an chruinnithe	Téama / Saincheist Beartais
22.01.2023	<ul style="list-style-type: none"> ● Clár Oibre 2023 ● Nuashonrú maidir le Tacaithe d’Fhoréigean Baile ● Plean Straitéiseach Uíbh Fhailí do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 go 2026 Scéim Ceannaigh Incrimintigh do Thionóntaí ● Freagra Uíbh Fhailí ar Ghéarchéim na dTeifeach ón Úcráin
24.05.2023	<ul style="list-style-type: none"> ● Nuashonrú maidir le Tacaithe d’Fhoréigean Baile ● Plean Straitéiseach Uíbh Fhailí do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 go 2026 ● Iasacht Tithíochta Údaráis Áitiúil ● Freagra Uíbh Fhailí ar Ghéarchéim na dTeifeach ón Úcráin
28.09.2023	<ul style="list-style-type: none"> ● Nuashonrú maidir le Tacaithe d’Fhoréigean Baile ● Plean Straitéiseach Uíbh Fhailí do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 go 2026 ● Athbhreithniú ar an Scéim Ceannaigh do Thionóntaí ● Freagra Uíbh Fhailí ar Ghéarchéim na dTeifeach ón Úcráin
29.11.2023	<ul style="list-style-type: none"> ● Nuashonrú maidir le Tacaithe d’Fhoréigean Baile ● Plean Straitéiseach Uíbh Fhailí do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 ● Bainistíocht Eastáit ● Freagra Uíbh Fhailí ar Ghéarchéim na dTeifeach ón Úcráin

CBS um Úsáid Talún, Pleanáil & Forbairt Gheilleagrach

Cathaoirleach: An Clr Eamon Dooley

Comhaltaí na Comhairle: An Clr Sean O'Brien, An Clr Eddie Fitzpatrick, An Clr John Carroll, An Clr John Leahy, An Clr John Clendenen agus an Clr Frank Moran

Leasanna Earnála:

- Dominic Doherty, Gnó, Forbairt Tráchtála/Foirgníocht
- John O'Connor, Colún Pobail – Comhlachas Tráchtála Éadan Doire
- Pat Walsh – Feirmeoireacht
- Don Gibney – Ceardchumann
- Eimhin Shortt – Comhshaol

Dáta an chruinnithe	Téama / Saincheist Beartais
07.02.2023	<ul style="list-style-type: none"> ● Nuashonrú ar an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide ● Plean Forbartha Contae Uíbh Fhailí 2021-2027 – Gnéithe den Phlean a bhaineann le Móin agus Fuinneamh. ● Scéim Ranníocaíochta Forbartha Uíbh Fhailí – Forbairtí Fuinnimh Mórscála. ● Beartas agus Nós Imeachta maidir le Láithreáin Thréigthe. ● Straitéis um Fhorbairt Gheilleagrach – na chéad chéimeanna eile.
06.06.2023	<ul style="list-style-type: none"> ● Plean Forbartha Contae Uíbh Fhailí 2021-2027 – Gnéithe den Phlean a bhaineann le Móin agus Fuinneamh. ● Straitéis um Fhorbairt Gheilleagrach - Nuashonrú
05.09.2023	<ul style="list-style-type: none"> ● Plean Forbartha Contae Uíbh Fhailí 2021-2027 – Conairí an Dúlra Fhiáin, Móin Tar Éis Úsáide agus Buntáistí don Phobal. ● Plean Forbartha Contae Uíbh Fhailí 2021-2027 – tuarascáil ar dhul chun cinn 2 bhliain. Straitéis um Fhorbairt Gheilleagrach - Nuashonrú. ● Athghiniúint – Nuashonrú. Aistriú Cóir - Nuashonrú.
05.12.2023	<ul style="list-style-type: none"> ● Cur i láthair ag CHL maidir leis an Dréacht-Straitéis Turasóireachta. ● Leasuithe ar an mBeartas maidir le Láithreáin Thréigthe. ● Straitéis um Fhorbairt Gheilleagrach - Nuashonrú. ● Dátaí do Chruinnithe 2024

Dualgas na hEarnála Poiblí

Oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí a leagtar amach in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 is ea an Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí ('an Dualgas').

Le halt 42(1), ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí, agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu, aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna agus cóir a chur chun cinn don fhoireann agus do dhaoine a bhaineann leas as a gcuid seirbhísí.

I measc na n-oibleagáidí a neadaíonn Comhairle Chontae Uíbh Fhailí san eagraíocht chun a chinntiú go gcuirtear an Dualgas i bhfeidhm, tá:

- An t-idirdhealú a dhíchur
- Comhionannas deiseanna a chur chun cinn.
- Cearta an duine ár bhfoirne agus na ndaoine a úsáideann ár seirbhísí a chosaint.

Aithnímid go bhfuil baint idir cur chun feidhme an Dualgais agus timthriall pleanála straitéisí Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, agus gur cuid de phróiseas leanúnach é.

Cur leis an obair atá déanta go dtí seo, lena n-áirítear Comhairle Chontae Uíbh Fhailí

ag freastal ar chuir i láthair ag baill ODEN / Cuimsiú Éireann maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí, le linn 2023, lean Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ar aghaidh ag obair le Lónra Míchumais agus Comhionannais Uíbh Fhailí (ODEN) agus Cuimsiú Éireann. (Tá sé mar aidhm ag ODEN a bheith ina ghuth do dhaoine faoi mhíchumas agus oibríonn sé chun bacainní a shainathint agus feachtas a dhéanamh chun inrochtaineacht agus cuimsiú níos fearr a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas in Uíbh Fhailí, agus Cuimsiú Éireann, an Cumann Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachta).

Bhain béim thosaigh na ngníomhaíochtaí le Daoine faoi Mhíchumas agus cuireadh leabhrán ar fáil bunaithe ar thorthaí na gceardlann a reáchtáladh leis an bhfoireann roimh COVID 19. Rinne ODEN an leabhrán seo a scaipeadh le linn 2023 agus cuireadh oiliúint ar fhoireann na Comhairle maidir le hábhar an leabhráin.

Le linn 2024, geallann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí próifíl an Dualgais a ardú agus breithniú a dhéanamh ar chearta an duine agus oibleagáidí comhionannais ag gach leibhéal Stiúirthóireachta chun sainathint a dhéanamh ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannais a bhaineann go sonrach le feidhmeanna na Stiúirthóireachta, leis na seirbhísí arna gcur ar fáil ag an gComhairle agus lena cuid fostaithe.



Oifig na nEalaíon



Tá Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí freagrach as infheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíochtaí ealaíona samhlaíocha ardchaighdeán agus iad a fhorbairt, i gcomhar le muintir Uíbh Fhailí agus le cuairteoirí chuig an gcontae agus ar a son go léir. Agus é sin á dhéanamh, tugann an oifig ealaíon tacaíocht do ról suntasach na n-ealaíon maidir le folláine na sochaí agus ár saoránach a shaibhriú, agus an réimse poiblí a fheabhsú, mar aon leis an ról sin a chur in iúl go soiléir chomh maith. Baintear é seo amach trínár bpróisis phleanála straitéisí, agus ár gclár bliantúil; seachadta i gcomhar le healaíontóirí, léiritheoirí cultúrtha, grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara áitiúla agus, lena mbaineann comhpháirtithe réigiúnacha agus náisiúnta. Cabhraíonn oifig ealaíon Uíbh Fhailí le forbairt raon príomhchlár ealaíon ar fud an chontae, amhail: *FilmOffaly*, *Féile Ealaíon na Leanaí Hullabaloo*, *Anam Beo - Ealaíona agus Sláinte*, *Oíche Chultúir*, mar aon le tacaíocht agus comhairle leanúnach a sholáthar don iliomad ealaíontóirí, cleachtóirí cruthaitheacha, féilte, agus grúpaí pobail atá ag tabhairt faoi thionscadail ealaíon agus chultúir ar fud an chontae.

EALAÍONA NA NÓG

Lean an Oifig Ealaíon ar aghaidh sa bhliain 2023, ag cur torthaí na tuarascála ‘*The Makings: Fostering Youth Creativity*’ i bhfeidhm.

COIMISIÚIN EALAÍON NA NÓG

Mar fhreagra díreach ar thorthaí na tuarascála ‘*The Makings: Fostering Youth Creativity*’, d’fhorbair agus sholáthair an Oifig Ealaíon 4 thionscadal in 2023.

- D’oibrigh Julie O’Hea le daoine óga ó Obair g’Ógra Éireann/ Lár na Tíre chun iniúchadh a dhéanamh ar roinnt tionscadal cruthaitheach bunaithe ar an dúlra, ag baint úsáide as ábhair nádúrtha atá éasca le fáil.
- Chuir an t-ealaíontóir rince Olwyn Lyons blascheardlanna sa rince ar fáil do scoileanna ar fud Uíbh Fhailí d’fhonn tionscadail a fhorbairt amach anseo chun suim sa rince a fhorbairt.
- D’fhorbair Music Generation Uíbh Fhailí tionscadal amhránaíochta taobh amuigh dá gclár reatha le daltaí ó Choláiste Bheannchair.
- Rinne Amharclann Óige Fun House Darren Yorke a fhostú chun sraith ceardlann oiliúna maidir le Tobchumadóireacht a réachtáil do dhaoine óga, 13-25 bliana d’aois.

HULLABALOO! FÉILE EALAÍON LEANAÍ UÍBH FHAILÍ

Hullabaloo! Chuir Féile Ealaíon na Leanaí in Uíbh Fhailí a clár ba mhó riamh i láthair nuair a cuireadh 101 imeacht i láthair i mBiorra, i gClóirtheach, in Éadan Doire agus i dTulach Mhór le seó mór cruthaitheachta, déanta ealaíne agus eispéiris spráíula don teaghlach go léir.

MIONSCANNÁIN

Reáchtáladh comhoibriú spreagúil le Scannánóirí Óga na hÉireann nuair a eagraíodh comhairliúchán le daoine óga in Uíbh Fhailí ag an bhFéile Scannán Offline, inar scrúdaíodh na deiseanna atá ann d’fhás chlárna mionscannán. Reáchtáladh Meeting Of Young Minds i mí Dheireadh Fómhair, agus cuirfidh torthaí an athbhreithnithe seo bonn eolais le clár 2024.

Is í an Chomhairle Ealaíon, Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, le tacaíocht ón J.V.W. Trench Trust, a mhaoiníonn clár na Mionscannán.

FILMOFFALY

Lean FilmOffaly ag mealladh infheistíochta ó dhéantóirí scannán náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Bhain scannán dar teideal Missing (arna léiriú ag Maggie Ryan, Escape Pod Media agus arna scríobh agus stiúradh ag Maura Foley) **Gradam FilmOffaly**

2022 amach. Rinneadh scannánú agus cuireadh i gcrích é ar an suíomh in Uíbh Fhailí. Reáchtáladh an chéad taibhiú áitiúil i mBiorra le linn na Féile Scannán OFFline i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus chuaigh an scannán ar chamchuairt na bhféilte scannán ansin.

Bronnadh an **Gradam FilmOffaly 2023** ar an script bhuaiteach *A Simple Killing* le Mark Conway. Léireofar an scannán seo in Uíbh Fhailí in 2024.

Athbhreithniú ar FilmOffaly – Rinne taighdeoirí Culture Works athbhreithniú ar FilmOffaly in 2023. Déantar imscrúdú san athbhreithniú ar fhorbairt an léiriúcháin scannán agus ar earnáil na scannán in Uíbh Fhailí go dtí seo agus déantar moltaí ann maidir le fás féideartha na Scannánaíochta in Uíbh Fhailí amach anseo. Tá an tuarascáil dírithe ar fhorbairtí an choimisiúin scannán FilmOffaly, Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí agus clár Scannán agus Beochana Éire Ildánach, agus príomhghníomhaíochtaí scannán eile a bhíonn ar siúl sa chontae. Is é an cuspóir ná léiriú a dhéanamh ar luach na Scannánaíochta don chontae mar spreagadh sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch.

OÍCHE CHULTÚIR UÍBH FHAILÍ

Agus a 13ú bliain á ceiliúradh, chuir Oíche Chultúir Uíbh Fhailí, arna tacú ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus an Clár Éire Chruthaitheach agus Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, clár lán d'imeachtaí ar fáil a léirigh spleodar eicléictiúil cultúrtha i mBiorra, i gClóirtheach, i Leabharlann Éadan Doire, i dTulach Mhór, chomh maith le tionscadal Chumann Forbartha Chill Chormaic *Capturing Our Story* a sheoladh leis.

CLÁR BEALTAINÉ ROOTS & SHOOTS

Reáchtáil Amharclann & Ionad Ealaíon Bhiarra agus Ionad Ealaíon na hEascrach imeachtaí ealaíon aoisbháúil, lena n-áirítear scannán léirithe don lucht féachana, ceardlanna rince, turais taispeántais agus imeacht scéalaíochta tráthnóna amháin leis an scríbhneoir in éineacht leis an scéalaí mórélímh ó Lár na Tíre Jean Farrell le linn an imeachta *Memories & Melodies*.

NA HEALAÍONA AGUS SLÁINTE

Chuir Cumann Siondróm Down Uíbh Fhailí, Oifig Ealaíon Uíbh Fhailí agus an grianghrafadóir clúiteach as Uíbh Fhailí, James Crombie, an Tionscadal Ealaíon sa tSláinte ar fáil. Maoiníodh an tionscadal faoin gCiste Rannpháirtíochta Míchumais, mhaoinigh sé 10 duine fásta ón bPhobal Siondróm Down tabhairt faoi cheardlann seachtaine le James Crombie, ag fáil tuisceana ar Bhunphrionsabail na grianghrafadóireachta agus déanamh iniúchta ar ghrianghrafadóireacht portráide, chomh maith le páirt a ghlacadh i dturas allamuigh ar Fheirm Alpaca in aice láimhe. Bhí an chuid dheireanach den tionscadal ar siúl i mí an Mhárta, áit a raibh taispeántas den obair ar fad i dTulach Mhór ar Lá Domhanda Siondróm Down.

PÁIRC DEALBHÓIREACHTA LOCH NA BUARAÍ – TIONSCADAL EALAÍN SA TÍRDHREACH

D'éirigh leis an Oifig Ealaíon i gcomhar le hOifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus le hAmharcealaíontóirí Éireann maoiniú tionscadail a fháil faoi Scéim Cuireadh chun Comhoibrithe na Comhairle Ealaíne.

Áirítear leis an tionscadal coimisiún ealaíontóra in Uíbh Fhailí agus Maigh Eo, agus sraith imeachtaí i bPáirc Dealbhóireachta Loch na Buaráí, Ionad Ealaíon na hEascrach agus Tír Sáile (Contae Mhaigh Eo) i mí Aibreáin 2024. Ceapadh Helen Pheby, a oibríonn mar stiúrthóir comhlach ar chlár do Pháirc Dealbhóireachta Yorkshire, mar Choimeadaí an tionscadail. Is iad na healaíontóirí a coimisiúnaíodh le dul ag obair in Uíbh Fhailí agus Maigh Eo ná na healaíontóirí idirnáisiúnta Hardeep Sahota, i gcomhar leis an ngrianghrafadóir Tim Smith.



EALAÍN PHOIBLÍ

Chuir Oifig na nEalaíon i gcomhar le hionadaithe an Ghrúpa Oibre Ealaíne Poiblí tús le planáil chun clár ealaíne poiblí a fhorbairt in 2024. Maoinítear Ealaín Phoiblí trí Scéim an Chéatadáin don Ealaín, Scéim Rialtais a chruthaíonn deiseanna do dhaoine teagmháil a bheith acu leis an ealaín agus le healaíontóirí comhaimseartha in gnáthshuíomhanna. Tá an scéim nasctha le tionscadail infrastruchtúir caipitil poiblí ar nós scoileanna, tithíocht shóisialta, bóithre agus cúram sláinte.

AN CHARTLANN

In 2023, thug an Oifig Ealaíon faoi thionscadal fairsing cartlainne ina ndearnadh scrúdú ar ár gcomhaid le tríocha bliain anuas. Shainaithníomar doiciméid a bhaineann le cúrsaí cultúrtha is ceart a shábháil chun críocha stairiúla. Ina measc siúd bhí samplaí d'imeachtaí don mhílaois agus imeachtaí comórtha céad bliain, ealaín poiblí, féilte, deontais phobail, dámhachtainí ealaíontóirí agus cláir a bhí ionadaíoch ar gach meán ealaíne - na hamharcealaíona, litríocht, taispeántas, rince, amharclannaíocht agus scannánaíocht.

TACAÍOCHTAÍ OIFIG EALAÍON

Cuireadh na deontais seo a leanas ar fáil:

- **Deontais Faoin Acht Ealaíon**

Rinne painéal seachtrach measúnú ar Dheontais na nAchtanna Ealaíon 2023. Maoiníodh 21 tionscadal ealaíon faoi scéim deontais na nAchtanna Ealaíon, ag bronnadh €20,190 ar an iomlán ar ghrúpaí pobail ar fud an chontae.

- **Deontas An Fhéile Ealaíon**

Chuir Comhairle Chontae Uíbh Fhailí cúnaimh airgeadais, comhairle agus cúnaimh poiblíochta ar fáil do 9 bhféile, lena n-áirítear Seachtain Seanré agus Féile Ealaíon Bhiorra, an Fhéile Scannán Offline, Sraith Idirnáisiúnta Orgán an tSamhraidh i dTulach Mhór, agus Féile Ceoil Bhiorra ar chostas iomlán €9,400.

- **Scéim Tacaíochta Ghairmiúil Ealaíontóirí**

Faomhadh 20 iarratas ar chostas iomlán €11,740.

● **Cónaitheacht Scríbhneoirí Bhorra**

Lean an Oifig Ealaíon ar aghaidh ag tacú le Cónaitheacht Scríbhneoirí Bhorra, i gcomhar le Teach Naomh Breandán, Tin Jug Studios, Biorra. Is féidir le scríbhneoirí gairmiúla a bhaineann le seánra ar bith cur isteach ar an gcónaitheacht, e.g. ficsean liteartha, filíocht, drámadóireacht, iriseoireacht nó scríbhneoireacht taistil. Sa bhliain 2023, bronnadh an chónaitheacht ar bheirt scríbhneoirí gairmiúla.

● **Áiteanna Cruthaitheacha Éadan Doire**

Is clár forbartha 3 bliana arna thacú ag an gComhairle Ealaíon é Áiteanna Cruthaitheacha Éadan Doire a dearadh chun cur chuige pobail inbhuanaithe a spreagadh i leith na cruthaitheachta. Leanadh leis ag fáil tacaíochta ón Oifig Ealaíon agus ó Stiúrthóir Bainistíochta Éadan Doire in 2023.

Mar chuid den chlár, bhí raon gníomhaíochtaí, ceardlanna agus imeachtaí éagsúla bunaithe ar na healaíona, lena n-áirítear Amharcealaíona, Ceol, Filíocht, Ceapadóireacht Drámaí, Scríbhneoireacht Scáileáin agus Scríbhneoireacht Chruthaitheach; Gluaiseacht Chruthaitheach; Rince; Criadóireacht; Drámaíocht; Raidió, Grianghrafadóireacht agus go leor eile.

Mhainigh Áiteanna Cruthaitheacha Éadan Doire 6 Dheontas Chruthaitheacha €500 an ceann sa Phobal agus 3 Choimisiún Ealaíontóirí idir €4500 - €12,000.

TACAÍOCHTAÍ D'FHORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH D'EALAÍONTÓIRÍ

● **Ionad Scríbhneoirí na hÉireann – Clár Náisiúnta Meantóireachta**

Ghlac Uíbh Fhailí páirt i gclár náisiúnta tacaíochta do scríbhneoirí a d'eagraigh Ionad Scríbhneoirí na hÉireann, a roghnaigh ealaíontóirí ó áiteanna éagsúla ar fud na hÉireann le haghaidh clár náisiúnta meantóireachta.

● **Fóram Amharclannaíochta**

Sa bhliain 2023, chuir Uíbh Fhailí 3 sparánacht ar fáil d'ealaíontóirí amharclannaíochta chun freastal ar an bhFóram Amharclannaíochta ag Tóstal Phort Láirge a réachtáladh i gCathair Phort Láirge. Cuireann an t-imeacht líonraithe seo ar chumas ealaíontóirí amharclannaíochta áitiúla líonrú a dhéanamh agus cleachtas agus scileanna a chomhroinnt le daoine eile san earnáil ag imeacht náisiúnta

NA HEALAÍONA AGUS SLÁINTE

Cuireann **Anam Beo**, eagraíocht Ealaíon agus Sláinte Uíbh Fhailí, cuimsiú ealaíon chun cinn trí thionscadail ealaíon cuimsitheach a sheachadadh do dhaoine scothaosta i suíomhanna pobail agus cúraim.

TIONSCADAIL ÉIRE ILDÁNACH

Lean Oifig na nEalaíon ar aghaidh ag obair go dlúth le hÉire Ildánach mar bhall d'fhoireann Éire Ildánach ar thionscadail amhail na hEalaíona agus Daoine Scothaosta, tionscadail um Ghairmeacha Pobail Oscailte, Cónaitheacht Bheochana, Páirc Dealbhóireachta Loch na Buaráí.

“ Sa bhliain 2023, thug an Oifig Ealaíon faoi thionscadal fairsing cartlainne ina ndearnadh scrúdú ar ár gcomhaid le tríocha bliain anuas. ”

CÓNAITHEACHT BHEOCHANA

Tugadh tacaíocht do Chónaitheacht Scannán Beochana le linn 2023.

STRAITÉIS CUMARSÁIDE AR LÍNE

Leanann Oifig na nEalaíon ar aghaidh ag dul i dteagmháil leis an bpobal agus le healaíontóirí trínár n-ardáin ar líne agus sóisialta, Facebook, twitter agus trínár mbunachair shonraí fairsinge um dháileachán ríomhphoist.

TIONSCADAIL CHAIPITIL

● TRAITÉIS UM BONNEAGAR EALAÍON

Rinneadh Straitéis Uíbh Fháilí um Bonneagar Ealaíon, arna cur le chéile ag People Places Consulting: Caoimhín Corrigan agus Siobhán O'Malley, a dhaingniú agus a fhoilsiú Sa bhliain 2023. Déantar scrúdú sa straitéis ar conas is féidir Bonneagar Ealaíon Uíbh Fháilí (idir bhonneagar atá ann cheana féin agus bhonneagar beartaithe) a fhorbairt ar bhealach comhoibritheach comhoiriúnaithe, rud a fhágann go mbeidh líonra comhtháite, comhlántach agus féinchothabhálach de bhonneagar ealaíon ann chun leasa an chontae ar fad.

● STRAITÉIS UM BONNEAGAR EALAÍON UÍBH FHAILÍ, 2024-2028

Sa bhliain 2023, rinneadh obair chun straitéis nua a fhorbairt do na hEalaíona in Uíbh Fháilí don tréimhse 2024-2028, straitéis atá ag teacht leis an **Straitéis um Bonneagar Ealaíon 2023-2028**.

● IONAD AMHARCLANNAÍOCHTA AGUS EALAÍON BHIORRA

Lean Amharclann & Ionad Ealaíon Bhiorra ar aghaidh ag cur clár leathan ealaíon ar fáil trína shéasúr léirithe bliantúil, trína thionscadail pobail foghlama agus for-rochtana agus mar lárionad gorlainne agus riaracháin, a bhuí le maoiniú méadaithe arna chur ar fáil ag an gComhairle.

● IONAD EALAÍON NA HEASCRACH

Ó d'oscail Uachtarán na hÉireann, Michael D Higgins, Ionad Ealaíon na hEascrach go hoifigiúil i mí an Mheithimh 2023, reáchtáladh clár imeachtaí bríomhar agus spreagúil Sa bhliain 2023 a fuair an-aitheantas ón bpobal i bhfianaise an lín daoine a d'fhreastail ar a gclár nuálach.

● PÁIRC DEALBHÓIREACHTA LOCH NA BUARÁI

Leagtar amach sa Mheabhrán Comhaontaithe sínithe idir Comhairle Chontae Uíbh Fháilí agus Bord na Móna (BNM) an cur chuige comhpháirtíochta a éascaíonn treo coimeádaíochta na Páirce Dealbhóireachta amach anseo, chomh maith le struchtúir rialachais agus bainistíochta a fheabhsú.

● SPÁS LEABHARLAINNE AGUS EALAÍON ÉADAN DOIRE

Lean Oifig na nEalaíon ar aghaidh ag obair i gcomhar le Seirbhís Leabharlainne Uíbh Fháilí chun pleananna a fhorbairt le haghaidh spás ealaíon agus stiúideonna ilchuspóireacha a ionchorprú agus leabharlainne nua á pleanáil d'Éadan Doire.

Gníomhú ar son na hAeráide, an Comhshaol & Uisce Tuaithe



Gníomhú ar son na hAeráide

Sheol an tAire Eamon Ryan TD an clár Plean um Gníomhú ar son na hAeráide ar fud na hearnála údaráis áitiúil, ag cur tús le próiseas pleanála reachtúil a mhairfidh 12 mhí, inar ceanglaíodh ar gach Údarás Áitiúil ar leith a bPlean 5 bliana um Gníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt agus a ghlacadh i mí Feabhra 2024. Sainithníodh ról an Chomhordaitheora um Gníomhú ar son na hAeráide agus ról an Oifigigh um Gníomhú ar son na hAeráide de réir an chláir cúig bliana seo. I measc na mbuaicphointí, tá na héachtaí seo a leanas:

- Lean Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ar aghaidh ag cur leis na 6 mhí d'obair ullmhúcháin a críochnaíodh roimh an seoladh seo trí dhul i dteagmháil le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha agus a ndr éacht-Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide á fhorbairt acu trí chomhoibriú forleathan a dhéanamh le comhairleoirí comhshaoil. Rinne comhaltaí tofa Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí an dréachtphlean a fhaomhadh le dul faoi chomhairliúchán poiblí ag cruinniú mhí Dheireadh Fómhair agus mhair an próiseas foirmiúil comhairliúcháin go dtí an 6 Nollaig 2023. Rinneadh athbhreithniú agus breithnithe cúramach ar na haighneachtaí. (Ghlac na comhaltaí tofa leis an bplean deiridh i mí Feabhra 2024.)
- Cuireadh i bhfeidhm ár Straitéise Oiriúnaithe don Athrú Aeráide 2019, ag tuairisciú i mí Dheireadh Fómhair 2023 go raibh 91% dár 88 gníomh sonraithe curtha i gcrích nó go raibh siad fós ar siúl. Reáchtáladh 8 gcrúinniú den Ghrúpa Stiúrtha um Gníomhú ar son na hAeráide le linn 2023.
- Leanadh ar aghaidh leis an gclár oiliúna um Gníomhú ar son na hAeráide, agus tosaíodh leis an gcolún “Gníomh a Sheachadadh” a chur i bhfeidhm don fhoireann allamuigh.
- Seoladh an “Ciste Pobail um Gníomhú ar son na hAeráide” de €444,000 (céim 1) agus fuair tionscadail rathúla maoiniú 100% i dtreo tionscadail um gníomhú ar son na haeráide.
- Rinneadh iarratas ar 11 Phointe Luchtaithe ardluais do Chairr Leictreacha faoin Scéim Luchtaithe Saoráidí Pobail EUJTF ag láithreacha

lena n-áirítear leabharlanna, páirceanna, moil oibre, oifigí Ceantair Bhardasacha, páirceanna gnó, ionaid fóillíochta, stáisiúin dóiteáin agus muiríní mar chuid den aighneacht faoin scéim €15m seo.

- Deimhníodh sa bhliain 2023 gur bhain Comhairle Chontae Uíbh Fhailí éifeachtúlacht fuinnimh 40% amach, de réir torthaí ár dtuarascáil bliantúla reachtúla fuinnimh d’Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Tá ag leanúint ar aghaidh leis an obair i dtreo na sprice sainordaithe 50% éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030, lena n-áirítear cur i bhfeidhm chlár “Pathfinder” de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a dhéanann páirtmhaoiniú ar bhearta iarfheistithe doimhne ar fhoirgnimh poiblí.
- An feachtas feasachta foirne “Fuinneamh Uíbh Fhailí” agus roghanna inbhuanaithe a chur ar fáil in ionad cupáin aonúsáide in Áras an Chontae.

AN COMHSHAOL

Tá an Rannóg Comhshaoil i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí freagrach as raon leathan feidhmeanna comhshaoil lena n-áirítear monatóireacht, forfheidhmiú agus bainistíocht a dhéanamh ar fhorbairtí nua a chuimsíonn aer, torann, dramháil agus cáilíocht an uisce.

Bainistíocht Dramháiola

Rialaítear saoráidí dramháiola agus bailitheoirí dramháiola in Uíbh Fhailí faoin Acht um Bainistiú Dramháiola agus na Rialacháin ghaolmhara. Rinne an Chomhairle monatóireacht/forfheidhmiú ar a 2 Dheimhniú Clárúcháin reatha agus 12 Chead Saoráide Dramháiola. Ní mór monatóireacht a

dhéanamh ar gach údarú chun comhlíonadh lena n-oibleagáidí reachtúla a sheiceáil.

Ionchúisimh

D'éirigh le Rannóg an Chomhshaoil 11 cás a thabhairt os comhair na cúirte faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, faoi dhá alt den Acht go príomha, a bhaineann le dramhaíl a bhainistiú agus a stóráil go mí dhleathach (Alt 55), truailliú comhshaoil a chruthú agus dramhaíl a aistriú chuig bailitheoir dramhaíola neamhúdaraíthe (Alt 32). Áiríodh leis na pionóis fíneálacha idir €100-€2,000, chomh maith le téarmaí príosúnachta.

Líonadh Talún Dhoire Cluthar

Tá monatóireacht agus na cláir iniúchta go léir riachtanach chun riachtanais cheadúnas an EPA a chomhlíonadh, ach is ualach airgeadais fós iad costais iarchúraim an líonta talún. Rinneadh athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí agus ar threalamh ag an líonadh talún chun costais a bhaineann le láisteáit a chóireáil, gás a laghdú agus aois na gcóras reatha a dhéanann monatóireacht ar láisteáit agus ar ghás ag an líonadh talún ar mhaithe le costais a bhainistiú.

Saoráidí Athchúrsála

Tá 38 ionad fág anseo do ghloine, do channaí alúmanaim & cruach á seirbhísiú ag Glassco Ltd, agus is é Coppertale Ltd a dhéanann seirbhísiú do na hionaid teicstíle.

Ionaid Fóntas Sibhialta

Feidhmíonn agus bainistíonn Oxigen 3 Ionad Fóntas Poiblí - i mBiorra, i nDoire Cluthar agus in Éadan Doire. Gearrtar táille ar úsáideoirí seirbhísí as na hionaid a úsáid, seachas i gcás earraí WEEE a nglactar leo saor in aisce.

Bainistíocht Bruscair

Lean Foireann Bainistíochta Bruscair na Comhairle ag tabhairt aghaidh ar na fadhbanna a bhaineann le bruscar, diúscairt mhídhleathach agus dumpáil mhídhleathach le linn 2023 trí reachtaíocht ábhartha a fhorfheidhmiú (An tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, agus Fodhlíthe um Dheighilt agus Cur i Láthair Dramhaíola) agus feachtais feasachta, lena n-áirítear tionscnaimh arna maoiniú faoi Scéim an Tionscnaimh Frithdhumpála 2023 arna riar ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Scéim Deontais Frithbhruscair & Frithghraifítí 2023

Chuir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide €16,000 ar fáil do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí i dtreo na Scéimeanna Deontais Frithbhruscair agus Frith-Ghaifítí (soláthraítear 30% breise ón mbuiséad Comhshaoil).

Deontas Frithdhumpála

Chuir Comhairle Chontae Uíbh Fhailí isteach ar 3 thionscadal faoin Tionscnamh Frithdhumpála



do 2023 agus fuair sí maoiniú 100% de €72,452 le haghaidh Glantacháin (€29,313), Feachtas Feasachta Raidió (€11,934) agus méadú ar Araidí Bruscair um Dhlúthúchán Gréine ar fud an chontae (€31,204) – tá siad i 15 láthair anois.

Bainistíocht ar Cháilíocht an Aeir

Forbraíodh feachtais feasachta agus cigireachtaí forfheidhmithe maidir leis na Rialacháin um Breosla Soladach le linn 2023. Feidhmíonn an Chomhairle trí mhonatóir ar cháilíocht an aeir in Éadan Doire, i dTulach Mhór agus i mBiorra a dhéanann ábhar cáithníní agus gáis a thomhas. Ullmhaíodh tuarascálacha míosúla bunaithe ar thorthaí na monatóirí seo agus déantar achoimre iontu ar cháilíocht an aeir in Uíbh Fhailí.

Bainistíocht Torainn

Tá sé mar aidhm ag an Treoir maidir le Torann Comhshaoil (2002/49/CE) córas uile-Eorpach a chur i bhfeidhm chun foinsí torainn comhshaoil a shainaithint, an pobal a chur ar an eolas faoi shonraí torainn ábhartha agus na bearta is gá a ghlacadh chun neamhchosaint ar thorann a sheachaint, a chosc agus a laghdú. Ullmhaíodh an Plean Gníomhaíochta Torainn reatha d’Uíbh Fhailí de réir na Rialachán maidir le Torann Comhshaoil agus tá sé dírithe ar bhainistíocht straitéiseach fhadtéarmach a dhéanamh ar thorann comhshaoil, torann bóithre sa chontae go príomha. Leanann Rannóg an Chomhshaoil ar aghaidh ag freagairt do ghearáin ina líomhnaítear núis torainn.

Cáilíocht Uisce

An Chreat-treoir Uisce

D’oibrigh Foireann na Creat-treorach Uisce go dlúth

le Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil réigiúnach (LAWPRO) ar cháilíocht an uisce sa bhliain 2023, lena n-áirítear cur i bhfeidhm clár beart faoin gCreat-treoir Uisce, go háirithe maidir le talmhaíocht, tionscail neamhshéaraithe agus dabhcha séarachais.

● Cigireachtaí ar Dhabhcha Séarachais

Rinneadh 25 cigireacht ar an gCóras Cóireála Fuíolluisce Baile i gcrích mar chuid den chlár náisiúnta cigireachtaí ar dhabhcha séarachais arna leagan amach ag an nGníomhaireacht amach ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Bhí 19 de na cigireachtaí sin i gcomhréir le Fógraí Comhairleacha a eisíodh, agus bhain 6 cinn de na cigireachtaí le suíomhanna neamhchomhlíontacha.

● Ceadúnú Doirte san Uisce

Tá 11 cheadúnas doirte san uisce maidir le heisilteach trádála agus camrais ó thionscail neamhshéaraithe. Tá scagadh déanta ar na ceadúnais seo go léir lena chinntiú go bhfuil na coinníollacha a ghabhann leo ag teacht leis an obair chun oibleagáidí cáilíochta uisce na Comhairle a bhaint amach.

FEASACHT COMHSHAOIL

Na Scoileanna Glasa

Leanann Uíbh Fhailí ar aghaidh ag tacú Clár na Scoileanna Glasa i ngach saoráid oideachais laistigh dá limistéar trí cheardlanna, cuairteanna agus cúnamh airgeadais a chur ar fáil do thionscnaimh chomhshaoil. Reáchtáladh seimineár oiliúna do mhúinteoirí i mí Dheireadh Fómhair agus cuireadh tionscnamh nua ar bun ar bhonn píolótach i 3 bhunscoil agus i gCoiste amháin de chuid na

“ Forbraíodh feachtais feasachta agus cigireachtaí forfheidhmithe maidir leis na Rialacháin um Breosla Soladach le linn 2023. ”

mBailte Slachtmhara (Bailte Slachtmhara Phollaigh), ar a dtugtar Múiríniú

ar mhaithe le hÉirinn. Roghnaíodh Scoil Sheosaimh san Ardán, Tulach Mhór, Scoil Mhuire i gCluain na nGamhan agus Scoil Náisiúnta Ghéisille mar scoileanna pólótacha. Cuireadh modúil ar líne agus ar an láthair ar fáil do gach scoil díobh, chomh maith le ceardlann ar an láthair chun piastlann a thógáil do na scoileanna agus múiríniú pobail a dhéanamh do Choiste Bhailte Slachtmhara an Phoill.

Gearáin maidir leis an gComhshaol

In 2023, fuarthas agus imscrúdaíodh 980 Gearán maidir leis an gComhshaol. Fiosraíodh go léir iad ar bhonn tráthúil agus cuireadh i gcrích iad nuair ab fhéidir. Tugtar miondealú ar na gearáin anseo thíos:

Catagóir an Ghearáin	Líon a fuarthas agus imscrúdaíodh
Seirbhísí Uisce	1
Cáilíocht Uisce	39
Feithiclí Tréigthe	16
Truailliú Aeir	28
Rialú Madraí	73
Rialú Capall	21
Ainmhithe Marbha	13
Rialú Bruscair	665
Truailliú ó Thorann	22
Forfheidhmiúchán Dramhaíola	102
IOMLÁN	980

SEIRBHÍSÍ UISCE & UISCE TUAITHE

Leanfaidh an tÚdarás Áitiúil ar aghaidh ina ról mar Údarás Seirbhísí Uisce don Earnáil Uisce Tuaithe, ó thaobh an Chláir Uisce Tuaithe a riar agus a bhainistiú. Tá ról suntasach ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí i nGrúpscéimeanna Uisce, i.e. scéimeanna atá faoi úinéireacht agus faoi oibriú príobháideach. Leanann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ar aghaidh ag riar deontas agus fóirdheontas, chomh maith leis an sainchúram a bheith uirthi tástáil a dhéanamh ar sholáthar uisce na nGrúpscéimeanna, Soláthairtí Beaga Príobháideacha, agus ag cinntiú go bhfuil an t-uisce sábháilte le hól, faoi na Rialacháin um Uisce Óil. Níl an Chomhairle freagrach, áfach, as

piobáin ghrúpscéimeanna agus córais scagacháin a chothabháil.

Leanann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ar aghaidh ag riar gach gné de Dheontais Toibreacha, Deontais Feabhsúcháin Luaidhe, agus Deontais Chórais Cóireála Fuíolluisce Tí.

Ciallaíonn ról Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí mar Údarás Seirbhísí Uisce go bhfuil deis ann leibhéal gníomhaíochta seirbhísí uisce a choinneáil laistigh den Rialtas Áitiúil, chun infheistíocht i seirbhísí uisce go háitiúil a thacú agus a chomhordú, agus tionchar a imirt ar bheartas sa todhchá. Ligeann scaradh na feidhme seo ón tairiscint níos leithne a bhain leis na Seirbhísí Uisce d'údaráis áitiúla roinnt scileanna agus cumais a choinneáil ó thaobh tástáil uisce agus tástálacha gaolmhara eile amach anseo.

Clár Uisce Tuaithe

Íocadh Fóirdheontais Grúpscéimeanna Uisce arbh fhiú €1,072,067 iad le 15 Ghrúpscéim Uisce. Cabhraíonn an Chomhairle le Grúpscéimeanna Uisce ó thaobh maoinithe do thionscadail chaipitiúla freisin toisc go bhfuarthas breis is €2m de mhaoiniú do 24 tionscadal ar leith, ó bhearta sláinte poiblí go cónascadh grúpscéimeanna uisce. Cuirtear an maoiniú do na tionscadail seo ar fáil faoin gClár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe.

Deontais Chórais Cóireála Fuíolluisce Tí (DWWTS)

Tá leasuithe dlite in 2024 a chuirfidh deireadh leis an gceanglas maidir leis an dabhach séarachais a chlárú agus a mhéadóidh an deontas go 85% de chostais incheadaithe suas go huasmhéid de €12,000. Tá an deontas dírithe ar chosaint uisce dromchla agus screamhuisce (foinsí uisce óil go háirithe).

Deontais Toibreacha

Tá deontais ar fáil ó Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí chun cabhrú le feabhas a chur ar sholáthar uisce do theach aonair príobháideach (ciallaíonn sé seo soláthar uisce a sholáthraíonn uisce chun críocha uisce óil agus chun críocha tí nach bhfreastalaíonn ach ar theach amháin). Íocadh amach 21 deontas Uisce Tí in 2023 arbh fhiú €65,549.95 iad.



Deontais Leasúcháin Luaidhe

Tá deontais ar fáil chun cabhrú le teaghlaigh leis an gcostas a bhaineann le píopaí agus feisteas luaidhe a athsholáthar laistigh de theorainneacha na maoinne. Tá an deontas ar fáil má fhaigheann tú soláthar uisce ó sholáthraí uisce poiblí nó príobháideach, suas go huaschostas €5,000.

Seirbhísí Uisce

Tá Uisce Éireann i gceannas ar bhainistíocht agus ar stiúradh Fhoireann Seirbhísí Uisce Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí ón 26 Iúil 2023, dáta ar a dtugtar an ‘Dáta Éifeachta’. Ó shin i leith, tá Uisce Éireann freagrach go hiomlán as seirbhísí uisce agus fuíolluisce poiblí a sholáthar.

REILIGÍ

Tá 187 reilig i gContae Uíbh Fhailí, agus tá 66 díobh faoi úinéireacht Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí. Tá 21 reilig ar oscailt agus á n-oibriú ag an gComhairle faoi láthair - tá an chuid eile de na reiligí dúnta (gan aon spásanna uaigne fágtha iontu) ach uaireanta bíonn cead adhlacthaí a dhéanamh i gcuid díobh seo, agus táimid freagrach as ár gcuid reiligí a sholáthar agus a leathnú.

Tá go leor dár reiligí á gcothabháil go hardchaighdeán ag coistí deonacha áitiúla agus fuair 17 gcoiste reilige deontais arbh fhiú €30,000 san iomlán iad chun a gcuid reiligí áitiúla a chothabháil agus a fheabhsú.

TRÉIDLIACHT

Déanann an Chomhairle bainistiú ar Rialú Madraí agus Capall tríd an Rannóg Tréidliachta i gcomhréir leis an Acht um Rialú Madraí, 1986, an tAcht um Rialú Capall 1996, an tAcht um Bunachais Pórúcháin

Madraí, 2010 agus an tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013.

In 2023, thug an fhoireann um Rialú Madraí aire do 313 madraí inár dTearmann Madraí, méadú thart ar 10% bliain ar bhliain. Ar an meán, thóg a n-úinéirí thart ar 15% de na madraí ar ais, fuair carthanachtaí leasa madraí baile nua do thart ar 70% díobh agus fuair an fhoireann um Rialú Madraí baile nua do thart ar 15% díobh go díreach ón Tearmann Madraí. Dhéileáil an fhoireann um Rialú Madraí le 72 gearán in 2023 agus fuair siad 2 ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche faoin reachtaíocht thuasluaite.

Pobal & Cultúr



Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Uíbh Fhailí



Bunaíodh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Uíbh Fhailí faoin Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014 chun cur chuige comhleanúnach agus comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm maidir le forbairt áitiúil agus pobail sa Chontae. Reáchtáladh 11 chruinniú le linn 2023 agus tá ballraíocht an choiste leagtha amach anseo thíos:

Leasanna Reachtúla (9)		
Earnáil	Ainm an Chomhalta	Eagraíocht
Comhaltaí Tofa an Údaráis Áitiúil	An Clr. John Leahy (Cathaoirleach)	Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
	An Clr Declan Harvey	Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
	An Clr. Noel Cribbin	Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Oifigigh de chuid an Údaráis Áitiúil	Anna Marie Delaney	Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
	Orla Martin, Ceann Fiontair	Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Gníomhaireachtaí Stáit	Celine Kirwan	An Roinn Coimirce Sóisialaí
	Anne-Marie Keane	Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí
	Con Feighery	Teagasc
	Ann Sheerin	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Leasanna Neamhrechtúla (10)		
Earnáil	Ainm an Chomhalta	Eagraíocht
Líonra Rannpháirtíochta Pobail	Sylvia Sweeney (Leas-Chathaoirleach)	Earnáil Phobail & Deonach
	Fiona Fitzpatrick	Earnáil Phobail & Deonach
	Deirdre Arnold	Earnáil um Chuimsiú Sóisialta
	Olive O'Sullivan	Earnáil um Chuimsiú Sóisialta
	Rebekah Keaveny	Earnáil an Chomhshaoil
Forbairt Áitiúil agus Pobail	Brendan O'Loughlin	Comhlacht Forbartha Comhtháite Áitiúla Uíbh Fhailí
Leasanna Sochaí Sibhialta nó Pobail Áitiúil Eile	Mark Cronin	Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
	Richard Scally	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
	Fechin Daly	Leas Gnó
	Philip O'Brien	Margaíocht Turasóireachta Uíbh Fhailí (CTR)

Rinne an CFPÁ na príomhthosaíochtaí seo a leanas a chur chun cinn agus a fhorbairt in 2023:

- Cur i bhfeidhm Straitéis Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí agus Clár Forbartha Tuaithe LEADER 2014-2022, lena n-áirítear maoiniú Chlár Idirthréimhseach EURI 2021-2022 agus maoiniú Chlár LEADER a cheadú;
- Cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú ar an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail 2018-2023;
- Cur i bhfeidhm Buiséad Freagartha na hÚcráine 2023 ón gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail;
- Straitéis Forbartha Áitiúil 2023-2027 maidir le leas an CFPÁ ó thaobh an Clár LEADER 2023-2027 a sheachadadh a chur faoi bhráid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail;
- An próiseas soláthair agus meastóireachta do Chlár nua um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail 2024-2028 a chur i gcrích;
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta Pobail 2024-2029 a ullmhú;
- Ciste Tacaíochta Pobail 2023 agus Ciste Aitheantais Pobail 2023/24 a chur i bhfeidhm agus an Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2024 faoi Chlár Feabhsaithe Pobail Uíbh Fhailí a sheoladh;
- Fóram Freagartha Pobail na hÚcráine a reáchtáil;
- Gníomh 6.3 de Leithdháileadh Chiste na gCuntas Díomhaoin 2023 'Straitéis Náisiúnta Cuimsithe LADTI+' a chur i bhfeidhm;
- Tacaíocht a sholáthar don earnáil phobail agus guth a thabhairt di trí Líonra Rannpháirtíochta Pobail Uíbh Fhailí;
- Ciste Éire Shláintiúil Uíbh Fhailí a chur i bhfeidhm;
- Stádas sláinte agus gníomhaíocht fhisiciúil mhuintir Uíbh Fhailí a chur chun cinn agus a fheabhsú ag Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí.

Is é Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Uíbh Fhailí an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta ainmnithe agus tá sé freagrach as clár Forbartha Tuaithe LEADER 2014-2022 a sholáthar, lena n-áirítear Clár Idirthréimhseach EURI LEADER 2020-2022 sa Chontae agus as Cistiú LEADER a cheadú. Is í Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí an Comhpháirtí Cur Chun Feidhme.

Le linn na tréimhse 2016-2023, infheistíodh breis is €8.8m de mhaoiniú LEADER i 317 tionscadal nuálach pobail agus fiontair phríobháideacha ar fud Uíbh Fhailí, ag díriú ar chuimsiú sóisialta, laghdú na bochtaineachta agus forbairt eacnamaíoch i gceantair thuaithe agus leantar ar aghaidh leis an gcaiteachas ar na tionscadail sin.



Tugtar miondealú mionsonraithe ar Cheadú Thionscadail LEADER agus Caiteachas ar Éilimh do 2023 sa tábla thíos:

TÉAMA	FO-THÉAMA	Clár CFT Idirthréimhseach LEADER			Cistiúchán EURI		
		Líon Tionscadal a Cheadaíodh Eanáir - Nollaig 2023	Ceadú Tionscadal, 2023	Éileamh Caiteachas 2023	Líon Tionscadal a Cheadaíodh Eanáir - Nollaig 2023	Ceadú Tionscadal, 2023	Éileamh Caiteachas 2023
Forbairt Eacnamaíoch	Turasóireacht Tuaithe	0	€0.00	€127,378.18	1	€9,000.00	€0.00
	Forbairt Fiontar	0	€0.00	€39,153.90	0	€0.00	€139,191.09
	Bailte Tuaithe	0	€0.00	€97,559.93	0	€0.00	€6,000.00
	Leathanbhanda	0	€0.00	€40,000.00	0	€0.00	€0.00
Cuimsiú sóisialta	Seirbhísí Bunúsacha	1	€11,319.99	€393,748.47	0	€0.00	€0.00
	Óige na Tuaithe	0	€0.00	€7,389.75	0	€0.00	€0.00
Comhshaol Tuaithe	Acmhainní Uisce	0	€0.00	€0.00	0	€0.00	€0.00
	Bithéagsúlacht	1	€47,268.00	€47,895.00	0	€0.00	€18,000.00
	Fuinneamh in-athnuaite	2	€60,762.81	€47,734.32	0	€0.00	€0.00
IOMLÁN		4	€119,350.80	€800,859.55	1	€9,000.00	€163,191.09

Aithnítear agus táthar an-bhuíoch as an obair dhícheallach a rinne gach duine a bhfuil baint acu le Clár LEADER go dtí seo agus tá buíochas ó chroí á ghabháil go háirithe le Cathaoirleach agus le baill CFPÁ Uíbh Fhailí, Tionscnóirí an Tionscadail, baill an Choiste Measúnaithe, Comhpháirtí Cur Chun Feidhme, Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí agus foireann na Rannóige Pobail i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí.

AN CLÁR UM CHUIMSIÚ SÓISIALTA & GNÍOMHACHTÚ POBAIL 2018- 2023

Is é an Clár um Chuimsiú Sóisialta & Gníomhachtú Pobail príomhchlár an Rialtais um chuimsiú sóisialta an Rialtais agus cuireann sé cistiúchán ar fáil chun dul i ngleic leis an mbochtanas agus eisiámh sóisialta ag leibhéal áitiúil trí rannpháirtíocht agus comhpháirtíochtaí idir daoine aonair faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail agus gníomhaireachtaí san earnáil phoiblí a chothú. Tá sé mar aidhm ag an gClár aghaidh a thabhairt ar leibhéal

arda agus leanúnacha díothachta agus tacú leo siúd agus díriú orthu siúd atá faoi mhíbhuntáiste, atá ar na daoine is deacra a bhaint amach agus is lú seans go n-úsáidfidh siad seirbhísí príomhshrutha, trí leas a bhaint as cuir chuige spriocdhírthe agus nuálacha faoi stiúir áitiúil. Is é an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a mhaoiníonn an Clár um Chuimsiú Sóisialta & Gníomhachtú Pobail, le cómhaoiniú ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) mar chuid den Chlár CSE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL). Baineann réimsí tosaíochta infheistíochta PEIL le gníomhachtú daoine dífhostaithe, cuimsiú sóisialta agus margadh saothair, oideachas agus fostaíocht don aos óg.

Is é Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Uíbh Fhailí an tÚdarás Conarthach don Chlár SICAP agus déanann sé maoirsiú, comhordú agus bainistiú ar sheachadadh SICAP agus stiúirann sé maoiniú chuig Feidhmeoir an Chláir. Is é Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí Feidhmeoir an Chláir a sheachadann SICAP ag leibhéal áitiúil de réir an Phlean Bhliantúil,

a oibríonn le spriocghrúpaí agus tairbhíthe, agus a thuairiscíonn don CFPÁ ar dhul chun cinn maidir le gníomhartha a chur i gcrích agus spriocanna a bhaint amach.

Tá an CFPÁ freagrach as monatóireacht athbhreithniú agus pleanáil bhliantúil a dhéanamh ar an gClár SICAP arna mhaoiniú go náisiúnta. Ba ionann an Leithdháileadh Maoinithe SICAP do 2023 agus €927,791 agus b'ionann Leithdháileadh Freagartha na hÚcráine in 2023 agus €100,842, agus leithdháileadh €15,000 sa bhreis i mí Dheireadh Fómhair 2023. D'oibrigh Feidhmeoir an Chláir SICAP le 79 grúpa pobail áitiúil agus 644 duine aonair le linn 2023 ar fud an Chontae, ag neartú forbairt pobail, ag cur tacaíochtaí forbartha pearsanta agus folláine, chomh maith le hoideachas agus oiliúint a chur ar fáil agus daoine a ullmhú le haghaidh na fostaíochta. Tugadh roinnt tacaíochtaí don Spriocghrúpa um Riachtanais Éiritheacha do 2023, i.e. 'Pobail Nua'.

Tábla: Spriocanna Lot SICAP 2023

Spriocanna LOT Chontae Uíbh Fhailí (12-1)	Sprioc 2023	Bainte amach in 2023
Príomhtháscaire Feidhmíochta 1 Grúpaí Pobail	65	79
Príomhtháscaire Feidhmíochta 2: Daoine Aonair	469	644
% Príomhtháscaire Feidhmíochta 2 Ag Cónaí i gCeantair faoi Mhíbhuntáiste	32%	43.07%
Grúpa a bhfuil Riachtanais Éiritheacha aige:	Pobail Nua	

Tábla: Príomhtháscairí SICAP 2023

Príomhtháscairí SICAP Bainte Amach	2023
Daoine faoi mhíbhuntáiste ag obair ar bhonn duine le duine	202
Grúpaí Pobail ar tugadh cúnamh dóibh faoi SICAP	79
Leanaí a fuair tacaíocht oideachais nó forbartha	466
Faightheoirí tacaíochta fostaíochta	240
Daoine a chuaigh ar aghaidh chuig an fhéinhostaíocht	29

I rith na bliana, chuir an CFPÁ an méid seo a leanas i gcrích:

- Athbhreithniú Feidhmíochta Dheireadh na Bliana 2022.
- Plean Bliantúil SICAP a chur le chéile agus Plean Bliantúil SICAP 2023 a fhaomhadh.
- Athbhreithniú Feidhmíochta Lár-Bhliana ar SICAP 2023.

Bhí Plean Bliantúil SICAP 2024 mar chuid den phróiseas um Iarratas ar Thairiscint, soláthar agus measúnú do SICAP 2024-2028. Bunaíodh Grúpa Oibre um Chumasú Pobail, agus tugann na baill cúnamh maidir le cur i bhfeidhm agus monatóireacht SICAP agus tagann siad le chéile ar bhonn rialta i rith na bliana.



Social Inclusion & Community Activation Programme

BAILL DE GHRÚPA OIBRE SICAP UM POBAIL A CHUMASÚ:

Sylvia Sweeney (Cathaoirleach)	Earnáil Phobail & Dheonach Lónra Rannpháirtíochta Pobail Uíbh Fhailí
An Clr. Declan Harvey	Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Celine Kirwan	An Roinn Coimirce Sóisialaí
Ann Sheerin	FSS
Olive O’Sullivan	Lónra Rannpháirtíochta Pobail Uíbh Fhailí Earnáil um Chuimsiú Sóisialta
Deirdre Arnold (Leaschathaoirleach)	Lónra Rannpháirtíochta Pobail Uíbh Fhailí Earnáil um Chuimsiú Sóisialta
Paula Donovan	Tacaíocht CFPÁ
Louise Larkin	Tacaíocht Chuideachta Forbartha Áitiúla Uíbh Fhailí

CISTE NA gCUNTAS DÍOMHAOIN 2023

Tá freagracht ar an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail as roinnt gníomhartha sa Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú LADTI+, lena n-áirítear Gníomh 6.3 – Bearta a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh an bonneagar pobail atá ann cheana cuimsitheach i leith daoine LADTI+ agus go nglacfaidh sé leo agus breithniú a dhéanamh ar phreabsheirbhísí a sholáthar do dhaoine LADTI+.

Leithdháileadh €10,838.90 do CFPÁ Uíbh Fhailí faoin gciste seo agus forbrófar clár oibreacha agus cuirfear Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm chun tacú le Tionscadail LADTI+ i gContae Uíbh Fhailí faoi na bearta seo a leanas, lena n-áirítear for-rochtain, seirbhísí buail isteach, etc:

COMHAIRLE NA NÓG

Is í Comhairle na nÓg an struchtúr náisiúnta aitheanta do rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga (idir 12-17 mbliana d’aois) sa chinnteoireacht agus déanann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige í a mhaoiniú. Déantar í a riar i gcomhar le Pobal. Tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar úsáid Chiste Forbartha Chomhairle na nÓg agus as tuairisciú a dhéanamh ar an úsáid sin, agus tá an Chomhairle Contae freagrach go hiomlán as ról bainistíochta agus monatóireachta Chomhairle na nÓg.

Reáchtáil Comhairle na nÓg Uíbh Fhailí 15 chruinniú in 2023. Roghnaigh an Feidhmeannas Míchumas mar ábhar dá dtionscadal in 2022 agus 2023 agus rinne siad méid suntasach oibre chun feasacht a mhéadú. Chuaigh na comhaltaí i dteagmháil le Rannóg IS Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, Leabharlanna Uíbh Fhailí, Lónra Rannpháirtíochta Pobail Uíbh Fhailí agus ODEN (Lónra Comhionannais Míchumais Uíbh Fhailí) i measc eagraíochtaí eile.

I mí Dheireadh Fómhair 2023 tháinig breis agus 100 duine óg le chéile ag Óstán Chúirte Thulach Mhór le haghaidh Chomhdháil Chomhairle na nÓg Uíbh Fhailí.

D’fhreastail Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí agus comhaltaí Choiste Stiúrtha na Comhairle ar an imeacht freisin. Thug comhaltaí cuir i láthair maidir lena gcuid oibre in 2023.

Fuarthas breis agus 50 léiriú spéise le bheith páirteach i Lónra Rannpháirtíochta Pobail Uíbh Fhailí ag an gcomhdháil Óige.

Is iad seo a leanas roinnt buaicphointí ó 2023:

- I mí an Mhárta, chuir cúigear comhaltaí iad féin i láthair na Rúnaíochta um Chúnaimh do Réigiúin i mbun Aistrithe (START) i Seomra Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí mar Ghuth na hÓige – Cead Cainte maidir le hAistriú Cóir. Bhí comhrá idirghníomhach ann ina dhiaidh sin le baill na Comhairle maidir lena naisc teaghlaigh leis na tailte móna agus cuireadh tuairimí chun cinn maidir le hAistriú Cóir agus ionchais don todhchaí.

- D'fhreastail comhaltaí ar an Taispeántas Náisiúnta i bPáirc an Chrócaigh i mí Aibreáin agus cuireadh a gcuid oibre ar taispeántas agus bhuaíl siad le comhaltaí ó Chomhairlí eile. Cuireadh agallamh ar ionadaí ó Chomhairle na nÓg ar an stáisiún raidió Midlands 103 maidir leis an imeacht agus obair Chomhairle Uíbh Fhailí.
- Thairfead an grúpa Podchraoladh chun feasacht a chothú ar shaol an duine faoi Mhíchumas.
- Forbraíodh ceardlanna idirghníomhacha agus cuireadh ar fáil iad i scoileanna ar fud an chontae chun oideachas a chur ar dhaltaí, agus feasacht agus tuiscint ar mhíchumas de gach cineál a mhéadú.
- Chuaigh comhaltaí de chuid Chomhairle na nÓg Uíbh Fhailí i dteagmháil le FSS maidir le maoiniú a dhéanamh ar thionscadail agus eagraíochtaí a bhfuil sé mar aidhm acu meabhairshláinte agus folláine daoine óga idir 15-24 bliana d'aois a fheabhsú.
- I mí Dheireadh Fómhair rinneadh ionadaíocht ar Chomhairle na nÓg Uíbh Fhailí i measc na dtoscairí a d'fhreastail ar Chomhthionól Náisiúnta na hÉireann d'Óige na Tuath i gCaisleán Bhaile Átha Cliath chun plé a dhéanamh ar na dúshláin agus na deiseanna atá ann do dhaoine óga a ghlacann páirt sa tsochaí shibhialta faoin tuath in Éirinn agus chun moltaí a dhéanamh lena mbreithniú ag lucht déanta beartas tuaithe ar fud an Rialtais.
- I mí na Nollag, rinne comhaltaí na Comhairle cur i láthair ag Cruinniú an CBS um Sheirbhísí Pobail, Cultúir & Éigeandála. Rinne an cur i láthair cur síos ar chuspóir Chomhairle na nÓg agus chládaigh sé a gcuid oibre agus a ngnóthachtálacha in 2023.

FÓRAM FREAGARTHA POBAIL UÍBH FHAILÍ

Tá an Fóram Pobail comhdhéanta de raon príomhghníomhaireachtaí a oibríonn laistigh d'Uíbh Fhailí a thagann le chéile chun nuashonruithe a phlé maidir le dídeanaithe ón Úcráin atá ag teacht go dtí an Contae agus chun freagairtí cuí a chinntiú ó thaobh tacaíochtaí comhtháite do thithíocht, iompar, leighis, leas sóisialach, oideachas, fostaíocht, oiliúint agus comhtháthú sóisialta. Is iad seo a leanas na gníomhaireachtaí atá páirteach san Fhóram:

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí	An Garda Síochána
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	Nasc Áitiúil Laoise Uíbh Fhailí
Cuideachta Forbartha Áitiúla Uíbh Fhailí	Seirbhís Leabharlainne Uíbh Fhailí
Ionad Oibrithe Deonacha Uíbh Fhailí	Ionaid Acmhainní Teaghlaigh
Túsla	An tSeirbhís um Fhaisnéis do Shaoránaigh
Coiste Cúram Leanáí an Chontae	SVP
An Roinn Coimirce Sóisialaí	BOO Laoise Uíbh Fhailí
Cosaint Shibhialta	Líonra Rannpháirtíochta Pobail Uíbh Fhailí

Tháinig méadú de réir a chéile ar líon iomlán na nÚcránach in Uíbh Fhailí ó 419 in 2022 go 1,159 in 2023 agus tá siad lonnaithe i dTulach Mhór, i mBiorra, i gCúil an tSúdaire, i Muine Gall, i gCill Chormaic agus i nDroichead na Sionainne.

PLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL (PÁEP) 2024-2029





Is é seo an dara Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) Uíbh Fhailí. Áirítear na daoine seo a leanas ar bhallaíocht an Ghrúpa Stiúrtha Chomhairleach, a chuidíonn le hullmhú, dréachtú, glacadh, cur i bhfeidhm agus monatóireacht an PÁEP:

Ainm	Ionadaí ar:
Brendan O’Loughlin, Cathaoirleach	Cuideachta Forbartha Áitiúla Uíbh Fhailí
An Clr Eamon Dooley	Cathaoirleach ar an CBS um Úsáid Talún, Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta
An Clr John Clendennen	Cathaoirleach ar an CBS um Sheirbhísí Pobail, Cultúir & Éigeandála
Ann Dillon	DOS um Úsáid Talún, Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta
Sharon Kennedy	DOS um Sheirbhísí Tithíochta & Pobail

Anne Marie Keane	BOOLUF, Ainmní CFPÁ
Ann Sheerin, HSE	Ainmní CFPÁ
Rebekah Keaveney	Uíbh Fhailí Glas, Ainmní LCDC
Orla Martin	Ceann Oifig Fiontair Áitiúil Uíbh Fhailí
Lourda Giles	Príomhoifigeach CFPÁ
Lorraine Mitchell	Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach (Pleanáil Chun Cinn)

Le chéile, d’ullmhaigh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Uíbh Fhailí agus an CBS um Úsáid Talún, Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta an Dréacht-Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail. Is é an príomh-mheicníocht ag an leibhéal áitiúil ná gníomhartha ábhartha a eascraíonn as straitéisí agus beartais AE, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a aistriú chuig comhthéacs Chontae Uíbh Fhailí.

Ár Spriocanna Ardleibhéil

Pobail Chumhachtaithe Inbhuanaithe	Comhforbairt Áite Shláintiúil	Deis Eacnamaíoch	Gníomhú ar son na hAeráide
 <p>Beidh Uíbh Fhailí ina chontae</p> <p>A thacaíonn le pobail inbhuanaithe chuimsitheacha chumhachtaithe</p>	 <p>Cuirfidh Uíbh Fhailí feabhas ar an mbonneagar fisiceach agus sóisialta chun áiteanna atá sláintiúil agus tarrainreach le maireachtáil, le hoibriú agus le hinfheistiú ann a chruthú</p>	 <p>Déanfaidh Uíbh Fhailí a dhícheall deiseanna eacnamaíocha agus rathúnas a scaipeadh ar gach cuid den tsochaí</p>	 <p>abharfaidh Uíbh Fhailí aghaidh go réamhghníomhach ar an athrú aeráide agus oibreoidh sé chun astuithe a laghdú faoi 40% faoi 2030 agus tacú le haistriú go Réigiún Ísealcharbóin faoi 2050</p>

CISTE AITHEANTAIS POBAIL 2023

Sheol an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an Ciste seo de €669,691 le haghaidh tionscadal caipitil ar an 24 Eanáir 2023 agus é dírithe go sonrach ar thionscadail atá i bpobail, i mbailte agus i sráidbhailte a bhfuil líon mór dídeanaithe ón Úcráin á n-óstáil acu. Faomhadh 26 iarratas ar an iomlán le cur faoi bhráid na Roinne ag CFPÁ Uíbh Fhailí agus fuarthas €636,206. Comhaontaíodh Comhaontuithe Maoinithe idir Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus na hiarratasóirí ar éirigh leo.

CISTE TACAÍOCHTA POBAIL 2023

Faomhadh Uíbh Fhailí chun Ciste arbh fhiú €283,843 é a fháil a bhí á bhainistiú ag CFPÁ Uíbh Fhailí. Fuair 188 iarratas ar an iomlán faomhadh deontais faoi na catagóirí seo a leanas:

1. €144,791 Costais reatha neamhphá amhail costais fuinnimh
2. €136,064 Deisiúcháin chaipitil agus feabhsúcháin ar shaoráidí / ceannach trealaimh / uasghráduithe ar an Soilsíú LED
3. €2,988 Botháin na mBan Costais Reatha Neamhphá

Rinne fochoiste de chuid an CFPÁ measúnú ar na haighneachtaí agus cheadaigh an CFPÁ iomlán a gcuid moltaí.

COMHAONTAS AOISBHÁ UÍBH FHAILÍ

Le linn 2023, bhí obair ar bun ar fhorbairt na dara Straitéise Aoisbhá 2024-2029. Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas i measc na ngníomhaíochtaí eile a rinneadh:

- Reáchtáil Comhaontas Aoisbhá Uíbh Fhailí Ceardlann um Ghníomhú ar son na hAeráide i Loch na Buaráí i gcomhar le hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO).
- Rinneadh Iniúchadh Insiúltachta i gCill Chormaic.

Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair chun Clóirtheach a fhorbairt mar bhaile Aoisbhá Píolótach mar chuid de Phlean Lár Bhaile Chlóirtheach.

Is í **Líonra Rannpháirtíochta Pobail Uíbh Fhailí** an príomhnasc trína ndéanann an tÚdarás Áitiúil ceangal agus comharliúchán leis na hearnálacha pobail, deonacha, cuimsiú sóisialta agus comhshaoil.

Tagann Rúnaíocht Líonra Rannpháirtíochta Pobail Uíbh Fhailí le chéile aghaidh ar aghaidh ar bhonn míosúil chun obair an PPN a threorú agus a stiúradh thar ceann na gComhaltaí ar fad. Tagann comhaltaí na Rúnaíochta le chéile le foireann bainistíochta Rannóg Pobail Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí ar bhonn ráithiúil.

Scaipeann an Líonra Rannpháirtíochta Pobail faisnéis ó pheirspictíocht áitiúil agus náisiúnta agus roinntear faisnéis go leathan ar fud earnáil an Phobail a léiríonn riachtanais a chomhaltaí. Tugtar tacaíocht do ghrúpaí dul isteach sa Líonra Rannpháirtíochta Pobail, ag fáil rochtana ar dheontais Ceantar Bardasach, ar thionscadail athnuachana Bailte & Sráidbhailte, ar an gClár Feabhsaithe Pobail agus ar mhaoiniú CLÁR agus deiseanna eile. Reáchtáiltear cruinniú iomlánach san Earrach, ag éirí as cruinnithe na gCeantar Bardasach agus reáchtáiltear ceann eile san Fhómhar. Cuireann cruinnithe na gCeantar Bardasach agus Cruinnithe Iomlánacha an Fhómhair bonn eolais faoin bplean oibre don bhliain dár gcionn.

Tugtar cúnamh do ghrúpaí freisin le fiosrúcháin, lena n-áirítear clárúchán Ioncaim/Cánach agus Imreiteach Cánach chun deontais a tharraingt anuas. Comhoibrímid freisin le rannóga eile agus le heagraíochtaí seachtracha ar réimsí oibre. San Earrach agus san Fhómhar, bíonn an Líonra Rannpháirtíochta Pobail ina óstach ar chruinnithe na gCeantar Bardasach. Tá ár láithreach ar na meáin shóisialta ag méadú, idir ár suíomh gréasáin, Facebook, X agus Instagram.

Tugtar faoi imeachtaí oiliúna aghaidh ar aghaidh agus ar líne i rith na bliana ar raon ábhar, lena n-áirítear Maoiniú, scileanna Coiste, Cumarsáid Ar Líne agus Réamh-mheastacháin Buiséid. Tá eolas a thabhairt do bhallaíochtaí an Líonra Rannpháirtíochta Pobail agus ionadaíocht a dhéanamh orthu, agus cumas na mball a fhorbairt i measc na bpríomhghnéithe de shainchúram an Líonra Rannpháirtíochta Pobail. Beidh na nithe seo fós ina dtosaíochtaí don bhallaíochta atá os cionn 645 aois. Tá breis is 100 páirtí leasmhar eile ar an liosta seoltaí. Tá Líonra Rannpháirtíochta Pobail Uíbh Fhailí ina bhall den Líonra Rannpháirtíochta Pobail Réigiúnach Lár Tíre agus tagann siad le chéile ar bhonn ráithiúil chun líonrú a dhéanamh agus tionscadail traschontae a



sheachadadh. Reáchtáladh Comhdháil Náisiúnta na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail san Inbhear Mór ar an 5-6 Deireadh Fómhair 2023.

Oibríonn an Líonra Rannpháirtíochta Pobail i gcomhar le rannóga na Comhairle agus le raon leathan seirbhísí, tacaíochtaí agus gníomhaireachtaí le linn na bliana agus comhordaíonn sé Seachtain Feasachta ar an Míchumas agus Feasacht ar Chuimsiú Sóisialta, chomh maith le han-chuid tionscnamh agus imeachtaí eile.

LÍONRA COMHIONANNAIS MÍCHUMAIS UÍBH FHAILÍ

Seoladh na Tuarascála & an Phlean Gníomhaíochta Inrochtana 2023 – 2025

Tá an meaisín Marcála Maoine ag dul timpeall an Chontae go himeachtaí i mBiorra, in Éadan Doire agus i Raithean. Reáchtáladh traenáil sa Mhuclach, san Fhéar Bán agus i gCluain Bolg. Déantar an tionscnamh Líonra Rannpháirtíochta Pobail seo i gcomhar leis an gComhchoiste Póilíneachta, na Gardaí agus an Chomhairle. Tá méadú ag teacht ar an éileamh ar úsáid an mheaisín agus oiliúint bhreise.

Déanann Clare agus Bridie ionadaíocht ar Líonra Rannpháirtíochta Uíbh Fhailí ag oscailt oifigiúil Mhol Fiontair BOOLUF agus Mhol Faisnéise BOOLUF ag an Aire Simon Harris TD, an tAire Ardoideachais agus Breisoideachais, Oilíúna agus Fostaíochta. Ag

glacadh páirte sa Tionscnamh Meabhairshláinte Tullamore Goes Green.

LÍONRA NA mBAILTE SLACHTMHARA

Tacaíonn rannóga Pobail agus Oidhreachta Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí le Líonra na mBailte Slachtmhara, Uíbh Fhailí. Reáchtáiltear cruinnithe Líonra na mBailte Slachtmhara dhá nó trí huaire sa bhliain nuair a dhéantar comhroinnt comhairle agus faisnéise, chomh maith le líonrú luachmhar, idir na baill.

Chuir 21 grúpa Bailte Slachtmhara as Uíbh Fhailí isteach ar chomórtas na mBailte Slachtmhara in 2023 agus bronnadh gradam an tSráidbhaile is Slachtmhaire in Éirinn ar Ghéisill (aris). Rinne grúpaí eile in Uíbh Fhailí dul chun cinn iontach freisin agus mhéadaigh siad a scóir fhoriomlána.

Seo iad na buaiteoirí eile in Uíbh Fhailí a mbronnadh gradaim orthu:

- **Géisill**
Céad Ait sa Chontae & Bonn Óir
- **Biorra**
Bonn Airgid
- **Cluain Bolg**
Dara Áit sa Chontae & Bonn Cré-umha
- **Tulach Mhór**
County Third & Gold Medal
- **Cill Chormaic**
Gradam na hIarrachta is Fearr

MÓRTAS ÁITE 2023

Is comórtas bliantúil é Mórtas Áite IPB arna eagrú ag Co-operation Ireland agus arna urrú ag IPB Insurance. Déanann an comórtas ceiliúradh agus cur chun cinn ar na gnéithe is fearr den fhorbairt pobail agus aithníonn sé iarrachtaí ollmhóra na n-oibríthe deonacha chun a gcomharsanachtaí áitiúla a dhéanamh níos fearr le maireachtáil, le hoibriú agus le sóisialú iontu. D'ainmnigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí na grúpaí seo a leanas do chomórtas 2023:

Grúpa Pobail	Catagóir Mórtas Áite	Ceantar Bardasach
Forbairt Phobail Baile Átha Buí	Daonra 1,000 - 1,500	Ceantar Bardasach Bhorra
Bailte Slachtmhara Thulach Mhór	Gníomhú ar son na hAeráide agus Bithéagsúlacht	Ceantar Bardasach Thulach Mhór
Cumann Pobail Bhreacánaí	Daonra 0 go 500	Ceantar Bardasach Éadan Doire

Rinneadh moltóireacht ar iontrálacha Uíbh Fhailí i Meán Fómhair 2023. Bronnadh gradam na dara háite ina chatagóir ar Fhorbairt Pobail an Bhaile Átha Buí, d'ainneoin na géar-iomaíochta ó áiteanna eile ar fud na tíre.

Éire Shláintiúil Uíbh Fhailí

Rinneadh plé ar agus cuireadh i bhfeidhm taighde agus tionscadail a fhorbairt/a sheachadadh chun leibhéal na gníomhaíochta coirp a mhéadú agus chun dul i ngleic le murtall a phlé agus a chur i bhfeidhm le linn 2023, lena n-áirítear na tionscadail seo a leanas, arna bhfaomhadh ag CFPÁ:

- Drop and Move – tionscnamh píolótach a rinneadh le 6 chlub CLG/Camógaíochta/LGFA i 9 bpobal ar leith. (€24,000)
- ‘Foireann Peile Fir an Lucht Siúil’ €20,000)
- Invest in Yourself’ le hIonad Acmhainní Teaghlaigh Chlóirhigh (€17,400)
- ‘Tionscadal Uíbh Fhailí’ le Feirmeoireacht Shóisialta Éireann (SoFI) (€10,000)
- ‘Clár Gníomhaíocht Choirp Tar éis Scoile’ le hIonad Spóirt & Áineasa Chríonchoille (€9,000)

- Cuaillí Gníomhachtóra do Dhaoine Scothaosta á reáchtáil ag Cumann Forbartha Chill Chormaic agus ag Ionad Spóirt & Áineasa Chríonchoille (cuireadh tús leis i mí Mheán Fómhair 2023).

Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí

Mar fhochoiste den CFPÁ, féachann Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí le feabhas a chur ar shláinte agus ar stádas gníomhaíochta coirp mhuintir Uíbh Fhailí ag gach céim den saol; agus cuirtear béim ar leith ar theagmháil a dhéanamh le grúpaí rannpháirtíochta ísle. Chinntigh an maoiniú €651,155 go dtacaíonn foireann Chomhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí agus aoi-theagascóirí le seachadadh roinnt tionscadal, lena n-áirítear:

- ACE (Assisting Children Excel) – ag tacú le 5,000 dalta páirt a ghlacadh i gcláir éagsúla spóirt agus gníomhaíochta coirp.
- Tacaíochtaí do chlubanna agus eagraíochtaí spóirt – chun cabhrú le cláir spóirt a athbhunú tar éis Covid, páirt a ghlacadh in oiliúint um chumhdach leanaí agus i ndeontais forbartha.
- Clár Forbartha Spóirt Pobail – cúig chlár spóirt pobalbhunaithe a fhreastalaíonn ar níos mó ná 650 déagóir, duine fásta agus duine breacaosta.
- Cláir chomhtháite a dhéanann rannpháirtíocht agus infheictheacht daoine ó chúlra mionlaigh eitnigh sa spóirt a mhéadú. Ba é an príomhchlár a seachadadh i mbliana ná an dara himeacht bliantúil Lá na hAfraice, arna mhaoiniú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha
- Cláir Forbartha um Chuimsiú Spóirt a thacaíonn le rannpháirtíocht daoine a bhfuil riachtanais bhreise acu sa spóirt agus i ngníomhaíocht choirp. Le maoiniú ó ghníomhaireachtaí éagsúla (Spóirt Éireann, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Éire Shláintiúil trí Choiste Seirbhísí Leanaí & Daoine Óga Laoise/Uíbh Fhailí), seachadadh 13 chlár do bhreis is 650 duine a bhfuil riachtanais bhreise acu.
- Cláir um Mná sa Spóirt lena n-áirítear príomhthionscadail Seachtain na mBan sa Spóirt, an tseachtain HER Outdoors agus an clár “Girls Get Active”. Seachadadh 12 clár, ag déanamh freastail ar bheagnach 550 rannpháirtí.



Seirbhísí Corparáideacha



Áirítear ar phríomhfheidhmeanna rannóg na Seirbhísí Corparáideacha:

- Rúnaíocht éifeachtach ghairmiúil a sholáthar don Chomhairle agus dá coistí.
- Eolas a chur ar fáil do na comhaltaí ar bhealach tráthúil, áisiúil agus solúbtha ionas gur féidir cinní eolasacha a dhéanamh.
- Clár na dtoghthóirí a chothabháil agus a nuashonrú.
- Tionscnaimh a fhorbairt chun feasacht thras-rannach agus ionchur i bhforbairt polasaithe corparáideacha a mhéadú.
- Cumarsáid a fheabhsú go himmheánach agus go seachtrach ar ghníomhaíochtaí an Údarás Áitiúil.

SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

Soláthraíonn rannóg na Seirbhísí Corparáideacha seirbhís rúnaíochta do chruinnithe na Comhairle Contae. Tagann an Chomhairle le chéile de ghnáth ar an tríú Luan de gach mí, gan Lúnasa a áireamh. Ina theannta sin, ní mór Cruinniú Bliantúil Buiséid agus Cruinniú Bliantúil a réachtáil. Réachtáladh 11 chruinniú de chuid na Comhairle in 2023.

Ag an gCruinniú Bliantúil, arna réachtáil ar an 19 Meitheamh 2023, toghadh an Clr Eddie Fitzpatrick ina Chathaoirleach agus an Clr Danny Owens ina Leas-Chathaoirleach.



Lean na comhaltaí ar aghaidh ag fáil an chláir oibre agus na doiciméid tacaíochta go leictreonach maidir le hAm Cinnidh do chruinnithe uile na Comhairle.

GRÚPA BEARTAIS CHORPARÁIDIGH

Is comhaltaí tofa den Chomhairle Contae iad Cathaoirleach na gCoistí um Beartais Straitéiseacha. In éineacht le Cathaoirleach na Comhairle, déanann siad coiste ar a dtugtar an Grúpa Beartais Chorporáidigh, faoi chomhairle an Phríomhfheidhmeannaigh. I gcás nach bhfuil ionadaíocht ag Ceantar Bardasach sa Ghrúpa Beartais Chorporáidigh, féadfaidh an Ceantar Bardasach sin comhalta a thoghadh don Ghrúpa Beartais Chorporáidigh.

Is ‘Comh-Aireacht’ na Comhairle é an Grúpa Beartais Chorporáidigh go bunúsach. Is iad na príomhróil atá aige ná comhairliúchán a dhéanamh maidir le hullmhú nambuiséad, déileáil le saincheisteanna corparáideacha, nuachóiriú agus seirbhís do chustaiméirí.

Tháinig an Grúpa Beartais Chorporáidigh le chéile 12 uair le linn 2023.

CRUINIÚ LE COMHALTAÍ AN OIREACHTAIS

Ag cruinniú a réachtáladh ar an 2 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Cathaoirleach agus baill na Foirne Bainistíochta Comhaltaí an Oireachtais ar an eolas maidir le dul chun cinn go dtí seo agus dúshláin don Údarás Áitiúil.

CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

Cuireadh tús leis an Acht um Athchóiriú Toghchán 2022 i mí Dheireadh Fómhair 2022, as ar tháinig nuachóiriú ár bpróiseas clárúcháin toghcháin chun

inrochtaineacht níos fearr agus sláine fheabhsaithe a sheachadadh. Tháinig méadú ar mheánlíon na n-iarratas ar líne i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí. Tugtar líon iomlán na dtoghthóirí anseo thíos:

Ceantar Bardasach Bhiorra	21,121
Ceantar Bardasach Éadan Doire	16,997
Ceantar Bardasach Thulach Mhór	22,103
Líon Iomlán ar an gClár	60,221

AN COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

Tháinig an Comhchoiste Póilíneachta le chéile ceithre huaire le linn 2023.

I rith na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú ar Scéim TCI Pobail na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun cabhrú le pobail lena n-iarratas. Thug Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí agus Muintir na Tíre cuir i láthair don Choiste. Fuair an Coiste nuashonruithe ar bhonn rialta freisin ar na Moltaí a d'eascair as Tuarascáil an Fhochoiste an Chomhchoiste Póilíneachta ar Shábháilteacht i Spásanna Poiblí.

LINNTE SNÁMHA

Riarann Seirbhísí Corparáideacha deontas tacaíochta na Comhairle.

ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOIN GCOMHSHAOL

I rith 2023, rinne Comhairle Chontae Uíbh Fhailí 13 iarratas a phróiseáil faoin Acht um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol.

OIFIG AN OMBUDSMAN

Thug an Chomhairle freagra ar Oifig an Ombudsman maidir le saincheisteanna Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí.

AN TACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

Ní dhearnadh nochtadh cosanta ar bith don Chomhairle in 2023.

SAORÁIL FAISNÉISE

Phróiseáil Comhairle Chontae Uíbh Fhailí 63 iarratas um Shaoráil Faisnéise le linn 2023.

Iarratais faighte/próiseáilte in 2023	
Iarratais idir lámha amhail 31/12/2022	1
Tuairiscí a fuarthas le linn 2023	63
Cinntí a glacadh le linn 2023	53
Iarratais a tarraingíodh siar agus ar déileáladh leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	5
Iarratais idir lámha amhail 31/12/2023	6

Cineál na faisnéise á hiarraidh	
Pearsanta (don iarratasóir)	15
Neamhphearsanta	48

Fuarthas iarratais uathu seo a leanas	
Iriseoirí	24
Gnó / Leas	1
An tOireachtas	0
Foireann	0
Cliaint	14
Eile	24

Cróinéirí an Chontae

Ba ionann an caiteachas iomlán i leith ionchoisne cróinéirí i 2023 agus ná €110,825.00 (tuarstail san áireamh).

Táscairí Feidhmíochta

D'ullmhaigh gach rannóg, de réir mar ba chúig, a staitisticí Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta féin. Rinne Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha na staitisticí a thiomsú agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird Seirbhísí Bainistíochta Áitiúla agus an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta (NOAC) iad. D'fhoilsigh NOAC an Tuarascáil Táscairí Seirbhíse Náisiúnta do gach Údarás Áitiúil don bhliain 2022 i Meán Fómhair 2023. Féach Aguisín chun teacht ar an eolas sin.

Iniúchadh Inmheánach

Rinne an tAonad Iníúcháireachta Inmheánaí Iníúchtaí ar na réimsí seo a leanas, de réir Plean Iníúcháireachta Inmheánaí 2023 comhaontaithe:

- Deontais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Scéim Iarfheistithe Lár na Tíre
- Glasbhealach
- Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean
- Athbhreithniú ar an Stoc Mótarchánach
- An Clár um Chaipiteal Tithíochta
- An Clár um Chuimsiú Sóisialta & Gníomhachtú Pobail Coiste Iníúcháireachta 2022
- Athbhreithniú Deiridh ar Ranníocaíochtaí Tobhaigh Forbartha
- Iníúchtaí leantacha (Iniúchadh ar Bhreosla Clós Innealra, Reiligí & Costais Taistil

Scaipeadh Tuarascálacha Iníúchta ar an bhFoireann Bainistíochta agus ar an gCoiste Iníúchta. Rinneadh seiceálacha leantacha ar chur i bhfeidhm moltaí Iníúchtaí roimhe seo freisin.

Baineadh úsáid as an bPlean Straitéiseach um Iniúchadh Inmheánach agus Plean Iníúcháireachta 2023 á fhorbairt toisc gur cheadaigh sé cur chuige bunaithe ar riosca maidir le Plean Iníúcháireachta 2023 a shocrú agus cinntíonn sé go bhfuil an tAonad Iníúcháireachta Inmheánaí ag teacht le nós imeachta dea-chleachtais.

PRÓISEAS DEARBHAI THE CÁILÍOCHTA AN CHÓID CHAITEACHAIS PHOIBLÍ

Bhí an tAonad Iníúcháireachta Inmheánaí freagrach as an Tuarascáil an Chomhairle um Dhearbhú Cáilíochta an Chóid Chaiteachais Phoiblí 2022 a chur le chéile. Dheimhnigh an Príomhfheidhmeannach an tuarascáil seo agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iníúchta (NOAC) í ag deireadh mhí na Bealtaine 2023, agus foilsítear í ar shuíomh

gréasáin Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí. Chuir an tAonad Iníúcháireachta Inmheánaí fardal iomlán de chláir ioncaim agus caiteachais chaipitiúil na Comhairle os cionn €0.5M, dhá athbhreithniú tionscadail dhomhain agus tuarascáil deiridh i gcrích agus cuireadh faoi bhráid NOAC mar chuid den phróiseas iad.

COMHOIBRIÚ

D'fhreastail an tIníúcháir Inmheánach ar chruinnithe an Líonra Iníúcháireachta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus ghlac an fhoireann páirt in oiliúint agus i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla leanúnacha. Reáchtáladh an cruinniú náisiúnta leathbhliantúil i gComhairle Contae Chill Chainnigh agus díródh ar sheisiúin sineirgíochta, ar riachtanais oiliúna agus ar an gCód Caiteachais Phoiblí. D'fhreastail roinnt príomhchainteoirí ar an gcruinniú freisin agus tugadh cur i láthair ar mheasúnú riosca agus ar an Scéim Taistil Gníomhach.

TACAÍOCHT DON CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA

Chuir an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí tacaíocht riaracháin ar fáil don Choiste Iniúchóireachta maidir lena dhualgais a chomhlíonadh in 2023. Áiríodh leis sin na cláir oibre agus na doiciméid tuairiscithe ábhartha a ullmhú chun 4 chruinniú den Choiste Iniúchóireachta a reáchtáil ar líne, chomh maith le tuarascálacha bliantúla na gCathaoirleach don Chomhairle.

COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tháinig an Coiste le chéile 4 huairé in 2023 de réir riachtanas reachtach.

D'fhreastail an Príomhfheidhmeannach, an Ceann Airgeadais, na Stiúrthóirí Seirbhíse agus an tIniúcháir Rialtais Áitiúil ar Chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta in 2023.

Ag na cruinnithe seo, rinne an Coiste breithniú agus fuair sé mionteagasc ar na nithe seo a leanas:

- Ráiteas Airgeadais Bliantúil Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, 2022
- Tuarascáil Roinne Bhliantúil Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, 2022,
- Nuashonruithe ar Thuarascálacha an Iniúcháir Reachtúil de chuid Sheirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil,
- Tuarascáil ráithiúil airgeadais agus
- Nuashonruithe ráithiúla ar dhul chun cinn an Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí.

Cuireadh an coiste ar an eolas faoi thuarascálacha leantacha ón gCóras Rianaithe Moltaí Iniúchóireachta. D'ullmhaigh an fhoireann Iniúchóireachta Inmheánaí na doiciméid seo a leanas:

- Cairt Iniúchóireachta Inmheánaí 2023,
- Clár Riosca Iniúchóireachta Inmheánaí,
- Dréachtphlean Straitéiseach na hIniúchóireachta Inmheánaí,
- Plean Iniúchóireachta Inmheánaí do 2023/2024 agus
- Plean Oibre an Choiste Iniúchóireachta 2023/2024

Rinne an coiste iniúchóireachta na doiciméid sin a fhaomhadh mar chuid dá dhualgais i rith na bliana. Chuir Cathaoirleach an Choiste na nithe seo a leanas i láthair na Comhairle ag cruinniú an choiste ar an 19 Feabhra 2024:

- Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta 2023
- Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta don Chomhairle ar Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2022 agus Tuarascáil an Iniúcháir Rialtais Áitiúil
- Cairt an Choiste Iniúchóireachta, 2024
- Plean Oibre an Choiste Iniúchóireachta 2024
- Plean Iniúchóireachta Inmheánaí 2024

Is iad seo a leanas comhaltaí reatha an Choiste Iniúchóireachta: Peter Scully (Cathaoirleach); Brian Gunning; Constance Hanniffy; Michael Loughnane agus Eugene Mulligan.



Airgeadas



Airgeadas

ÁR SPRIOCANNA

Bainistíocht airgeadais straitéiseach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí a phleanáil agus seirbhísí na feidhme airgeadais a sheachadadh ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus gairmiúil.

ÁR STRAITÉISÍ

- Córais faisnéise chuntasaíochta agus bhainistíochta a fhorbairt agus a oibriú a sheachadann an bonn is fearr is féidir do phleanáil, buiséadú agus cinnteoireacht amach anseo chun na hacmhainní airgeadais atá ar fáil a uasmhéadú.
- Coincheapa Luach ar Airgead a chur chun cinn agus a threorú agus cultúr úsáide éifeachtach acmhainní a chothú.
- Buiséad Airgeadais Reachtúil bliantúil a ullmhú a léiríonn ár gcuspóirí corparáideacha.
- An Córas Bainistíochta Airgeadais a fheabhsú agus go háirithe, faisnéis bhainistíochta airgeadais lánbhri a sholáthar, chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach gnó.
- Íocaíocht phras le soláthraithe a chinntiú.

ÁR SEIRBHÍSÍ

Déileáil an Roinn Airgeadais le maoiniú gearrthéarmach agus fadtéarmach oibríochtaí uile na Comhairle, idir oibríochtaí loncaim agus oibríochtaí Caipitil. Áirítear leis sin:

- Monatóireacht agus rialú ar ioncam agus ar chaiteachas.
- Riachtanais Mhaoiniúcháin a shocrú.
- Bainistíocht Cistíochta agus Infheistíochta
- Comhlíonadh gach prionsabal agus rialachán cuntasaíochta airgeadais Reachtúil agus de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Maoinítear ioncam agus caiteachas laethúil na Comhairle ó fhoinsí amhail:

- Rátaí Tráchtála;
- Cáin Mhaoine Áitiúil;
- Deontais Rialtais;
- Seirbhísí Gníomhaireachta Uisce

- Cíosanna Tithíochta, Táillí agus Muirir Pleanála, Muirear ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR), agus Táillí éagsúla eile

PRÍOMHRANNÁIN LAISTIGH DEN RANNÓG AIRGEADAIS: CUNTASAÍOCHT AIRGEADAIS AGUS BHAINISTÍOCHTA

Is éard atá i gceist le Cuntasaíocht Bhainistíochta ná na Ráitis Airgeadais Bhliantúla a ullmhú chomh maith le tuairisceáin reachtúla eile, tuairisc a thabhairt don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus gníomhaireachtaí seachtracha, agus déileáil leis an bpróiseas Iniúcháireachta um Rialtas Áitiúil.

Is éard atá i gceist le Cuntasaíocht Bhainistíochta ná tuairiscí bainistíochta ráithiúla a ullmhú chun cabhrú le rialú buiséadach agus leis an bpróiseas cinnteoireachta i ngach stiúirthóireacht. Is ceanglas reachtúil é próiseas an Bhuiséid bhliantúil agus láimhseáiltear sa rannán seo é, i gcomhairle leis na rannáin seirbhíse go léir. Déanann an rannóg seo bainistíocht freisin ar anailís athraitheas, faisnéis costála agus faisnéis airgeadais eile a theastaíonn le haghaidh iarratais inmheánacha agus seachtracha.

BAILIÚ IONCAIM

Déileáil an rannóg seo go príomha leis an obair chun nach mór gach airgead atá dlíte don Chomhairle a bhailiú agus a fháil. Cumhdaítear leis sin Rátaí Tráchtála, Cíosanna Tithíochta, Iasachtaí Tithíochta, Billeáil Uisce Gníomhaireachta agus táillí áitiúla eile. Déanann an rannóg seo bainistiú ar scéimeanna tacaíochta do FBManna ó am go chéile freisin.



CUNTAIS INÍOCTHA

Tá an t-aonad seo freagrach as sonraisc an tsoláthraí a phróiseáil agus a íoc, ag cinntiú go gcomhlíontar gach rialachán soláthair agus asbhaintí reachtúla cuí. Cinntíonn sé freisin go gcomhlíontar gach tuairisceán cánach reachtúil agus go gcuirtear nósanna imeachta asbhainte i bhfeidhm thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim.

OIFIG MÓTARCHÁNACH / OIFIG AIRGID

Bailíonn an Chomhairle dualgais ceadúnais feithicle laistigh dá limistéar feidhme thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (DHLGH). Déanann an t-aonad seo bainistíocht freisin ar bhailiúchán ginearálta Airgid agus deimhnithe NPPR freisin. Freagraíonn an Rannóg seo iarratais ar fhaisnéis ón nGarda Síochána agus Údarás Áitiúla eile, maidir le pointí pionóis, fíneálacha tráchta, fíneálacha páirceála, srl. Tugtar admhálacha ar íocaíochtaí ag an gcuntar, go leictreonach agus trí iarratas poist.

MÓRLEABHAR GINEARÁLTA / TACAÍOCHT AGGRESSO

Déanann an t-aonad seo an Córas Bainistíochta Airgeadais a bhainistiú, agus cinntíonn sé go rialaítear i gceart sócmhainní agus dliteanais

uile na heagraíochta. Tagann comhlíonadh an chóid cleachtais chuntasaíochta náisiúnta agus forfheidhmiú ciorclán DHLGH faoina shainchúram freisin.

NPPR

Déanann an rannóg seo, atá lonnaithe san oifig Mótarchánach, infháiltais Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha a bhainistiú.

BAINISTÍOCHT RIOSCA

Comhordú na feidhme Bainistíochta Riosca laistigh de Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí.

NA PRÍOMHTHUIARASCÁLACHA ARNA GCUR AMACH AG AN RANNÓG AIRGEADAIS

THE ANNUAL BUDGET

Ullmhaíonn an Rannóg Airgeadais an Buiséad Ioncaim foriomlán i gcomhairle le Baill na Comhairle, leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis an bhFoireann Bainistíochta. Sonraítear san Acht Rialtais Áitiúil (Athchóiriú) 2014 próiseas buiséadach fairsing reachtúil, amchlár agus nochtuithe, lena n-áirítear cinneadh maidir le Cáin Mhaoine Áitiúil, atá le críochnú sula nglacfar leis ag an gCruinniú Buiséid Bhliantúil. In 2022, d'athraigh comhaltaí na

comhairle Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil 2023 agus 2024, mar a fhoráiltear dó sa reachtaíocht.

RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL

Tugtar sonraí sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil faoi ioncam agus caiteachas don bhliain airgeadais i gcás ioncaim agus caiteachas caipitil. Léirítear ar an Clár Comhardaithe sócmhainní agus dliteanais na Comhairle Contae ag deireadh na bliana. Léirítear sa Chlár Comhardaithe sócmhainní agus dliteanais na Comhairle Contae ag deireadh na bliana.

TUARASCÁLACHA RÁITHIÚLA BAINISTÍOCHTA

Soláthraítear sa tuarascáil bhainistíochta ráithiúil sonraí maidir le hioncam agus ar chaiteachas na seirbhísí éagsúla arna gcur ar fáil ag an gComhairle. Cuirtear na torthaí iarbhir i gcomparáid leis an mBuiséad agus déantar gach athraitheas a fhiosrú.

TUAIRISCIÚ RÁITHIÚLA DHLGH / IMF

Tuairiscíonn Comhairle Chontae Uíbh Fhailí feidhmíocht airgeadais gach ráithe don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Cuimsítear sna tuarascálacha seo Tuarascáil ráithiúil ar Ioncam agus Caiteachas, tuarascáil ar an gCuntas Caipitil agus tuarascáil Féichiúnaithe, agus cuirtear faoi bhráid na comhairle iad i dtuarascáil mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh don chomhairle. Ina theannta sin, cuirtear tuarascálacha éagsúla le chéile le haghaidh sealbhóirí buiséid i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí maidir le gach gné de ghníomhaíochtaí na comhairle. Faigheann Comhaltaí na Comhairle nuashonrú airgeadais i dtuarascáil mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh.

STAITISTICÍ AIRGEADAIS 2023

Mótarcháin

In 2023, ghin an Oifig Mótarchánach thart ar €3.5m in ioncam tríd an Oifig Mótarchánach go díreach. Ar an iomlán, phróiseáil Mótarcháin Uíbh Fhailí 89,956 idirbheart (eisiódh 18.5% díobh tríd an Oifig Mótarchánach agus próiseáladh 81.5% díobh ar líne).

Táscairí Seirbhíse Bailiúcháin Ioncaim

Méid a bailíodh mar chéatadán den mhéid atá dlite ag deireadh na bliana 2023: (Dréacht-Ráiteas Airgeadais Bliantúil App 7%)

Cíosanna	93%
Rátaí Tráchtála	87%
lasachtaí Tithíochta	94%

Soláthar

Leanann an Rannóg Soláthair ar aghaidh ag cinntiú go spreagann agus go n-éascaíonn feidhm soláthair Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí forbairt an Chontae, go n-oibríonn sí de réir dea-chleachtais agus gach caighdeán reachtúil i soláthar poiblí agus go mbaintear amach seachadadh éifeachtach seirbhíse. Féachann sé freisin leis an luach is fearr ar airgead a sheachadadh, le cuntasacht agus trédhearcacht ar fud fheidhmeanna uile na heagraíochta. Tá an rannóg soláthair dírithe ar luach méadaithe ar airgead agus éifeachtúlachtaí níos fearr a bhaint amach trí chomhchreatanna soláthair nuair is féidir. Déantar soláthar laistigh den eagraíocht a dhílárú, agus bíonn ceannaitheoirí i ngach réimse den chomhairle ag lorg luachana agus ag baint úsáide as an dá thairseach soláthair leictreonacha, www.etenders.gov.ie agus www.SupplyGov.ie.

In 2023 aistríodh chuig ardán leictreonach nua le haghaidh www.etenders.ie agus rinneadh athrú ar thairseacha soláthair mar a leagtar amach i gCiorclán 05/2023. Oibríonn an rannóg Soláthair le gach rannóg chun Soláthar Poiblí Glas (GPP) a áireamh ina bpróisis soláthair chun earraí, seirbhísí agus oibreacha a fháil a bhfuil tionchar comhshaoil laghdaithe acu. In 2023, rinne Comhairle Chontae Uíbh Fhailí:

- Breis agus 30 creat de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais a úsáid
- €2.2 milliún a chaitheamh ar Fhrúiliú Gléasra in 2023.
- 29 comórtas tairisceana a fhógairt ar eTenders le haghaidh oibreacha, earraí agus seirbhísí
- 106 comórtas a fhoilsiú trí chreataí reatha ar SupplyGov.ie

**RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH
(RÁITEAS CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS)
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023**

Tugtar le chéile i Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus caiteachas ar fad a bhaineann leis an gcuntas ioncaim. Léirítear ann an barrachas/(easnamh) don bhliain. Léirítear aistrithe chuig/ó chúlchistí ar leithligh agus ní leithdháiltear iad de réir rannán seirbhíse.

Leithdháileann Nóta 16 aistrithe de réir an rannáin seirbhíse san fhormaid chéanna le Tábla A de bhuiséad glactha an Údaráis Áitiúil.

Caiteachas de réir Rannóige

	Nótaí	Comhlán	Ioncam	Glancaiteachas	Glancaiteachas
		Caiteachas			
		2023	2023	2023	2022
		€	€	€	€
Tithíocht & Foirgneamh		18,833,111	19,450,117	(617,006)	(1,201,010)
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre		28,373,964	23,495,868	4,878,096	6,051,352
Seirbhísí Uisce		5,851,197	5,312,048	539,149	553,426
Bainistíocht Forbartha		12,389,810	7,426,490	4,963,320	4,385,361
Seirbhísí Comhshaoil		9,518,579	2,661,025	6,857,554	6,680,332
Áineas & Conláistí		4,862,296	338,494	4,523,803	3,859,355
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara		680,165	329,016	35,1149	289,774
Seirbhísí Ilghnéitheacha		8,428,417	9,966,341	(1,537,924)	(1,493,911)
Caiteachas/Ioncam Iomlán	15	88,937,541	68,979,400		
Glanhostas na Rannóige le maoiniú ó Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil				19,958,141	19,124,678
Rátaí				16,519,381	16,856,641
Cáin Mhaoine Áitiúil				8,317,793	8,401,722
Barrachas/(easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe	16			4,879,033	6,133,685
Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí				(4,457,403)	(5,708,627)
Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain	14			421,630	425,059
Cúlchiste Ginearálta ar an 1 Eanáir 2023				(1,213,190)	(1,638,249)
Cúlchiste Ginearálta ar an 31 Nollaig 2023				(791,561)	(1,213,190)

Achoimre ar Chuntas Caipitil – Sliocht as an Dréacht-Ráiteas Airgeadais Bliantúil

	2023	2022
Iarmhéid (Dochar)\ Sochar ar an @ 1 Eanáir	20,349,138	14,755,162
Caiteachas Iomlán (Aistrithe san Áireamh)	(46,527,917)	(45,731,832)
Ioncam Iomlán (Aistrithe san Áireamh)	52,973,213	51,325,808
Iarmhéid (Dochar)\ Sochar ar an @ 31 Eanáir	26,794,434	20,349,138

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

RÉAMHRÁ

Tá mise, Anna-Marie Delaney, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí freagrach as an Ráiteas Airgeadais Bliantúil, arna ullmhú ag an gCeann Airgeadais, de réir an chóid chleachtais chuntasaíochta arna eisiúint ag an Aire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023, ag teacht leis na leabhair chuntais agus go bhfuil siad ullmhaithe de réir na gceanglas cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil faoi réir iniúcháireachta seachtraí ag iniúchóir de chuid Sheirbhís Iniúcháireachta an Rialtais Áitiúil, a bhfuil sé mar chuspóir aige tuairim neamhspleách a dhéanamh ar na cuntais agus a lua cibé an gcuirtear i láthair go cothrom sa ráiteas airgeadais bliantúil staid airgeadais an údaráis áitiúil agus a ioncam agus a chaiteachas don tréimhse i gceist, agus cibé an gcomhlíonann idirbhearta an údaráis áitiúil an t-údarú reachtúil nó an t-údarú eile faoina n-airbheartaítear iad.

Tuairiscítear sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil ar ghníomhaíocht laethúil Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí i bhfoirm an Ráitis Chuimsithigh ar Ioncam & Caiteachas, arna achoimriú ag an Rannán. Leagtar amach sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais staid airgeadais iomlán Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí amhail an 31 Nollaig 2023.

Leagtar amach sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach caiteachas agus ioncam maidir le reáchtáil laethúil Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí.

Is iad seo a leanas na príomhfhoinsí ioncaim do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí:

	Bliain Reatha 2023 €	An Bhliain Roimhe Sin 2022 €
Earraí & Seirbhísí	22,026,203	19,198,012
Deontais & Fóirdheontais	46,354,260	42,545,165
Ranníocaíochtaí Eile	598,937	672,799
Rátaí	16,519,381	16,856,641
Cáin Mhaoine Áitiúil	8,317,793	8,401,722

Eascaíonn an t-ioncam méadaithe in Earraí agus Seirbhísí go príomha as méaduithe ar Chíosanna Tithíochta, táillí gníomhaireachta Uisce Éireann, agus táillí pleanála. Is Deontais um Bóithre agus Forbairt Tuaithe agus Pobail is mó is cúis leis an méadú ar Dheontais agus ar Fhóirdheontais.

Seo a leanas an ghníomhaíocht ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain 2023:

	2023 €	2022 €
Ioncam	93,816,574	87,674,339
Caiteachas	88,937,541	81,540,654
Aistrithe go Caipiteal	4,457,403	5,708,627
Mír Eisceachtúil	0	0
Barrachas/ (Easnamh) don bhliain	421,630	425,059
Coigeartú na Bliana Roimhe	0	0
Cúlchiste Coinnithe Ioncaim	(1,213,190)	(1,638,249)
Cúlchistí Coinnithe Ioncaim	(791,561)	(1,213,190)

Leanann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ag fáil réidh lena heasnamh carnach agus táthar ag súil go gcuirfear deireadh leis go hiomlán faoi dheireadh 2025.

Léirítear sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) gníomhaíocht airgeadais iomlán na comhairle don bhliain, mar aon le figiúirí comparáideacha bliana mar is cuí.

Áirítear sa ráiteas sócmhainní agus dliteanais mar a leanas:

- Sócmhainní a tógadh/a ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla
- Obair idir lámha agus réamhscéimeanna - bóithre agus tithíocht go príomha
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha - iasachtaí tithíochta
- Sócmhainní Reatha - lena n-áirítear Stoc, Féichiúnaithe, Airgead Tirim sa bhanc
- Dliteanais reatha agus fadtéarmacha - iasachtaí morgáiste agus iasachtaí neamh-mhorgáiste
- Cúlchistí/larmhéideanna Éagsúla

Is ionann Glansócmhainní Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí ag deireadh 2023 agus €1,553m mar a leagtar amach anseo thíos:

	2023 € m	2022 € m
Sócmhainní Seasta	1,528	1,508
Obair Idir Lámha	22	17
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	27	28
Sócmhainní Reatha	49	40
Dlíteanais Reatha	(19)	(19)
Glansócmhainní Reatha	30	21
Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná 1 bhliain)	(54)	(55)
Glansócmhainní Iomlána	1,553	1,519

Cuireadh Ráiteas ar Shreabhadh Cistí isteach mar chuid de Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2011. In ainneoin gur leanadh treoir Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 7 Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, ní hionann an gnó a dhéanann údarais áitiúla agus an gnó a dhéanann formhór na n-eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus, dá bhrí sin, tá comhaontú déanta maidir le roinnt mionathruithe ar an bhformáid lena áirithiú go bhfuil na sonraí a chuirtear ar fáil fiúntach agus úsáideach laistigh den earnáil rialtais áitiúil.

CÓRAS RIALAITHE INMHEÁNAIGH AIRGEADAIS

I mo cháiil mar Phríomhoifigeach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Comhlíontar an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhu go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go

n-údaraitear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoiscítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

TIMPEALLACHT RIALAITHE AIRGEADAIS

I mo cháil mar Phríomhoifigeach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas

- Tá freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach sannta ar leibhéal bainistíochta
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina sanntar freagracht maidir le bainistíocht airgeadais
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin iomchuí a chinntiú
- Tá Coiste Iniúchta ann a dhéanann athbhreithniú ar bhonn rialta ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh mar chuid dá chlár oibre.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

RIALAITHE RIARACHÁIN AGUS TUAIRISCIÚ BAINISTÍOCHTA

I mo cháil mar Phríomhoifigeach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmhligin agus freagrachta, agus go speisialta, go bhfuil:

- doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta i leith na bpríomhphróisis ghnó
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- córais atá i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint an Údarás Áitiúil de agus
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann d'oibriú.

COMHLÍONADH SOLÁTHAIR

Cinntíonn Comhairle Chontae Uíbh Fhailí go bhfuil díriú iomchuí leanúnach ar dhea-chleachtas ó thaobh tairiscintí agus ceannach, agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH AGUS AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Mar Phríomhfheidhmeannach, is féidir liom a dhearbhuí go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ina n-oibríonn pearsanra atá oilte go cuí agus a fheidhmíonn de réir cairte scríofa. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil Comhairle Chontae Uíbh Fhailí nochtta bonn eolais lena cuid oibre agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís seo. Is deimhin liom go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go dtugtar aird ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil coiste iniúchóireachta éifeachtach ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí a dhéanann athbhreithniú éifeachtach bliantúil ar a gcuid gníomhaíochtaí. Is féidir liom a dheimhniú freisin go bhfuil Coiste Iniúchóireachta i bhfeidhm de réir cheanglais Alt 122 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú).

Is iad seo a leanas feidhmeanna reachtúla na gcoistí iniúchóireachta mar a leagtar amach in alt 59 agus 60 den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014 iad:

- I. athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas agus ar nósanna imeachta i ndáil le tuairisciú airgeadais agus buiséadachta laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh é;
- II. forbairt an chleachtas is fearr a chothú i dtaca le comhlíonadh a fheidhme iniúchóireachta inmheánaí ag an údarás áitiúil;
- III. athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchta, aon tuarascáil iniúchóra nó tuarascáil speisialta iniúchóra i ndáil leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhartha a bheidh déanta laistigh den údarás sin ag a phríomhfheidhmeannach mar fhreagra ar ráiteas nó tuarascáil den sórt sin

agus tuarascáil ar a mbeidh faighte amach aige a thabhairt don údarás sin;

- IV. measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus luach ar airgead agus iad a chur chun cinn i leith chomhlíonadh a fheidhmeanna ag an údarás áitiúil; agus
- V. athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a oibríonn an t-údarás áitiúil chun riosca a bhainistiú.

Aithním go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcoiste iniúchóireachta i gcreat rialachais na n-údarás áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs cuntasachta méadaithe na hearnála poiblí. Tá ról neamhspleách acu maidir le comhairle a chur ar an gComhairle maidir le próis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus cúrsaí iniúchóireachta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais an údarás áitiúil.

Admhaím ról an Choiste Iniúchóireachta sa phróiseas bainistíochta riosca agus san athbhreithniú leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí.

CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Chuir Comhairle Chontae Uíbh Fhailí córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina saináithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin mhaolú.

Tá clár rioscaí corparáideach i bhfeidhm a shaináithníonn na príomhrioscaí agus a dhéanann iad a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasáí atá siad. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn rialta. Tá clár rioscaí i bhfeidhm freisin do gach rannán seirbhíse agus déantar athbhreithniú agus nuashonrú orthu seo freisin ar bhonn rialta.

Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha. Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagracht a mhaolú maidir le hoibríochtaí a shanntar ar bhaill foirne ar leith.

I mo cháil mar Phríomhfheidhmeannach, deimhním gur saináithníodh príomhrioscaí agus rialaithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a thuairisciú.

Áireofar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais sa dréacht-Tuarascáil Bhliantúil a chuirfear faoi bhráid chomhaltáí na Comhairle faoin 30 Aibreán 2024 agus go gcuirfear san áireamh é sa Tuarascáil Bhliantúil foilsithe arna hullmhú agus arna glacadh ag an gComhairle faoin 30 Meitheamh 2024.

Síniú:



Anne Marie Delaney

Príomhfheidhmeannach



Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Uíbh Fhailí agus Cosaint Shibhialta Uíbh Fhailí



IONAD OILIÚNA SEIRBHÍSE IOMLÁNA RÉADÁRACHA
REGIONAL FIRE SERVICES TRAINING CENTRE
AN TUILLAMHÓIR
TULLAMORE



Seirbhísí Dóiteáin & Tarrthála Uíbh Fhailí

Tá sé mar aidhm ag Údarás Dóiteáin Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí an pobal a chosaint ó dhóiteán agus beatha agus maoin a chaomhnú. Is eagraíocht í an tSeirbhís Dóiteáin a bunaíodh agus a ndéantar cothabháil uirthi de réir Ailt 9 agus 10 den Acht Seirbhísí Dóiteáin, 1981. Soláthraíonn an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Uíbh Fhailí seirbhís iomlán dóiteáin don phobal 24 uair sa lá, gach lá den bhliain.

Soláthraíonn an tÚdarás Dóiteáin roinnt seirbhísí, ó fhreagairt éigeandála go teagmhais amhail dóiteáin, tionóiscí tráchta, teagmhais cheimiceacha go sábháilteacht an phobail agus an timpeallacht thógtha ó dhóiteán a chinntiú trí dheimhniú, trí chigireacht, trí fhorfheidhmiú agus trí oideachas. Cuireann an tÚdarás eolas agus oiliúint ar fáil freisin ar bhainistíocht na sábháilteachta ó dhóiteán agus ar chomhrac dóiteáin.

OIBRÍOCHTAÍ

In 2023, cuireadh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Uíbh Fhailí ar an eolas faoi 606 teagmhas (298 teagmhas dóiteáin, 308 teagmhas éigeandála eile). Tháinig an fhreagairt ar na glaonna seo ó 5 stáisiún éagsúil.

Bhí an plean faoi Alt 26 maidir le Dóiteáin agus Éigeandálaí mar bhunús do chlár oibre na Seirbhíse Dóiteáin 2023. Úsáideadh buiséad 2023 de €3.2 milliún chun an tSeirbhís Dóiteáin a choinneáil.

In 2023, cuireadh tús iomlán arís leis an dianréim oiliúna faoi Chlár Oiliúna na Seirbhíse Dóiteáin (a chuir COVID 19 isteach uirthi roimhe seo).

TREALAMH & CAITEACHAS CAIPITIL

Rinne an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála Stáisiún Dóiteáin nua sa Ráithín, Clóirtheach a fhaomhadh agus tá an Chomhairle i mbun sainchomhairleoirí dearaidh a cheapadh faoi láthair. Seo a leanas roinnt buaicphointí eile:

- Tá ár nIonad Oiliúna agus Forbartha nua i dTulach Mhór imithe ar aghaidh chuig céim na tógála agus ceaptar go mbeidh sé críochnaithe faoi mhí na Nollag 2024.

- Fuarthas maoiniú freisin in 2023 ón Stiúrthóireacht Náisiúnta chun feithicil cheannasaíochta teagmhais nua agus dhá Jíp 4WD a sholáthar.
- Úsáidtear an tIonad Oiliúna Gaireas Análaithe i dTulach Mhór chun Comhraiceoirí Dóiteáin Uíbh Fhailí a thraenáil agus tá sé ar léas ag Údarás Dóiteáin eile agus eagraíochtaí nach Údarás Áitiúla iad.

COSC DÓITEÁIN & RIALÚ TÓGÁLA

Fuair Seirbhís Dóiteáin Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 83 iarratas ar Theastas Sábháilteachta Dóiteáin, dhéileáil siad le hiarratais ar cheadúnais agus rinne siad 71 iniúchadh ar shábháilteacht dóiteáin.

D'fhorbair seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Uíbh Fhailí Straitéis Sábháilteachta Dóiteáin Pobail atá dírithe ar shábháilteacht ó dhóiteán agus ar chosc dóiteáin sa bhaile.

Tá feidhm na Comhairle um Rialú Foirgníochta (cigireacht agus monatóireacht ar oibreacha nua) comhtháite leis an tseirbhís dóiteáin. Fógraíodh 369 foirgneamh nua ar fhógraí tosaithe agus rinneadh iniúchadh ar 56 foirgneamh.



Choinnigh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Uíbh Fhailí chreidiúnú ‘Córas Bainistíochta Cáilíochta ISO 9001’ ón Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI).

BAINISTÍOCHT MÓRÉIGEANDÁLA

Rinne an Coiste Forbartha Móréigeandála an Plean Móréigeandála Áitiúil agus Réigiúnach a choinneáil, a athbhreithniú agus a athleasú.

Le linn na paindéime, ghlac Comhairle Chontae Uíbh Fhailí páirt i gcruinnithe den Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnach agus den Ghrúpa Oibre Réigiúnach um Bainistíocht Mhóréigeandála

chun comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt idirghníomhaireachta ar an bpaindéim go réigiúnach agus go háitiúil.

SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

Le linn 2023, choinnigh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí a chreidiúnú ‘ISO 45001 Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde (OH&S)’.

Cosaint Shibhialta Uíbh Fhailí

Ag éirí as sé mhí rathúla deimhniúcháin agus rannpháirtíochta in 2022, tháinig méadú ar líon na n-earcach oibrithe deonacha, rud a chothaigh beocht agus díograis nua i gCosaint Shibhialta Uíbh Fhailí.

Go náisiúnta, cuireadh athruithe i bhfeidhm freisin le Bille Cosanta Sibhialta nua ag dul trí chéimeanna éagsúla den Oireachtas. Rinne Oifigeach Cosanta Sibhialta Uíbh Fhailí ionadaíocht ar an eagraíocht ag an gComhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha agus Cosaint i bhfoirgnimh an Rialtais i mí an Mhárta 2023. Shínigh an tUachtarán an tAcht um Chosaint Shibhialta 2023 ar an 26 Meitheamh 2023, agus cuireadh tús leis ar 18 Iúil 2023. Soláthraíonn an tAcht bunús reachtaíochta comhdhlúite nua-aimseartha don Chosaint Shibhialta agus rinneadh breis agus €1,000,000 a infheistiú i gCosaint Shibhialta go náisiúnta tríd an gCóras VEMS (Córas Bainistíochta Trealamh d'Oibrithe Deonacha Cosanta Sibhialta agus Bainistíocht Trealamh) a bhfuiltear ag tnúth leis le fada.

Cabhróidh sé seo tuilleadh le bainistíocht éifeachtach a dhéanamh agus taifead a choimeád don eagraíocht amach anseo.

Le linn 2023, chuir Cosaint Shibhialta Uíbh Fhailí tacaíocht liachta ar fáil go háitiúil ag breis is 45 imeacht pobail ar fud an chontae, ar fud réigiún lár na tíre agus ar fud na tíre ar fad, lena n-áirítear

- Imeachtaí Lúthchleasaíochta Uíbh Fhailí ar fud an Chontae le linn na bliana
- Féile 'Beat on the Peat' sa Lios Dearg,
- Siúlóidí pobail agus trialacha rothaíochta ar Shliabh Bladhma,
- Imeachtaí Sheachtain Náisiúnta na Rothar lena n-áirítear babhta rothaíochta na Canálach Móire de chuid an Údaráis Áitiúil ó Éadan Doire go Pollach agus
- Púca Spooka i bPáirc Lloyd, Tulach Mhór
- Cuairt an Uachtaráin Joe Biden ar Bhéal an Átha
- An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta
- Lá Oiliúna na Seirbhíse Otharchairr Náisiúnta

- Lá oscailte, i gcomhar le Seirbhís Dóiteáin & Tarrhála Uíbh Fhailí.

I measc na bhfeabhsuithe eile, bhí Aonad Cumarsáide nua agus feithicil ilraoin easbhóthair

Ba cheart go mbeadh an tiontú deiridh go dtí an fheithicil seo curtha i gcrích agus réidh le himscaradh ag deireadh R1-2024.

I mí na Nollag, reáchtáladh oíche ár nGradam Bliantúil agus bhí an Cathaoirleach, an Clr. Eddie Fitzpatrick, an Príomhfheidhmeannach Anna Marie Delaney, an Príomhoifigeach Dóiteáin Eoin Ó Ceilleachair agus Stiúrthóir na Seirbhíse Ann Dillon i láthair ag an ócáid sin. Bronnadh gradaim ar oibrithe deonacha fadseirbhíse (10, 20, 30, 40 agus 50 bliain seirbhíse) agus thug Oifigeach Chosaint Sibhialta Uíbh Fhailí Fergal Conroy litreacha buíochais ón Aire Gnóthaí Eachtracha do na rannpháirtithe seirbhíse fada chomh maith.

Cuireadh athrú agus treo nua i bhfeidhm i gCosaint Shibhialta Uíbh Fhailí in 2023 agus le tacaíocht leanúnach ó gach duine a bhfuil baint acu leis an eagraíocht agus cur i bhfeidhm an *Bheartais um Chosaint Shibhialta I dTreo 2030*, beidh ról ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí i bhforbairt na heagraíochta amach anseo agus leanfaidh sí ag tacú leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha sna blianta atá amach romhainn.

An Rannóg Tithíochta



Housing for All, the government's plan to increase the supply of housing to an average of 33,000 units per year over the next decade, was launched in September 2021. The measures, outlined in the plan, are supported by over €4 billion in guaranteed State funding every year.

Is iad seo a leanas na spriocanna tógála tithíochta sóisialta do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí:

Bliain	2022	2023	2024	2025	2026	Iomlán
Líon na dTithe	180	67	68	73	75	463

Lean Comhairle Chontae Uíbh Fhailí leis na cuspóirí agus na spriocanna a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Seachadta Tithíochta ar glacadh leis a chur chun cinn agus a chur i ngníomh.

LIOSTA AGUS LEITHDHÁILTÍ TITHÍOCHTA SÓISIALTA

Tacaítear le hiarratasóirí rathúla ar an Liosta Tacaíochta do Thithíocht Shóisialta trí roghanna éagsúla Tithíochta Sóisialta a bheith ar fáil dóibh, lena n-áirítear:

- Tionóntacht ar Réadmhaoín de chuid na Comhairle
- An Scéim Cóiríochta Cíos (SCC) agus Roghanna Léasaithe eile ar Thithíocht Shóisialta
- Tithíocht arna soláthar ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta
- An Íocaíocht Cúnamh Tithíochta (ÍCT)

Ag deireadh 2023 bhí

- 523 iarratas cáilithe ar an Liosta Feithimh ar Thithíocht Shóisialta,
- 606 duine ag fáil Tacaíocht Tithíochta tríd an scéim Íocaíochtaí Cúnamh Tithíochta (ÍCT).
- 215 duine á dtacú le socrúithe léasaithe éagsúla agus
- 80 iarratas eile ar Mhorgáiste go Cíos curtha i gcrích ag an Údarás Áitiúil.

I rith na bliana, leanadh ar aghaidh le leithdháiltí do thithíocht shóisialta agus fuair 170 teaghlach ar fad eochracha dá dtithe nua le linn 2023, i.e. fuair 87 teaghlach eochracha dá réadmhaoine nua faoi úinéireacht na Comhairle; ainmníodh 78 agus fuair siad eochracha do thithe na gComhlachtaí

Ceadaithe Tithíochta; agus leithdháileadh aonaid léasaithe ar bheirt eile. Cuireadh 3 shocrú Morgáiste go Cíos i gcrích.

SOLÁTHAR TITHÍOCHTA SÓISIALTA

Cuireann an Chomhairle cóiríocht ar fáil dóibh siúd atá ar an Liosta Tacaíochta Faofa do Thithíocht Shóisialta ar bhealaí éagsúla.

Clár Tógála Dírí na Comhairle


In 2023, chuir an Chomhairle **29** aonad tógála díreach i gcrích

- sa Choill Bheag, Beannchar (18 nAonad);
- Ascaill na Caoire Troim, Muine Gall (4 Aonad) agus
- Garrán na bhFeá, Lios Dearg (7 n-aonad).

Ag deireadh 2023, tá **51** aonad tógála dírí ar an láithreán - An Ráithín, Clóirtheach (38 aonad) agus Ascaill na Siúrach Seanán, Éadan Doire (4 Aonad) agus an Cuarbhóthar, An Daingean (9 n-aonad). Tá **70** teach eile arna gceadú ag an Roinn agus tograí eile sa Tulach Mhór, i mBiorra, sa Daingean, i mBéal Átha Chomair agus i Suí an Róin le cur chun cinn thar shaolré an phlean Tithíocht do Chách.

Turnkey & Cuid V

In 2023, críochnaíodh agus leithdháileadh 25 aonad nua trí Turnkey/Cuid V i dTulach Mhór, sa Daingean agus in Éadan Doire. Bhí 48 aonad eile ar an láthair ag deireadh 2023 agus iad le seachadadh in 2024 i dTulach Mhór, i mBiorra, sa Daingean, in Éadan Doire agus i gCúil an tSúdaire. Tá aonaid bhreise á mbreithniú tar éis comórtas um léiriú spéise a reáchtáladh in 2023. Leanann an Chomhairle de bheith i dteagmháil le forbróirí maidir le soláthar



aonaid Chuid V de réir mar a chuirtear forbairtí nua isteach le haghaidh planála agus de réir mar a thugtar cead planála.

Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna)

Lean Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ag déanamh teagmháil éifeachtach le roinnt CCTanna i rith 2023 agus ainmníodh teaghlaigh ón Liosta Tacaíochta Tithíochta Sóisialta do stoc tithíochta CCT. Seachadadh 58 aonad sa Tulach Mhór trí mhúnlaí airgeadais Scéim Cúnaimh Chaipitil (CAS) agus Saoráid Réamh-Léasaithe Caipitil (CALF). Chuir Cumann Tithíochta Sophia a n-iarratas planála chun cinn chun 37 aonad tithíochta sóisialta a sheachadadh i gCúil an tSúdaire.

Éadálacha

Tháinig deireadh leis an 'Tréimhse Éigeandála Geimhridh' faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Dátaí Foirceanta Tionóntachtaí Áirithe) 2022 ar an 31 Márta 2023. D'oibrigh an Chomhairle go dlúth le Tionóntaí a fuair Fógra Foirceanta bailí agus chuaigh siad i dteagmháil le Tiarnaí Talún a bhí ag iarraidh a dtithe a dhíol. Tugadh 26 éadail Tionónta in situ chun críche in 2023, agus cuireadh 10 gcinn eile ar aghaidh chuig stádas comhaontaithe díolacháin. Fuair an Chomhairle 19 n-aonad Cuid V breise, le leithdháileadh ar fud an chontae. Bhí oibreacha athchóirithe de dhíth ar gach aonad a fuarthas agus

tá an chomhairle ag cur na hoibre sin ar aghaidh ar bhonn leanúnach.

CÓIRÍOCHT ÉIGEANDÁLA

Lean Foireann Ghníomhaíochta Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí do Dhaoine gan Dídean ar aghaidh ag bualadh le chéile ar bhonn rialta i rith na bliana. Chinntigh an cur chuige comhoibríoch idirghníomhaireachta go bhfuair siad siúd a tháinig i láthair mar dhaoine gan dídean comhairle agus cúnaimh maidir le freastal ar a gcuid riachtanas. Ar an 31 Nollaig 2023, bhí 15 theaghlach agus 35 duine aonair i gcóiríocht éigeandála.

Tá Uíbh Fhailí mar chuid de Chomhfhóram Comhchomhairleach Réigiúnach Lár na Tíre (An Iarmhí, Laois, An Longfort, Uíbh Fhailí) do Dhaoine gan Dídean a fhorbraíonn agus a chomhordaíonn beartas easpa dídine sa Réigiún Lár na Tíre. Thacaigh Comhfhóram Comhchomhairleach Réigiúnach Lár na Tíre do Dhaoine gan Dídean agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht le héadail Óstán Clonamore ag an gCumann Tithíochta Sophia, i gcomhpháirtíocht le Simon Lár na Tíre.

Tar éis próiseas tairisceana in 2020, bhronn Comhfhóram Comhchomhairleach Réigiúnach Lár na Tíre do Dhaoine gan Dídean an Clár 'Tithíocht ar

dTús' ar lontaobhas Peter McVerry ar bhonn 3 bliana. De réir an chonartha a eisíodh, déanfar athbhreithniú ar an gconradh in 2024. Leanann lontaobhas Peter McVerry ar aghaidh in 2023 de thacaíocht a thabhairt do roinnt daoine aonair atá faoi easpa dídine fadtéarmach in Uíbh Fhailí.

Lean Seirbhís na Comhairle um Aimsiú Áiteanna ÍCT ar aghaidh ag obair le daoine i gcóiríocht éigeandála nó leo siúd atá i mbaol a bheith gan dídean agus chabhraigh sé le roinnt iarratasóirí cóiríocht ÍCT a fháil i rith na bliana. D'oibrigh Seirbhís na Comhairle um Aimsiú Áiteanna ÍCT le gach teaghlach tionónta a fuair Fógra Foirceanta bailí. Chabhraigh caidreamh le Tiarnaí Talún chun torthaí inbhuanaithe a bhaint amach do roinnt mhaith teaghlach.

AN CLÁR SAFEHOMES

Ag obair i gcomhpháirtíocht le Seirbhísí Tacaíochta Foréigean Baile Uíbh Fhailí, TUSLA, Cumann Tithíochta Oaklee agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, cuireadh trí Theach Sábháilte ar fáil in 2023, ceann amháin díobh i ngach Ceantar Bardasach. Shínigh na páirtithe ábhartha Meabhrán Tuisceana.

COTHABHÁIL AGUS ATHCHÓIRIÚ

Tháinig méadú go 2,110 réadmhaoin ar stoc tithíochta na Comhairle faoin 31 Nollaig 2023. Tháinig méadú ar líon na nglanna cothabhála, ó 3,745 go 3,872, in 2023.

FUINNEAMH IARFHEISTITHE

Beidh an Clár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh (EERP) i bhfeidhm go dtí 2030 agus is éard atá i gceist leis ná ardú céime suntasach ó 'iarfheistiú éadomhain' go 'iarfheistiú níos doimhne' ar an méid atá curtha i gcrích ag Údarás Áitiúla go dtí seo. Déantar foráil sa mhaoiniú do Chaidéal Teasa a shuiteáil. Ní cheadaítear insliú, fuinneoga agus doirse ach amháin má léiríonn ríomhanna go bhfuil uasghráduithe fabraice ag teastáil don Chaidéal Teasa.

Is é an meánchaiteachas in aghaidh an aonaid arna cheadú ag an Roinn ná €34,000, agus dá réir sin tá meascán tithe á chur chun cinn ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí. Cinnteoidh sé seo go mbeidh

an Chomhairle ag uasmhéadú líon na n-aonad agus an mhaoinithe atá ar fáil faoin scéim reatha. Ar an iomlán, tá iarfheistiú déanta ar 99 teach de chuid an Údaráis Áitiúil chun íosráta B2 fuinnimh a bhaint amach ó 2021 i leith.

BAINISTÍOCHT EASTÁT

Lean Oifigigh Idirchaidrimh Tithíochta ag obair le tionóntaí, Cumainn Chónaitheoirí, Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí, Ealaíona, Leabharlanna agus ár Rannóg TF chun tionscadail éagsúla a chur ar fáil. Tháinig an Coiste Idirghníomhaireachta um Bainistíocht Eastát, a bunaíodh faoi choimirce an Chomhchoiste Póilíneachta, le chéile go minic chun roinnt tionscnamh idirghníomhaireachta a chur chun cinn.

IASACHTAÍ TÍ ÚDARÁIS ÁITIÚIL

Fuarthas 28 iarratas ar Iasachtaí Tí Údaráis Áitiúil in 2023, agus faomhadh 8 gcinn acu i bprionsabal.

SCÉIM CEANNAIGH DO THIONÓNTAÍ

Cuirtear iarratais ar aghaidh faoin Scéim Ceannaigh Athbhreithnithe do Thionóntaí. Fuarthas 45 iarratas Ceannaigh do Thionóntaí in 2023, ar faomhadh 28 díobh i bprionsabal, measadh go raibh 9 gcinn díobh neamhchálithe agus bhí 8 n-iarratas fós á mbreithniú ag deireadh na bliana.

GRÚPA STIÚRTHA TITHÍOCHTA AGUS MÍCHUMAIS

Leanann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ar aghaidh ag cur tacaíochtaí ar fáil do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas. Ghlac Comhairle Chontae Uíbh Fhailí le *Plean Straitéiseach Uíbh Fhailí do Dhaoine faoi Mhíchumas, 2022 go 2026* in 2021, ag cinntiú go bhfuil cur chuige cuimsitheach agus comhtháite ann maidir le soláthar tacaíochtaí tithíochta oiriúnacha do dhaoine faoi mhíchumas.

De réir an Bheartais Náisiúnta Forfheidhmithe, rinne Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais Uíbh Fhailí athbhreithniú ar a dTearmaí Tagartha. Tugann an fóram deis do na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear an FSS, CTCanna, ionadaithe ó na hearnálacha míchumais agus daoine faoi mhíchumas, na spriocanna agus na straitéisí dá

“*Thuairiscigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí go bhfuair 37 duine faoi mhíchumas leithdháileadh le linn 2023.*”

bhforáiltear sa *Phlean Náisiúnta Forfheidhmithe agus i bPlean Straitéiseach Uíbh Fhailí do Dhaoine faoi Mhíchumas, 2022 go 2026* a chur chun cinn go gníomhach.

De réir chuspóir 7 den bheartas *Tithíocht do Chách – Plean Nua Tithíochta d’Éirinn*, tabharfaidh an Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais nuashonruithe ráithiúla don CBS um Thithíocht agus don Phríomhfheidhmeannach.

Thuairiscigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí go bhfuair 37 duine faoi mhíchumas leithdháileadh le linn 2023. Seo a leanas miondealú ar na leithdháiltí sin: fisiceach 24; céadfach 8; meabhairshláinte 4; agus intleachtúil 1.

SCÉIMEANNA DEONTAIS PRÍOBHÁIDEACHA

Bronnadh €1,600,000 faoi na scéimeanna deontais príobháideacha in 2023. Agus an Scéim á riar ag an Rannóg Tithíochta, bronnadh 150 deontas thar na trí chatagóir a bhí ar fáil d’iarratasóirí. Cuireann an Roinn 80% den deontas sin ar fáil.

Bronnadh deontais faoi na trí chatagóir deontais mar seo a leanas:

- Scéim Deontas Áiseanna Soghluaisteachta - 13
- Scéim Deontais um Oiriúnú Tithe - 54
- Scéim Deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta - 83

OIBREACHA AR THITHE ÚDARÁS ÁITIÚIL DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Úsáideadh maoiniú €615,915, a fuarthas faoin gClár do Dhaoine faoi Mhíchumas, chun oibreacha a

dhéanamh ar 24 teach de chuid an Údaráis Áitiúil, lena n-áirítear 4 shíneadh agus 20 oiriúnú.

CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Fuarthas cead ón Roinn chun Oifigeach Cothabhála Tionóntachta don Lucht Siúil a cheapadh i lár 2021. Faoin gclár píolótach seo, oibríonn an tOifigeach Cothabhála Tionóntachta don Lucht Siúil leo siúd ón Lucht Siúil maidir lena dtionóntacht, cibé acu tionóntacht ÍCT nó leithroinnt ar aonad Údaráis Áitiúil é.

Tháinig an Coiste Comhairliúcháin Áitiúil don Lucht Siúil (LTACC) le chéile 4 huairé le linn 2023. Leanadh ar aghaidh leis an obair chun an Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2019-2024 a chur i bhfeidhm.

CIGIREACHTAÍ AR CHÓIRÍOCHT PHRÍOBHÁIDEACH AR CÍOS

Tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí freagrach as Rialacháin na dTithe (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 2019 a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Cuireadh deireadh in 2023 leis an gconradh le Inspex Ltd., a fostaíodh in 2020 chun iniúchtaí cíosa príobháideacha a dhéanamh in Uíbh Fhailí. Cuireadh tús le hobair chun tairiscint nua a fhorbairt.



Acmhainní Daonna



Is é ról na Rannóige AD ná fórsa saothair inniúil a earcú, a choinneáil agus a thacú, chun tosaíochtaí eagraíochtúla a sheachadadh agus gníomhú mar phríomhspreagadh d'athrú agus d'fhorbairt eagraíochtúil.

Tá obair na Rannóige roinnte go ginearálta in ocht bpríomhréimse:

- Earcaíocht & Coinneáil Foirne
- Oiliúint agus Forbairt Foirne
- Párolla & Aoisliúntas
- Leas Fostaithe
- Bainistíocht Feidhmíochta
- Caidreamh Tionsclaíoch
- Pleanáil Fórsa Saothair
- Polasaithe san Ionad Oibre

SOLÁTHAR FOIRNE

Leagtar amach thíos líon iomlán na foirne amhail an 31 Nollaig 2023 i gcomparáid le 31 Nollaig 2008 nuair a tugadh isteach moratóir na seirbhíse poiblí ar fhostaíocht. Áirítear i líon iomlán na gCeann Foirne na poist neamh-DHLG&H agus poist do Chomhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht. Léiríonn sé seo an méadú suntasach ar earcaíocht le blianta beaga anuas agus an fórsa saothair ag filleadh ar leibhéal 2008.

Bliain	Líon Iomlán na mBall Foirne	Poist Neamh-DHLG&H	Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht
2008	516	12	63
2023	512	14	51

EARCAÍOCHT

Rinneadh earcaíocht shuntasach i rith na bliana, lena n-áirítear roinnt comórtas mór i ngráid iontrála thar phoist riaracháin, theicniúla, ghairmiúla agus speisialtóra. Reáchtáladh 47 comórtas éagsúil i rith na bliana agus, mar thoradh air sin, tháinig 78 ball foirne nua isteach san eagraíocht.

OILIÚINT & FORBAIRT FOIRNE

Cuireadh oiliúint foirne ar fáil bunaithe ar na tosaíochtaí seo a leanas:

1. Oiliúint Éigeantach Sláinte & Sábháilteachta
2. Riachtanais agus tosaíochtaí corparáideacha sainaitheanta
3. Riachtanais oiliúna arna sainithint ag an bhfoireann ina bPleananna Forbartha Pearsanta

Chuir na Comhaltaí maoiniú breise ar fáil arís sa bhuiséad oiliúna do 2023, go sonrath chun scéim cúnamh airgeadais a mhaoiniú do bhaill foirne atá ag déanamh staidéir bhreise mar chuid dá bhforbairt gairme/pearsanta. Baineadh leas as an maoiniú seo chun tacú le baill foirne ar mian leo tabhairt faoi chúrsa Teastais agus Dioplóma Rialtais Áitiúil san Institiúid Riaracháin, chomh maith le Céimeanna Máistreachta agus Cúrsaí larchéime. Bhain 23 ball foirne leas as an maoiniú seo in 2023. Cuireann an fhoireann fáilte i gcónaí roimh an mbeart dearfach seo agus tá sé thar a bheith tábhachtach don fhoireann nua atá ag obair in earnáil na n-údarás áitiúil den chéad uair.

Seo a leanas achoimre ar an raon oiliúna a cuireadh ar fáil ar fud na heagraíochta i rith na bliana: -

CÚRSAÍ OILIÚNA SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHTA

Reáchtáladh 30 cúrsa thar 55 lá oiliúna in 2023

CÚRSAÍ OILIÚNA EILE

Reáchtáladh 43 cúrsa thar 51 lá oiliúna in 2023

“ Lean an Roinn Acmhainní Daonna ar aghaidh ag cur a Chlár Chúnaimh Fostaithe i bhfeidhm le linn 2023 ”

PÁROLLA / AOISLIÚNTAS

Lean an rannóg Párolla / Aoisliúntais AD ar aghaidh ag riar agus ag déanamh monatóireachta ar riachtanais Phárolla agus Aoisliúntais na Comhairle i rith na bliana. Áiríodh leis seo riar a dhéanamh ar arduithe pá a comhaontaíodh faoi na Comhaontuithe Pá Náisiúnta.

LEAS FOSTAITHE

Lean an Roinn Acmhainní Daonna ar aghaidh ag cur a Chlár Chúnaimh Fostaithe i bhfeidhm le linn 2023 trí na soláthraithe seirbhíse Spectrum Life. Ina theannta sin, rinneadh socruithe chun clár teanndáileog Covid 19 a rolladh amach d'fhostaithe i rith na bliana i gcomhar le FSS.

Leanadh ar aghaidh freisin ag éascú na Socruithe um Chothromaíocht Oibre is Saol agus scéimeanna leasa fostaithe seo a leanas d'fhostaithe le linn 2023:

1. Saoire Thuismitheoireachta
2. Postroinnt
3. Bliain Oibre Níos Giorra
4. Saoire do Thuismitheoirí
5. Saoire Atharthachta
6. Scéim Rothaíochta chun na hOibre

CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH AGUS FOSTAITHE

Bainistíonn an Roinn Acmhainní Daonna caidreamh na Comhairle le ceardchumainn agus le hionadaithe foirne a dhéileáil le saincheistanna áitiúla agus náisiúnta, de réir mar a thagann siad chun cinn. Bhain na príomhcheistanna a tháinig chun cinn in 2023 le Seirbhísí Uisce a aistriú go hUisce Éireann,

an Comhaontú Seirbhísí Dóiteáin nua agus an fhoirm éilimh ar Mheastachán Poist ó FORSA. Ina theannta sin, leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm leanúnach cheanglais na gComhaontuithe Seirbhíse Poiblí le linn 2023.

TUAIRSCIÚ AR AN MBEARNA PHÁ IDIR NA HINSCNÍ

D'fhoilsigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí a dara tuarascáil ar an mBearna Pá idir na hInscní i mí na Nollag 2023. Leag an tuarascáil béim ar bhearna dhearfach pá idir na hInscní agus tá obair ar siúl chuige sin.

SOCRUITHE UM OBAIN CHUMAISC

Chuir an Roinn Acmhainní Daonna beartas um Obair Chumaisc agus na socruithe a tháinig as i bhfeidhm, de réir bheartas an Rialtais.


SCOR

Chuaigh na baill foirne seo a leanas ar scor le linn 2023:

- Frank Shaughnessy
- Gerard Brophy
- Bernadette Doheny
- Gerard Smith
- Vincent Heaton
- Patrick O'Connell
- Martin Crowe
- Patrick Pilkington
- Denis O'Meara Jnr



Córais Faisnéise



Déanann rannóg na gCóras Faisnéise bonneagar crua-earraí agus bogearraí TFC iomlán agus Néalseirbhísí na Comhairle a bhainistiú. Tá an bonneagar scaipthe ar fud thart ar 50 ionad sa Chontae agus úsáideann beagnach 500 ball foirne agus comhpháirtí é. Agus spleáchas méadaithe ar TFC chun cabhrú le nascacht agus táirgiúlacht gnó, tá sé níos tábhachtaí ná riamh go gcomhoibreoidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí le hÚdarás Áitiúla eile. Tá foireann na gCóras Faisnéise in Uíbh Fhailí ríthábhachtach chun comhoibriú a dhéanamh ar Chibearshlándaíl agus Córais Dhigiteacha ar fud na hearnála.

- Ghlac foireann na gCóras Faisnéise páirt i bhfoirmiú Straitéise Digiteach agus TFC nua don Rialtas Áitiúil - ‘Rialtas Digiteach Áitiúil: Ag Obair do Chách’ ina leagtar amach conas a dhéanfaidh an earnáil rialtais áitiúil seirbhísí digiteacha, pobail dhigiteacha, fórsa saothair digiteach agus córais dhigiteacha a fhorbairt go suntasach faoi 2030.
- Glacadh le ríomhphleanáil in Uíbh Fhailí, rud a fhágann gur féidir comhaid phleanála a uaslódáil chuig an tairseach seachas iad a phriontáil amach. Leis an ríomhphleanáil, is fusa iarratas phleanála a bhainistiú, ón iarratas féin a dhéanamh, go breathnú ar na comhaid iarratais, go haighneacht a dhéanamh, díreach ar aghaidh chuig an gcinneadh deiridh.
- Rinneadh uasghrádú iomlán ar Offaly.ie go hArdán nua, idir aistriú ábhair agus thagairt do chatalóg seirbhíse na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA). Beidh Offaly.ie ar an bpríomhthairseach do sheirbhísí na comhairle, ag obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe sa Ghnó agus sa Turasóireacht chun láithreach chomhsheasmhach ar líne a fhorbairt d’Uíbh Fhailí.
- Faomhadh agus líonadh ról bainistíochta Cibearshlándaála. Leanann foireann na gCóras Faisnéise ar aghaidh ag obair ar aon dul le Caighdeán Bhunlíne Chibearshlándaála na hEarnála Poiblí agus ceadóidh an ról nua cur chuige níos comhordaithe chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí cibearshlándaála. Leanann Córais Faisnéise de bheith ag comhoibriú go dlúth leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándaála agus le comhlachtaí eile san earnáil phoiblí chun bagairt na gcibeartheagmhais a laghdú. Tá feasacht ar chibearshlándaíl ríthábhachtach chun líonra slán a chothabháil. Cuirtear oiliúint rialta ar gach ball foirne maidir leis an gCibearshlándaíl.
- Tugadh isteach modhanna íocaíochta nua do roinnt seirbhísí a úsáideann an t-ardán MyCoCo. Ligfidh sé seo do chustaiméirí rátaí, cíosanna agus iasachtaí féachaint ar a gcuid sonraí cuntais agus iad a íoc ar líne, agus beifear in ann cineálacha eile íocaíochta a leathnú amach anseo tríd an ardán MyCoCo.
- Rinneadh ath-innealtóireacht ar nascacht líonra don fhoireann Uisce a bhog go hUisce Éireann, mar aon le hathruithe ar an gcaoi a ndéanann láithreáin iargúlta nascadh; chun athléimneacht agus inúsáidteacht an chórais chumarsáide a mhéadú. Leanann an tacaíocht don Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola (NWCPO), Leabharlanna, Seirbhísí Dóiteáin agus Stórais le córais nascachta líonra nua á dtástáil le haghaidh suíomhanna íseal-bandaleithead.
- Ghlac foireann na deisce cabhraí le hos cionn 7,200 glaoch teileafóin in 2023. Tá an Deasc Chabhrach fós ina príomhthosaíocht ag rannóg na gCóras Faisnéise toisc go ligeann sé dár gcomhghleacaithe a bheith níos táirgiúla. Ciallaíonn laghdú ar ghlaonna go bhfuil sraith ardán níos cobhsaí againn as a dtagann torthaí níos fearr don fhoireann agus do chustaiméirí, agus cuireann sé ar chumas fhoireann na gCóras Faisnéise díriú ar réimsí amhail clochlú digiteach.
- Rinneadh uasghrádú iomlán ar ár sraith Microsoft Office don fhoireann ar fad. Cinntíonn sé seo go bhfuil ardán níos comhoibrithí agus níos sábháilte acu chun oibriú uaidh.
- Glacadh le Néalseirbhísí in TF Oibriúcháin chun fórsa saothair níos soghluaiste a chumasú agus


chun leanúnachas gnó níos fearr a chinntiú nuair a tharlaíonn saincheistanna nascachta; i gcás daoine ag obair go cianda, nó san Oifig. Rinneadh tástáil Athshlánaithe ó Thubaiste (DR) i gcásanna áirithe DR agus bhí úsáideoirí gnó in ann nascacht a thástáil sa chás go raibh gá le DR a agairt.

- Claochlú Digiteach – Is éard atá i gclaochlú digiteach ná an teicneolaíocht dhigiteach a chomhtháthú i ngach réimse dár ngnó, rud a athraíonn go bunúsach an chaoi a n-oibrímid agus a sholáthraímid luach do chustaiméirí. Glacadh le réitigh nua agus réitigh eatramhacha do chórais ar nós Forfheidhmiúcháin Pleanála, Gearáin Chomhshaoil agus Obair Chumaisc. Rinneadh obair chun tomhaltas foriomlán cumhachta sócmhainní TFC a laghdú, rud a chuideoidh leis an eagraíocht torthaí níos fearr a bhaint amach maidir le cuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide.
- Rinneadh uasghráduithe ar chórais amhail an Córas Bainistíochta Caidrimh Cliant (CRM) Fiontair Áitiúil, córas na nDoiciméad Pleanála, córais Tithíochta agus an Córas Bainistíochta Airgeadais.

LEATHANBHANDA / DIGITEACH

Feidhmíonn Oifigeach Leathanbhanda / Digiteach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí mar phointe teagmhála tiomnaithe laistigh de Chontae Uíbh Fhailí chun teagmháil a dhéanamh le soláthraithe teileachumarsáide agus cabhraíonn sé le hullmhúcháin chun an Plean Náisiúnta Leathanbhanda laistigh den chontae a chur i bhfeidhm.

Tá ról ríthábhachtach ag an Oifigeach Leathanbhanda / Digiteach ó thaobh seirbhísí teileachumarsáide agus leathanbhanda ar fud Uíbh Fhailí a fhorbairt. Baintear é seo amach trí oibriú go dlúth leis an tionscal agus trí pháirt a ghlacadh le Grúpaí Gníomhaíochta Réigiúnacha agus Náisiúnta. Cinntíonn Straitéis Dhigiteach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí go ndéantar na buntáistí a bhaineann le forbairt bonneagair faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda a bhaint amach go hiomlán ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha agus cúrsaí sóisialta de. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo é a chur ar chumas Uíbh Fhailí teicneolaíochtaí leathanbhanda agus digiteacha a ghairáil le haghaidh athnuachan tuaithe. Déanfaidh an Oifig Leathanbhanda / Digiteach idirchaidreamh freisin le rannóga na comhairle, comhghleacaithe, comhairleoirí, pobail áitiúla, agus bealaí maoinithe chun gníomhaíochtaí agus tionscadail a thacaíonn leis an Straitéis Dhigiteach a nascadh agus a chomhordú.



Is iad seo a leanas na príomhthionscadail a cuireadh i gcrích in 2023:

- Wi-Fi Poiblí/Pobail Saor in Aisce i mbreis agus 100 ionad in Uíbh Fhailí.
 - Tá leathanbhanda ardluais agus Wi-Fi suiteáilte anois i 40 ionad pobail.
 - Obair déanta leis an Rannóg Pobail / OLCD ar dheiseanna do shuímh nua a roghnú.
- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda – Is féidir le 1672 teach leathanbhanda snáithín a fháil anois - leanann NBI le suirbhé a dhéanamh i gceantair eile in Uíbh Fhailí agus táimid ag obair chun an soláthar in Uíbh Fhailí a mhéadú.
- Moil Nasctha – 9 Mol Uíbh Fhailí agus leanaimid ag tacú chun cianoibre inbhuanaithe, comhoibrithe agus spásanna oibre gnó a fhorbairt.
- Infheistíocht i mBonneagar Snáithín in Uíbh Fhailí
 - D’fhógair SIRO Infheistíocht €10 Milliún i Líonra Leathanbhanda Iomlán Snáithín do Bhailte Uíbh Fhailí (Tulach Mhór, Biorra, Éadan Doire & Cúil an tSúdaire).
 - Leanann OpenEir ar aghaidh ag rolladh amach snáithín in Uíbh Fhailí.
 - Obair leanúnach leis na Cuideachtaí Teileachumarsáide ar fad maidir le Leathanbhanda ardluais agus 5G a chur i bhfeidhm in Uíbh Fhailí
- Scileanna Digiteacha / Oideachas - Oideachas ETIEM (STEAM)
 - Thug Oifigeach Oideachais ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) lánaimseartha a bhí ag obair go díreach le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna in Uíbh Fhailí i rith 2023 breis agus 200 cuairt ar scoileanna chun cabhrú le daltaí agus múinteoirí.
 - Craobhchomórtais VEX Robotics Uíbh Fhailí 2023 inar ghlac breis agus 2000 dalta páirt.
 - Rinne Scoil Náisiúnta an Tobair ionadaíocht ar Uíbh Fhailí agus ar Éirinn ag Craobhchomórtais Domhanda VEX Robotics i SAM i mBealtaine 2023 agus rinne an scoil ionadaíocht le gradam ar Chontae Uíbh Fhailí.
- DojoMór – Ócáid Códaithe do Leanaí 7-17 – Bhí Uíbh Fhailí i dteagmháil le hocht gcoláiste tríú leibhéal – Deireadh Fómhair 2023.
- Clár ETIEM BOOLUF dírithe ar dhaltai Bhliain 1 agus Bhliain 2 (Vex Robotics, First Lego League, Microsoft Minecraft & Podchraoladh/ Meáin Dhigiteacha)
- Comhoibriú le Soláthraithe Oideachais agus Foghlama chun tacú le deiseanna Oideachais agus Oiliúna Digiteach.
 - Comhpháirtíocht idir Comhairle Chontae Uíbh Fhailí / Comhairle Contae Laoise agus Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí, ag obair le múinteoirí chun a “HDip san Eolaíocht sa Ríomhaireacht d’Oideoirí” a bhaint amach trí Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Leitir Ceanainn, rud a ligfidh d’iar-bhunscoileanna Eolaíocht Ríomhaireachta a thairiscint mar Ábhar Ardteistiméireachta.
- Braisle TFC Lár na Tíre - Scileanna & Tallann TFC Lár na Tíre
 - Oibriú le Tionscal, Oideachas agus Rialtas chun lucht saothair a bhfuil scileanna digiteacha acu a fhorbairt i réimsí mar ard-déantúsaíocht, róbataic, innealtóireacht, bogearraí, agus anailísíocht sonraí,
 - Trí chomhoibriú a dhéanamh ar fud chontaetha Laoise, Longfoirt, Uíbh Fhailí agus na hIarmhí, táimid ag obair chun cláir oideachais dhigitigh a neadú i scoileanna ar fud an réigiúin. Tá an réigiún ag infheistiú sna glúnta atá le teacht trí na scileanna atá riachtanach do phoist a thabhairt dóibh, poist nár breithníodh go fóill b’fhéidir.
- Clár DreamBig: téann daltaí i mbun gníomhaíochtaí praiticiúla a chlúdaíonn Digtú, Róbataic, Innealtóireacht, Uathoibriú agus Déantúsaíocht - Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo atá faoi stiúradh an tionscail daoine óga a spreagadh, a mhealladh isteach agus tacú leo chun ard-déantúsaíocht a roghnú mar ghairm bheatha.

Seirbhís Leabharlainne Contae Uíbh Fhailí





Leanann Seirbhís Leabharlainne Contae Uíbh Fhailí ar aghaidh ag cur cuspóirí Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí 2023-2027: *Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid*, agus plean forbartha eatramhach Leabharlanna Uíbh Fhailí atá ag dul in éag: *Pobail Chomhoibríocha a Chruthú, 2022-2023*, arna glacadh ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí i mí Eanáir 2022.

Tá comhairliúcháin agus ullmhúcháin ar siúl faoi láthair do Plean Forbartha Leabharlainne nua do 2024-2028.

Áireofar sna cláir náisiúnta straitéiseacha faoi *Is í an Leabharlann an Áit*:

- **Daoine** (Féilte Léitheoireachta & Litearthachta, Leabharlanna do Chách - Bailiúcháin, Cláir & Cuimsiú, Scileanna don Saol)

- **Spásanna** (An Leabharlann mar Lárionad an Phobail, Foirgnimh & Braistint Áite, Inbhuanaitheacht & Gníomhú ar son na hAeráide - Ár dTairiscint Dhigiteach)
- **Naisc & Cultúr** (Comhpháirtíochtaí & Comhoibriú, Soláthar Pobail & Cultúr, T&F agus Cur Chun Cinn)

“ Leanadh ar aghaidh leis an obair i rith 2023 chun spás nua leabharlainne agus ealaíon a fhorbairt ag 33-34 Sráid JKL, Éadan Doire, Co. Uíbh Fhailí.”

FEIDHMÍOCHT 2023

Chuir foireann na leabharlainne seirbhísí ar ardchaighdeán chun cinn agus d'oibrigh siad chun ár spásanna cathartha uathúla a úsáid chun ról na leabharlann a neartú mar thairseacha chun teacht ar shaothair chultúrtha, scileanna agus taithí, agus mar bhealach chun iad a scaipeadh chomh maith.

Rinneadh iarrachtaí ar leith Cuimsiú Sóisialta, Oiriúnú Aeráide agus Inrochtaineacht a leabú inár samhlacha seirbhíse chun tacú le rannpháirtíocht úsáideoirí a mhéadú in 2023.

Tá áthas ar an tSeirbhís Leabharlainne a thuairisciú go bhfuil méadú tagtha ar rannpháirtíocht na n-úsáideoirí thar éagsúlacht formáidí agus ardán, mar a shonraítear inár mbuaicphointí feidhmíochta thíos:

TIONSCADAL CAIPITIL SPÁS LEABHARLAINNE AGUS EALAÍON ÉADAN DOIRE

Leanadh ar aghaidh leis an obair i rith 2023 chun spás nua leabharlainne agus ealaíon a fhorbairt ag 33-34 Sráid JKL, Éadan Doire, Co. Uíbh Fhailí. Tá an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ag tacú leis an tionscadal seo i gcomhpháirt le Comhairle Chontae Uíbh Fhailí tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe.

Is éard a bheidh sa tionscadal seo ná leabharlann pobail dhá stór agus spás ealaíon nua a chuimseoidh leabharlanna do dhaoine fásta, do dhéagóirí agus do leanaí, spás ilchuspóireach agus stiúideonna d'Ealaíontóirí, chomh maith le spásanna tacaíochta coimhdeacha ar nós seomraí cruinnithe leabharlainne agus Seomra Céadfach. Ceadáíodh Pleanáil Chuid 8 i mí Eanáir 2024.

Feidhmíocht	2023	2022	%
Cuairteanna ar Leabharlanna	186,571	149,587	+25%
Gach Saincheist	205,443	202,017	+2%
Imeachtaí	3,011	1,372	+119%
Lucht freastail	30,099	18,041	+67%
Úsáid TFC	55,965	54,204	+3%
Saincheisteanna ríomhleabhar	31,060	26,632	+16%
Leantóirí ar na Meáin Shóisialta	11,022	10,174	+8%
Síntiúsóirí ar an Nuachtlitir	3,104	1,723	+80%

DÁMHACHTAINÍ DEONTAIS ROINNE 2023 DO LEABHARLANNA UÍBH FHAILÍ:

Lig maoiniú deontais do Leabharlanna Uíbh Fhailí cur le cláir rathúla agus caidrimh nua a fhorbairt. Seo chuid de na buaicphointí:

- **Maoiniú na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail €58,000:** le haghaidh uasghráduithe TFC ar ghairis phoiblí, chun ár leabharlanna poiblí a dhéanamh níos inrochtana agus níos cuimsithí go digiteach do chách.
- **Maoiniú Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga €8,000:** Ag ligean do Chlár Céadfach Uíbh Fhailí agus Clár Tacaíochta Tuismitheoireachta, i gcomhpháirtíocht le Leabharlanna Laoise
- **Maoiniú Éire Shláintiúil €6,000:** Suíocháin do Dhaoine Breacaosta agus clár Imeachtaí do gach aoisghrúpa a chur ar fáil.
- **Maoiniú Lánpháirtíochta trí CYPSC & DCEDIY €4,000:** Imeachtaí do Leanaí agus a dteaghlaigh atá ina gcónaí i Seirbhíse Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta.
- **Maoiniú Tusla €1,250:** Tacaíochtaí leabhar do Phobal Mhuintir na hÚcráine

FILLEANN AN TSEIRBHÍS ‘MO LEABHARLANN OSCAILTE’ AR LEABHARLANNA UÍBH FHAILÍ

In 2023 tosaíodh seirbhísí feabhsaithe iomlána Mo Leabharlann Oscailte i mBeannchar, san Fhéar Bán agus i dTulach Mhór agus beidh seirbhís nua Mo Leabharlann Oscailte ag tosú go luath in 2024 i Leabharlann Chill Chormaic.

FORBAIRTÍ TFC & ACMHAINNÍ DIGITEACHA I LEABHARLANNA UÍBH FHAILÍ

Cuireadh Turais Fhíorúla ar fáil i ngach brainse leabharlainne chun tacú le gealltanais inrochtaineachta Leabharlanna Uíbh Fhailí.

Is féidir rochtain a fháil ar na turais seo ar líne ag offaly.ie/libraries, áit a dtugtar réamhamharc cuimsitheach ar na seirbhísí atá ar fáil i ngach leabharlann i bhformáid atá éasca le húsáid, roimh chuairt a thabhairt ar an leabharlann go pearsanta. Mar chuid de na hiarrachtaí athfhorbartha ginearálta ar shuíomh gréasáin Offaly.ie, tugadh isteach

leathanach lamairne nua do Leabharlanna Uíbh Fhailí. Léiríonn dearadh úr an tsuímh gréasáin raon leathan faisnéise inrochtana faoi bhraintí, seirbhísí agus na cláir atá ar fáil inár leabharlanna.

Ó cuireadh Córas Bainistíochta Leabharlainne nua i bhfeidhm, tá sár-úsáid bainte ag úsáideoirí leabharlainne as a gcuntais ar líne, tar éis dóibh os cionn 10,500 mír a chur in áirithe agus breis is 12,500 mír a athnuachan sa bhliain 2023, agus tugadh 214,000 cuairt ar chatalóg ar líne Leabharlanna Uíbh Fhailí i 2023 amháin.

I mí Mheán Fómhair 2023, sheol Leabharlanna Uíbh Fhailí nuachtlitir bhreise spríodhírthe, ‘The Bookmark Bulletin,’ atá dírithe ar scoileanna, oideachasóirí agus oibríthe óige chun aird a tharraingt ar na seirbhísí tacaíochta oideachais atá ar fáil tríd an leabharlann.

Faoi láthair, tá 130 síntiúsóir ag nuachtlitir na scoile agus tá méadú tagtha ar ár nuachtlitir ghinearálta go 3,100 síntiúsóir.

Thug Leabharlanna Uíbh Fhailí isteach ríomh-Acmhainn nua do leanaí. Tá sé mar aidhm ag Moshí leas sóisialta agus mothúcháin leanaí idir 0 – 10 mbliana d’aois a fheabhsú trí chabhrú leo déileáil le mothúcháin chasta ar nós brón, féinmhuinín, frustrachas nó comhbhá.

Tá an aip oiriúnach do leanaí, níl aon fhógraí uirthi, agus cuireann sí níos mó ná 400 píosa inneachair saincheaptha i láthair, gach ceann díobh saor in aisce do phátrúin Leabharlanna Uíbh Fhailí.

FORBAIRTÍ FOIRGNIMH LEABHARLAINNE

Rinneadh mo Leabharlann Oscailte agus bealaí aimsithe feabhsaithe a shuiteáil i leabharlanna Thulach Mhór, an Fhéir Bháin agus Bheannchair in 2023.

Rinneadh athchóiriú ar Leabharlann Bheannchair go luath in 2023. Athraíodh an spás ó bhonn go timpeallacht gheal mhealltach trí sheilfeanna inrochtana agus feistis nua a shuiteáil.

TIONSCNAMH UÍBH FHAILÍ CÉADFACH DE CHUID LEABHARLANNA UÍBH FHAILÍ

Faoin tionscnamh Uíbh Fhailí Céadfach, tá teacht anois ag leanaí, daoine óga agus daoine fásta faoi mhíchumas, riachtanais bhreise agus dúshlán foghlama ar acmhainní riachtanacha, bréagáin, trealamh, agus faisnéis. Ag baint leasa as deiseanna maoinithe arna gcur ar fáil ag CYPSC, reáchtáil Leabharlanna Uíbh Fhailí sraith de **11 imeacht do 115 duine**, ag díriú ar cheardlanna súgartha agus céadfacha.

Tá Seomra Céadfach saintógtha ag Leabharlanna Uíbh Fhailí freisin i Leabharlann Thulach Mhór, Spás Céadfach i Leabharlann Éadan Doire agus tá an tríú Spás Céadfach á fhorbairt i Leabharlann Bhorra. In 2023, chuireamar fáilte roimhe **2,300 úsáideoir** chuig ár Spásanna Céadfach.

CLÁR TUISMITHEOIREACHTA, SRAITH AN FHÓMHAIR 2023

Bhí áthas ar Leabharlanna Uíbh Fhailí, i gcomhar le Leabharlanna Laoise, **34 caint ar líne agus ceardlann aghaidh ar aghaidh** a chur i láthair agus d'fhreastail **278 duine** ar na himeachtaí in 2023.

Le tacaíocht ó Choistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CYPSC) Laoise, tugann an Clár Tacaíochta Tuismitheoireachta cuireadh do shaineolaithe plé a dhéanamh ar raon leathan ábhar tuismitheoireachta a bhfuil tionchar acu ar leanaí faoi láthair.

CLÁR ETIEM LEABHARLANNA UÍBH FHAILÍ

Le tacaíocht ón gclár Éire Chruthaitheach, is comhordú ar fud an chontae é Clár ETIEM nuálach Leabharlanna Uíbh Fhailí anois de cheardlanna agus

imeachtaí do gach lucht féachana in 2023.

Ag teacht go sonrach le Féilte Eolaíochta náisiúnta, lean ár leabharlannad'ábhair ETIEM a chur ar fáil ar feadh na bliana le seisiúin Saorshúgartha Lego, imeachtaí VEX Robotics, eispéiris Réaltachta Fíorúla agus taispeántais ar ár bprintéir 3D á reáchtáil ar bhonn rialta. Ag baint tairbhe as **comhpháirtíochtaí tábhachtacha** le hEolaíocht Lár na Tíre, comhghleacaithe sa roinn TFC, lena n-áirítear an tOifigeach ETIM, chuir clár VEX Leabharlanna Uíbh Fhailí fáilte roimh **2,300 rannpháirtí** chuig imeachtaí ETIEM in 2023.

Aithníodh clár ETIEM Leabharlanna Uíbh Fhailí 2023, mar chuid de thionscnamh ETIM níos leithne Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí le **'Gradam Cumarsáide/Nuálaíochta is Fearr' LAMA** a bhaint amach do 'STEAMing Ahead: How Offaly's Kids are Shaping our Rural Future' i mí Feabhra 2024..

SEIRBHÍS LEABHARLAINNE UÍBH FHAILÍ - FREAGAIRT POBAIL

Tá go leor seirbhísí curtha ar fáil ag **Leabharlanna Uíbh Fhailí** mar chuid d'Fhóram Freagartha Pobail Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí go ginearálta.

Lig maoiniú lánpháirtíochta a fuarthas trí CYPSC & DCEDIY do Leabharlanna Uíbh Fhailí **13 imeacht a sheachadadh do 267 leanbh agus a dteaghligh**, dírithe ar thacú le teaghligh atá ina gcónaí i

Ionaid Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta chun comhtháthú a dhéanamh ina bpobail áitiúla. Seachadadh na himeachtaí seo i Leabharlanna Bheannchair agus Thulach Mhór, Tá Leabharlanna



Uíbh Fhailí bródúil as leabhair a thairiscint i dteangacha eile seachas Béarla, lena n-áirítear an Úcráinis, chomh maith le hacmhainní ar líne a thacaíonn le léitheoirí i dteangacha eile seachas Béarla. Táirgeadh bileog san Úcráin ina sonraítear an iliomad seirbhísí atá ar fáil i Leabharlanna Uíbh Fhailí.

TACÚ LE TIONSCNAIMH NÁISIÚNTA UM CHEART CHUN LÉAMH:

Is tionscnamh náisiúnta é Ceart chun Léamh a thacaíonn le forbairt litearthachta agus léitheoireachta trí imeachtaí bliantúla.

Chomhordaigh Leabharlanna Uíbh Fhailí go leor imeachtaí do gach snáithe den chlár, agus d'éirigh thar barr leo ar fad!

An Clár 'Ceart chun Léamh'	2023	2022	%
Spring into Storytime	2,707	387	+599%
Summer Stars	4,997	896	+558%
Lucht Cláraithe Summer Stars	1,891	1,267	+149%
Féile Leabhar na Leanaí	1,801	1,195	+151%
Am Teaghlaigh i do Leabharlann	3,099	1,826	+170%

SPRING INTO STORYTIME 2023

Chuir foireann na leabharlainne 108 imeacht éagsúla iontacha ar fáil saor in aisce do na 2,707 duine a d'fhreastail ar Spring Into Storytime le linn mí an Mhárta agus mí Aibreáin.

SUMMER STARS 2023

Chláraigh breis agus 1,890 leanbh don Tionscnamh Léitheoireachta Summer Stars le Leabharlanna Uíbh Fhailí agus d'fhreastail 4,997 rannpháirtí ar 251 imeachta saor in aisce.

FÉILE LEABHAR NA LEANAÍ 2023

Choimeád Leabharlanna Uíbh Fhailí réimse imeachtaí a d'fhreastail 1,801 duine orthu le haghaidh Fhéile Leabhar na Leanaí. Reáchtáladh cuairteanna ó údair, seisiúin scéalaíochta agus seisiúin cheardaíochta i rith mhí Dheireadh Fómhair.

AM TEAGHLAIGH I DO LEABHARLANN 2023

Chomhordaigh Leabharlanna Uíbh Fhailí raon d'imeachtaí féilte, a bhain taitneamh as os cionn 3,000 rannpháirtí mar chuid dár gceiliúradh Am Teaghlaigh i Do Leabharlann, lena n-áirítear Am Scéalaíochta, Carúil na Nollag agus Scannáin Teaghlaigh.

LÁ ÉIRE AG LÉAMH, 25 FEABHRA 2023

Ghlac Leabharlanna Uíbh Fhailí leis an Lá Náisiúnta Léitheoireachta seo, ag spreagadh daoine in Uíbh Fhailí chun 'Scaitheamh a chaitheamh ag Léamh' i mí Feabhra, go háirithe ar an Satharn, 25 Feabhra, Lá Éire ag Léamh.

Rinne Leabharlanna Uíbh Fhailí comhordú ar 25 imeacht ar fud an chontae ar a d'fhreastail 578 duine, lena n-áirítear am scéalaíochta, ceardaíocht, cuairteanna ar scoileanna, seisiúin buail isteach dár seirbhísí digiteacha, cuairteanna ó údair agus ceardlanna léaráidí.

NA CHÉAD 5 - TIONSCNAMH LEABHARLANN BHEAG, 2023

Scaip Leabharlanna Uíbh Fhailí breis agus 1,700 leabhar scéalta am codlata do leanaí faoi bhun 4 bliana d'aois mar chuid de Straitéis na Chéad 5.

Bronnadh 816 Mála Leabhar faoin tionscnamh Mo Leabharlann Bheag do leanaí a bhí ag tosú ar scoil i mí Mheán Fómhair 2023. Tugadh cuireadh do leanaí ballraíocht a thosú ina leabharlann áitiúil agus a gcuid sparán cártaí leabharlainne féin a bhailiú.

Thug foireann na leabharlainne cuairt ar 36 Ionad Luathfhoghlama in 2023 chun na tionscnaimh a chur chun cinn.

SEACHTAIN NA GAEILGE LE LEABHARLANNA UÍBH FHAILÍ

Reáchtáil Leabharlanna Uíbh Fhailí sár-raon imeachtaí do gach aois agus do gach cumas le linn Sheachtain na Gaeilge 2023.

Spreagadh **150 rannpháirtí** chun a gcúpla focal a úsáid ag **30 imeacht**, lena n-áirítear am scéalaíochta agus ceardaíocht do pháistí, chomh maith le scannáin speisialta ‘as Gaeilge’ do lucht féachana níos sine.

Táimid thar a bheith bródúil go bhfuil trí ghrúpa comhrá seanbhunaithe againn a thagann le chéile i Leabharlann Bhorra, Leabharlann Chlóirthigh agus Leabharlann Thulach Mhór gach seachtain. In 2023, reáchtáil na grúpaí sin **75 cruinniú** ar a d’fhreastail **525 duine**.

CRUINNIU NA NÓG, SATURDAY 10TH JUNE

Dé Sathairn 10 Meitheamh, d’fhreastail breis agus **254 leanbh** ó gach cearn den chontae ar **28 imeachta iontacha saor in aisce** arna eagrú ag Cruinniú na nÓg agus arna seachadadh ag Leabharlanna Uíbh Fhailí thar ceann Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí.

Ag druidim le Cruinniú na nÓg, choimisiúnaigh Leabharlanna Uíbh Fhailí roinnt tionscadal forbartha le scoileanna áitiúla lena n-áirítear Déanamh Scannán, Scríbhneoireacht Chruthaitheach agus Samhaltú Cré.

COMIC CON LEABHARLANNA UÍBH FHAILÍ, DÉ SATHAIRN 15 MEÁN FÓMHAIR 2023

Reáchtáil Leabharlann Thulach Mhór a ceathrú tráthchuid de **Comic Con Leabharlanna Uíbh Fhailí** Dé Sathairn 16 Meán Fómhair 2023. Chuir foireann na leabharlainne fáilte roimh **1,300 cuairteoir chuig Leabharlann Thulach Mhór** i rith an lae.

Bhí ceardlanna agus gníomhaíochtaí cruthaitheacha saor in aisce ar fáil inár gCrios Cruthaitheach, le breis agus **60 rannpháirtí** i gceardlanna Déanamh Léarscáileanna Fantaisíochta, ceardlanna Tógála Carachtair Miotaseolaíochta agus ceardlanna Lego.

Bhí raon leathan gníomhaíochtaí do pháistí de gach aois mar chuid den imeacht seo a bhí oiriúnach do theaghlaigh, lena n-áirítear seisiúin Dungeons and Dragons, Saorsúgradh Lego, VEX Robotics agus eispéiris Réaltachta Fíorúla.

Agus é cómhaoinithe go cineálta ag an gclár Éire Chruthaitheach, tá Comic Con Leabharlanna Uíbh Fhailí ina eiseamláir iontach ar nuálaíocht, cruthaitheacht agus spraoi laistigh d’fhéilire Leabharlanna Uíbh Fhailí.

ÉIRE SHLÁINTIÚIL I DO LEABHARLANN

Rinne Leabharlanna Uíbh Fhailí, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, an Roinn Sláinte agus comhpháirtithe áitiúla Éire Shláintiúil, clár éagsúil d’imeachtaí saor in aisce, idir imeachtaí ar líne agus imeachtaí sa bhrainse, a reáchtáil.

Cuireadh **11 imeacht** ar fáil do **267 duine**, ag díriú ar thopaicí a bhaineann leis an Meanapás, Cibearshábháilteacht, Aireachas, Féindochar agus tuilleadh nach iad.

AOISBHÁ AG LEABHARLANNA UÍBH FHAILÍ

Tá bród orainn a fhógairt go bhfuair gach ceann dár leabharlanna **Cairt Aoisbhách** in 2023 ó Aoisbhá Éireann.

Cuireann ár leabharlanna réimse seirbhísí cúnta ar fáil do phátrúin breacaosta, lena n-áirítear Tralaí Cúnaimh Aoisbhá i Leabharlann Thulach Mhór, Léitheoirí Gloine Formhádúcháin agus Lúbaí Éisteachta curtha isteach i ngach brainse leabharlainne.

Chuir Leabharlanna Uíbh Fhailí clár bríomhar agus éagsúil de **20 imeacht** ar fáil chun **Féile Bealtaine a cheiliúradh** i mí na Bealtaine 2023.

Chuireamar fáilte roimh **182 duine** chuig maidineacha Tae agus Caife, ceardlanna Déanamh Fleasc le BOOLUF, Ceolchoirmeacha Gramafóin, Seisiúin Scéalaíochta, agus caint maidir le Grianghrafadóireacht ar fhón cliste.

Is tionscnamh Ealaíon Aoisbhá & Deiseanna é Bealtaine. Leabharlanna Uíbh Fhailí arna gcómhaoiniú go cineálta ag Éire Ildánach.

Rinne ár leabharlanna **20 imeacht** a chomhordú timpeall an chontae chun cabhrú le **Seachtain an Aosaithé Dhearfaigh** a cheiliúradh i mí Dheireadh Fómhair 2023. Reáchtáladh Maidineacha Caife, lóga Cathaoireach, Ceol Idirghlúine le Music Generation agus Aireachas do **169 duine**.

I MEASC NA DTOSAÍOCHTAÍ DO 2024 TÁ:

- Forbairt caipitil leabharlann pobail agus spás ealaíon nua in Éadan Doire a chur chun cinn
- Plean Forbartha Leabharlainne nua do 2024 – 2028 a thabhairt isteach agus a ghlacadh
- Ailínithe straitéiseacha a leabú agus deiseanna maoinithe a uasmhéadú ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach
- Seirbhísí Mo Leabharlann Oscailte a sheoladh ag Leabharlann Chill Chormaic
- Leabharlanna Uíbh Fhailí a léiriú mar chroílár fhorbairt na léitheoireachta agus na litearthachta laistigh dár bpobail
- Feabhsuithe seirbhíse agus tógála a chur chun cinn in áiseanna leabharlainne ar fud an chontae
- Cur le cuspóirí aeráide agus comhshaoil áitiúla agus náisiúnta trí fhaisnéis agus cláir a sholáthar don phobal trí leabharlanna.
- Leabharlanna a chur i gcroílár na bpobal, ag cothú ‘braistint áite’. Leanúint ar aghaidh le cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus comhpháirtíochtaí nuálacha agus cláir imeachtaí pobail agus cultúrtha lánbhí a fhorbairt
- Inrochtaineacht agus rannpháirtíocht leabharlainne a mhéadú trí bhailiúcháin thraidisiúnta agus dhigiteacha, seirbhísí agus teicneolaíocht leabharlainne a fhorbairt
- Ballraíocht ghníomhach a mhéadú trí úsáideoirí a spreagadh ar ais chuig spásanna leabharlainne
- An chomhpháirtíocht idir Seirbhís Cartlainne Uíbh Fhailí agus Leabharlanna Uíbh Fhailí a neartú, agus tuilleadh cur chun cinn a



dhéanamh ar sheirbhísí Chartlainne Uíbh Fhailí agus Leabharlanna Uíbh Fhailí

- Próifíl na leabharlainne a ardú go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trí thacaíocht phearsanta, agus bolscaireacht ar líne a chuimsíonn nuachtlitreacha, blaganna, cláir chultúrtha idirghníomhacha agus feachtais meán sóisialta.
- Athbhreithniú, monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na seirbhíse leabharlainne, ag teacht le gach riachtanas táscairí seirbhíse áitiúla agus náisiúnta, ar mhaithe leis an bpobal

Forbairt Gheilleagrach



FORBAIRT GHEILLEAGRACH

Bainistíonn Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Uíbh Fhailí na Feidhmeanna Fiontraíochta, Forbartha Eacnamaíochta agus Turasóireachta laistigh de Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí. Tuairiscíonn an Ceann Fiontair don Stiúrtóir Seirbhísí um Fhorbairt agus Pleanáil Eacnamaíoch, agus d’Fhiontraíocht Éireann.

Trí raon leathan gníomhaíochtaí agus cláir oibre spriocdhírthe, tá OFÁ Uíbh Fhailí ag obair go dian chun Ráiteas Mísín Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí “Forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, sóisialta agus pobail a stiúradh in Uíbh Fhailí” a chur i ngníomh.

FORBAIRT FIONTAR

Cuireann an Oifig Fiontair Áitiúil Plean Forbartha Fiontraíochta ceithre bliana ar fáil. Éilítear, trí fheidhmiú Phlean Forbartha Fiontraíochta OFÁ Uíbh Fhailí 2021-2024 ar OFÁ Uíbh Fhailí, raon leathan tionscnamh a chur i ngníomh.

Áirítear leis na Príomhghníomhaíochtaí:

- Ionad Ilfhreastail do dhuine ar bith a dteastaíonn uathu gnó a bhunú nó a fhás
- Comhairle Gnó, Meantóireacht agus Cóitseáil
- Oiliúint Fiontair
- Imeachtaí agus Seimineáir Líonraithe
- Airgeadas, Deontais agus Iasachtaí
- Fiontraíocht a Chur Chun Cinn

PRÍOMHBHUAICPHOINTÍ FIONTRAÍOCHTA 2023:

Rannpháirtíocht Ghníomhach le Fiontair Uíbh Fhailí chun tacú leo i ndiaidh na paindéime, i ndiaidh

BREXIT agus tríd an ngéarchéim fuinnimh

Déanann foireann OFÁ Uíbh Fhailí teagmháil réamhghníomhach le cliaint agus le fiontair Uíbh Fhailí le cloisteáil faoi cheisteanna gnó, agus le comhairle a chur ar úinéirí gnó faoi thacaíochtaí ábhartha. Tá tacaíocht á fáil ag úinéirí gnó trí mheantóireacht spriocdhírthe, oiliúint fiontraíochta agus bainistíochta, maoiniú agus líonrú. Cuireann OFÁ Uíbh Fhailí laethanta comhairleoireachta ar fáil freisin chun cabhrú le straitéis agus forbairt gnó. Tá OFÁ Uíbh Fhailí gníomhach ag spreagadh úinéirí gnó chun dul i ngleic lena n-oifig OFÁ nuair a bhíonn cúrsaí ag dul go maith, agus nuair a bhíonn deacrachtaí ann. Eisítear ár nuachtlitir leictreonach mhíosúil chuig 5,000 síntiúsóir.

Oiliúint, Seimineáir agus Imeachtaí

I rith na bliana, cuireann OFÁ Uíbh Fhailí raon leathan imeachtaí oiliúna fiontraíochta agus gnó ar fáil. In 2023, lean OFÁ Uíbh Fhailí ar aghaidh ag seachadadh go leor clár oiliúna ar líne agus ag an am céanna ag eagrú roinnt imeachtaí oiliúna agus líonraithe pearsanta. In 2023, ghlac 691 duine gnó páirt inár gclár oiliúna fiontraíochta agus bhain 221 duine leas as tascanna meantóireachta duine le duine.

In 2023, d’oibrigh OFÁ Uíbh Fhailí go dlúth le Fiontraíocht Éireann chun raon tionscnamh spriocdhírthe a chur chun cinn chun cabhrú le gnólachtaí a bheith níos éifeachtaí agus níos táirgiúla. Áirítear leo Glas don Ghnó, Barainneach don Ghnó agus Digiteach don Ghnó. Tá feachtas meán náisiúnta agus suíomh idirlín nua seolta www.allinadayswork.ie chun feachtas ar na tacaí a mhéadú.

Mar chomhlánú ar an bhfeachtas seo, thug OFÁ Uíbh Fhailí seisiún meantóireachta saor in aisce isteach d’úinéirí gnólachtaí Uíbh Fhailí ionas gur féidir leo níos mó a fhoghlaim faoi na tionscnaimh agus faoi na tacaíochtaí is fearr a d’oirfeadh dóibh. Tá na tionscnaimh saor in aisce nó tá fóirdheontas mór á bhfáil acu agus is féidir iad a chur i gcrích thar thréimhse 2 go 5 lá.

Clár Píolótach chun Tacú le Gnóthais a bhfuil Uaillmhian Idirnáisiúnta acu

In 2023, sheol Fiontraíocht Éireann Tionscnamh Píolótach nua le haghaidh Déantúsaíochta agus Gnólachtaí Seirbhíse a Thrádáiltear go hIdirnáisiúnta

a fhostaíonn suas le 50 duine. Is féidir le gnólachtaí cáilitheacha, a bhfuil de mhian acu easpórtáil a dhéanamh, iarratas chur isteach agus, faoi réir critéar, is féidir le OFÁ Uíbh Fhailí nó Fiontraíocht Éireann tacú leo Cuirtear an tacaíocht tosaigh ar fáil ar mhaithe le Plean Idirnáisiúnaithe a chur le chéile. Ina dhiaidh sin, féadfar an gnó a shannadh do OFÁ Uíbh Fhailí nó d'Fhiontraíocht Éireann, áit ar féidir leo cur isteach ar thacaíochtaí airgeadais.

Cur Chun Cinn na Fiontraíochta - Fiontraíocht Daltaí, Fiontraíocht na mBan

Fiontraíocht Daltaí - Tá OFÁ Uíbh Fhailí ar cheann den líon beag Oifigí Fiontair Áitiúla ar fud na tíre a reáchtálann Cláir Fiontraíochta do Dhaltaí ag leibhéal na Bunscoile agus na Meánscoile. In 2023, ag leibhéal na Bunscoile, bhí 13 scoil agus 42 dalta rannpháirteach sa scéim. Ag an Meánleibhéal, bhí 10 scoil agus 613 dalta rannpháirteach sa scéim.

Fiontraíocht na mBan - Bhí Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan sa Réigiún Lár na Tíre ar siúl ar an Déardaoin, 19 Deireadh Fómhair 2023, ag an gCaisleán Dharú maorga agus thug sé deis do mhná ó Laois, ón Longfort, ó Uíbh Fhailí agus ón Iarmhí líonrú a dhéanamh, eolas a fháil agus spreagadh a shú isteach ó mhná eile i mbun gnó. D'fhreastail breis agus 200 bean ar an imeacht seo i gCaisleán Dharú.

Plean Forbartha Fiontair Áitiúil 2021-2024 a sheachadadh

Chun an plean thuas a chur i bhfeidhm, ní mór do OFÁ Uíbh Fhailí raon leathan tionscnamh a sheachadadh. Tá na nithe seo a leanas sa bhreis ar sheirbhísí faisnéise agus comhairleacha, oiliúint agus meantóireacht, tacaíocht airgeadais agus tacaíochtaí eile:

- **Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla** - Márta
- **Gradaim Fiontraíochta Chontae Uíbh Fhailí** - Márta
- **Clár Fiontraíochta Daltaí (Meánscoil)** - Márta
- **Dámhachtainí Náisiúnta Fiontair Daltaí** - Bealtaine
- **Comórtas don Dalta is Fiontraí (Bunleibhéal)** - Bealtaine
- **Dámhachtainí Náisiúnta Fiontair** - Bealtaine
- **Seó Thulach Mhór** - Lúnasa
- **An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta** - Meán Fómhair
- **Lá Náisiúnta Fhiontraíocht na mBan** - Réigiúnach Deireadh Fómhair
- **Look for Local** - Samhain

Ina theannta sin, tá OFÁ Uíbh Fhailí ag obair i gcomhar le páirtithe leasmhara ar roinnt tionscnamh a eascraíonn as an bPlean Fiontair Réigiúnach Lár na Tíre, agus as Foireann Idirthréimhse Réigiúnach Lár na Tíre. Ina measc seo, tá forbairt an Bhraisle TFC agus an Bhraisle Innealtóireachta Inniúlachta.



D'oibrigh OFÁ Uíbh Fhailí le comhpháirtithe áitiúla chun an dara hAonach Fostaíochta Uíbh Fhailí a sheachadadh i mí Iúil.

ASCHUIR OFÁ UÍBH FHAILÍ 2023

Poist	Aschur 2023
Fostaíocht Iomlán Chliant OFÁ	1177
Jabanna Comhlána a Cruthaíodh	235
Glanmhéadú (tar éis Cailteanas Poist)	10
Líon Chliant na OFÁ	209

	Aschur 2023
Pacáistí Tacaíochta Airgeadais - Deontais	24
Faomhadh Uirlisí Táirgiúlachta	19
Faomhadh Trádála Ar Líne	24
Líon na bhFreastalaithe Oilíúna	691
Freastalaithe ar Chúrsa 'Do Ghnó Féin a Chur ar Bun'	109
Freastalaithe ar Chlár Forbartha Bainistíochta	66
Oilíúint Ghinearálta Fiontair	516
Tascanna Meantóireachta	221
Tacaíochtaí RD&I (Caighdeánach/Sofhreagrúil)	1
Easpórtálaithe Céaduaire	1
Faomhadh Mhicrea-Airgeadas Éireann	5
Aistrithe Cliant chuig Fiontraíocht Éireann	1

Fiontraíocht Scoileanna	Aschur 2023
Líon na nIar-bhunscoileanna Rannpháirteacha	10
Líon na nDaltaí Rannpháirteacha	613
Number of Primary Schools Participating	13
Number of Students Participating	50

PRÍOMHCHUSPÓIRÍ GEILLEAGRACHA DO 2023

- Straitéis & Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Eacnamaíoch Uíbh Fhailí 2022-2027
- Máistirphlean Dhuga na Canálach Móire, Tulach Mhór
- Láithreáin Tionscail Nua
- Páirc Fuinnimh Ghlais Róid
- Moil Chomhoibrithe a fhorbairt agus a leathnú

BUAICPHOINTÍ FORBAIRT GHEILLEAGRACH 2023:

Straitéis & Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Eacnamaíoch Uíbh Fhailí 2022-2027

Plean críochnaithe agus roinnt cur i bhfeidhm ar bun. Tá fócas an Phlean ar cháil náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt i 6 réimse ar leith:

- Tógáil agus Innealtóireacht (an Timpeallacht Thógtha)
- Faiche na Tuaithe (Giniúint agus Stóráil Fuinnimh san áireamh)
- Folláine agus Teicneolaíocht an Leighis
- Earnáil TFC
- Bia & Cothú agus na teicneolaíochtaí a thacaíonn leo
- Éiceathurasóireacht agus na hEalaíona Cruthaitheacha
- **Duga na Canálach Móire, Tulach Mhór - Máistirphlean beagnach críochnaithe.**
- **Láithreáin Thionsclaíoch** – Roghanna do Pháirc Ghnó nua i dTulach Mhór a fhiosrú
- **An Féar Bán** - Díolachán Láithreáin Thionsclaíoch agus Forbairt Foirgnimh
- **Moil Chomhoibrithe**

Is Moil Gheata Foghlama TUS anois iad e-hive, stream BIRR agus The Junction. Cuirfidh sé seo ar chumas mic léinn TUS rochtain a fháil ar na moil chomhoibrithe do chúrsaí ar líne, líonrú agus staidéar. Cuirfear tús le leathnú an Acomhail ag 25J go déanach in 2023.

Páirc Fuinnimh Ghlais Róid: Tugadh faoi obair ullmhúcháin ar an tionscadal infrastruchtúir ag Páirc Fuinnimh Ghlas Róid in 2023. Tá na hoibreacha bonneagair iomlána sceidealaithe le cur i gcrích in 2024.

“Leanadh ar aghaidh leis an gcontae a shuíomh mar Uíbh Fhailí: An Contae Fuinnimh Ghlais ar aghaidh in 2023 nuair a críochnaíodh agus a seoladh dhá Thuarascáil Staidéir Féidearthachta suntasacha.”

Ina theannta sin, cuireadh forbairt creata le haghaidh Éiceapháirc Thionsclaíoch chun cinn in 2023, le dáta foilsithe sceidealaithe do R2, 2024. Leanann OFÁ Uíbh Fhailí ag cur dualgais Rúnaíochta ar fáil do Chiste Forbartha Uíbh Fhailí Thuaidh CTR, agus tá an Ceann Fiontar ina Stiúrthóir ar an gcuideachta.

Leanadh ar aghaidh leis an gcontae a shuíomh mar **Uíbh Fhailí: An Contae Fuinnimh Ghlais** ar aghaidh in 2023 nuair a críochnaíodh agus a seoladh dhá Thuarascáil Staidéir Féidearthachta suntasacha. Deimhníonn na tuarascálacha

suíomh straitéiseach Uíbh Fhailí ina dtagann flúirse giniúna fuinnimh in-athnuaite, an líonra náisiúnta gáis agus an eangach leictreachais le chéile. Deimhníonn na staidéir atá bunaithe ar fhianaise go bhfuil Uíbh Fhailí chun tosaigh i dtáirgeadh fuinnimh ghlais agus i dteicneolaíochtaí glasa nuálacha. Soláthraíonn suíomh lárnach Uíbh Fhailí bonn iontach do chuideachtaí chun dícharbónú a dhéanamh, agus iad ag freastal ar mhargaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Comhtháthú Lárionad Sonraí le hAcmhainní In-athnuaite

- Tuarascáil arna maoiniú ag Aistriú Cóir & Ciste Forbartha Uíbh Fhailí Thuaidh
- Arna sheachadadh ag Siemens
- Deimhníonn sé oiriúnacht Róid d'úsáideoirí móra fuinnimh chun dícharbónú a dhéanamh

- Acmhainn Forbartha Fostaíochta agus Eacnamaíochta

Tuarascáil Hidrigín In-athnuaite Róid

- Tuarascáil arna maoiniú ag GNI, Ciste Forbartha Uíbh Fhailí Thuaidh, SSE, Bord na Móna
- Arna sheachadadh ag RPS, COBÁC agus OÉG
- Deimhnítear ann oiriúnacht Róid do mhol hidrigine in-athnuaite
- Acmhainn Forbartha Fostaíochta agus Eacnamaíochta



Plean Áitiúil Eacnamaíoch Pobail (PÁEP)

Tá OFÁ Uíbh Fhailí freagrach as forbairt agus seachadadh na spriocanna agus na ngníomhartha Eacnamaíochta don phlean thuas. Tá an Ceann Fiontar ina bhall de Choiste an Ghrúpa Stiúrtha Comhairleach PÁEP a fhreastalaíonn ar chruinnithe rialta chun scríobh an Phlean a chur chun cinn.

Killina Presentation School, Offaly

Óráid Faoilte - An tScoil
Local Enterprise Office

Óráid Faoilte - An tScoil
Local Enterprise Office



NWCPO



An Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola (NWCPO)

Amhail an 31 Nollaig, 2023, bhí 1979 ceadúnas bailithe dramhaíola i gclár an NWCPO – 130 iarratas nua agus fuarthas 193 iarratas ar athbhreithniú in 2023. I measc na n-iarratas seo

ar athbhreithniú, áirítear 57 ceadúnas a athbhreithníodh chun coinníollacha an cheadúnais a leasú chun muirearú dreasachta a chur i bhfeidhm ar bhailiúcháin dramhaíola tráchtála cois cosáin.

BAILIÚCHÁIN DRAMHAÍOLA COIS COSÁIN

Tá 51 bailitheoir dramhaíola údaraithe ann faoi láthair chun dramhaíl tí a bhailiú cois cosáin. Éilíonn leasuithe ar na Rialacháin um Chead Bailithe Dramhaíola in 2023 go ndéanfaí athbhreithniú ar cheadanna a eisíodh chun dramhaíl tráchtála cois cosáin a bhailiú. Leasaíodh na coinníollacha maidir le 57 ceadúnas, rud a chuir ceanglais ar na bailitheoirí dramhaíola seo an dramhaíl tráchtála atá á bailiú a mheá *inter alia*, na meáchain a thuairisciú do chustaiméirí agus cairt chustaiméirí a chur i bhfeidhm.

DEIMHNIÚ ISO 9001

Fuair an oifig deimhniú do chaighdeán ISO 9001 i mí na Samhna 2014. D'éirigh leis an oifig an deimhniú a choinneáil i mbliana.

STAIDEAR AR MHUIREARÚ DREASAITHE

Tá tús curtha ag an NWCPO le staidéar ar mhuirearú dreasachta ar bhailiúcháin dramhaíola tí agus tráchtála cois cosáin. Tá an NWCPO ag comhordú an staidéir atá á dhéanamh ag sainchomhairleoirí, agus tá an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ag cur maoiniú ar fáil.

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA DRAMHAÍOLA LE HAGHAIDH GEILLEAGAR CIORCLACH

Seoladh “Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach” ar an 4 Meán Fómhair 2020. Sainaithnítear go sonrach sa bheartas róil nua don NWCPO, chomh maith le beartais nua a thabhairt isteach a mbeidh tionchar acu ar oibríochtaí reatha agus a éilíonn bearta a ghlacadh. Tá cás gnó le haghaidh fheabhsú na hoifige ceadaithe ag an nGrúpa Maoirseachta um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí chun cur i bhfeidhm na mbeart beartais seo a chur chun cinn.

Pleanáil, hOidhreacta agus Bithéagsúlacht



Pleanáil

Cuirtear polasaí úsáid talún i bhfeidhm trí Phlean Forbartha an Chontae (lena n-áirítear pleananna baile, sráidbhailte agus sráid), Pleananna Ceantair Áitiúil. Is éard atá i gceist le Bainistíocht Forbartha ná iarratais phleanála a phróiseáil agus gníomh forfheidhmithe cuí a ghlacadh nuair is gá. Bhí bliain tháirgiúil eile ag an Roinn Pleanála nuair a tugadh isteach an córas nua pleanála ar líne ar an 27 Meitheamh. Tá méadú suntasach tagtha ó anuraidh ar iarratais phleanála thar na cineálacha éagsúla forbartha, rud ar cuireadh fáilte roimhe.

BAINISTÍOCHT FORBARTHA

Leagtar amach sa tábla anseo thíos an treocht i líon na n-iarratas pleanála a fuair agus a chinn an Chomhairle le roinnt blianta anuas.

IARRATAIS PLEANÁLA

Bliain	Líon na nIarratas	Líon Bronnta:	Líon Diúltaithe	Líon iomlán a ndearnadh cinneadh fúthu
2015	375*	263	12	275
2016	441*	313	16	329
2017	519*	378	29	407
2018	607*	411	46	446
2019	616*	436	35	471
2020	674*	412	58	470
2021	831*	529	46	575
2022	682*	481	48	529
2023	713*	447	40	487

(*Áirítear leis an bhfigiúr seo iarratais a bhí neamhbhailí)

FADUITHE AR AN TRÉIMHSE CHUÍ

Bliain	Líon na nIarratas	Líon Bronnta:	Líon Diúltaithe	Líon iomlán a ndearnadh cinneadh fúthu
2015	37	35	3	38
2016	20	23	0	23
2017	13	13	0	13
2018	10	10	1	11
2019	13	12	1	13
2020	6	6	0	6
2021	13	11	2	13
2022	15	8	6	14
2023	20	11	7	18

In 2023 tháinig méadú thart ar 5% ar líon na n-iarratas pleanála a cuireadh faoi bhráid na Roinne Pleanála, rud a léiríonn an t-athrú ar ár ngeilleagar agus an t-éileamh ar leasanna tithíochta agus gnó.

Ina theannta sin, cé gur tháinig méadú ar líon na n-iarratas pleanála ón méid a fuair an Roinn Pleanála in 2022, tá líon na n-iarratas forbartha casta, lena n-áirítear tionscadail mhóra chónaithe, thráchtála, thionsclaíocha agus mhórsála fuinnimh in-athnuaite glas, fós ag dul ar aghaidh go tapa.

Mar a tharla le blianta beaga anuas, is dócha go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh in 2024.

FORBAIRTÍ CÓNAITHE AR MHÓRSCÁLA (LRD)

Faoin reachtaíocht LRD, ní mór iarratais phleanála d'fhorbairtí cónaithe le haghaidh breis agus 100 aonad tithíochta nó cóiríocht mac léinn ina bhfuil breis agus 200 spás leapa a chur faoi bhráid an Údarás Áitiúil. Ina theannta sin, mar chuid den phróiseas LRD seo, tá riachtanas ann go dtionólfar cruinniú foirmiúil LRD leis an Iarratasóir agus an Roinn Pleanála, agus go n-eiseoidh an tÚdarás Pleanála Tuairim LRD chuig an Iarratasóir, ag rá cibé an bhfuil bonn réasúnta faoin togra chun iarratas pleanála LRD a dhéanamh.

In 2023, thug an Roinn Pleanála cead pleanála do dhá iarratas LRD le haghaidh forbairtí tithíochta i mbaile Thulach Mhór. Cuireadh iarratas LRD eile isteach ach ní dhearnadh cinneadh air in 2023.

Eisíodh Tuairimí Scríofa LRD freisin maidir le dhá shuíomh bhreise i dTulach Mhór.

CEAD CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR THOILIÚ IONAIÐ & TOILIÚ IONAIÐ

Baineann iarratais ar Chead chun Iarratas a Dhéanamh ar Thoiliú Ionaid (LTAFC) le móin a bhaint ar scála tionsclaíoch stairiúil agus le hoibreacha forbartha portaigh ghaolmhara ar fud an Chontae. De réir na gceanglas reachtúil, ní mór don Údarás Pleanála freagra foirmiúil a chur isteach chuig an mBord Pleanála maidir leis na hiarratais seo.

Cheadaigh an Bord 2 iarratas LTAFC in 2023 agus thug an Roinn Pleanála freagra mionsonraithe ar na hiarratais seo ar Thoiliú Ionaid.

Measadh gur tarraingíodh siar 5 iarratas LTAFC in 2023.

Comhlíonadh/ Forfheidhmiú FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA

Forbairtí Neamhúdaraithe

Litreacha Rabhaidh.....	50
Fógraí Forfheidhmithe	11

Ranníocaíochtaí Forbartha Neamhíochta

Litreacha Rabhaidh.....	181
Fógraí Forfheidhmithe	73

I rith 2023, osclaíodh 201 comhad forfheidhmithe nua maidir le forbairtí neamhúdaraithe (62) agus ranníocaíochtaí forbartha neamhíochta. (139)

“ In 2023, thug an Roinn Pleanála cead pleanála do dhá iarratas LRD le haghaidh forbairtí tithíochta i mbaile Thulach Mhór. ”

CRIOS BRÚ CÍOSA

Cuireadh Tulach Mhór leis an liosta Criosanna Brú Cíosa in 2020 agus fostaíodh duine i ról nua chun monatóireacht a dhéanamh ar na riachtanais ó dheireadh 2020 ar aghaidh. Fágadh an post seo folamh go déanach in 2021 agus i rith 2022. Mar sin féin, líonadh an post seo i mí na Samhna 2023, agus tá obair ar bun chun a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtacha agus rinneadh beart cuí nuair a measadh go raibh gá leis. Thug scrúduithe tosaigh in 2021 le fios nach fadhb mhór i dTulach Mhór é tithíocht a ligean ar cíos ar bhonn gearrthéarmach.

TEAGMHÁIL LEIS AN OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

Cabhraíonn an Rannóg Pleanála leis an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) a bunaíodh laistigh den Chomhairle Contae in 2014. Áirítear leis an gcúnamh seo comhairle réamhpleanála agus cruinnithe do chliaint nua nó gnólachtaí atá ag méadú.

PLEANÁIL CHUN CINN

Ullmhú Pleananna Ceantair Áitiúil

● PCÁ Éadan Doire 2023-2029

Ghlac Comhairle Chontae Uíbh Fhailí le Plean Ceantair Áitiúil (PCÁ) Éadan Doire Dé Luain an 17 Iúil 2023, agus é le teacht i bhfeidhm ón 28 Lúnasa 2023.

● PCÁ Bhiorra 2023-2029

Ghlac Comhairle Chontae Uíbh Fhailí le PCÁ Bhiorra Dé Luain an 15 Bealtaine 2023, agus é le teacht i bhfeidhm ón 26 Meitheamh 2023.

● Comhplean Ceantair Áitiúil Chúil an tSúdaire 2024-2030

Tá an chéad chéim den chomhairliúchán tugtha chun críche, thar thréimhse cheithre seachtaine ón 21 Meán Fómhair 2023 go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2023, na dátaí sin san áireamh. Fuair Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus Comhairle Contae Laoise 38 aighneacht san iomlán le linn na tréimhse comhairliúcháin. Táthar ag súil go gcuirfear an Dréacht-PCÁ ar taispeáint go poiblí i R2 2024.

CÁIN AR THALAMH CRIOSAITHE CHÓNAITHE (RZLT)

Lean an Chomhairle ar aghaidh le cur chun feidhme na Cánach Talún Criosaithe Cónaithe (RZLT) in 2023 ó cuireadh tús leis na próisis mhapála tosaigh in 2022. Is é príomhchuspóir an RZLT spreagadh a thabhairt do ghníomhachtú tráthúil talún forbartha cónaithe atá criosaithe agus seirbhísithe do thithíocht. Chun an beart cánach seo a chur i bhfeidhm, ceanglaítear ar údaráis áitiúla léarscáiliú a dhéanamh go bliantúil chun tailte atá laistigh de scóip na cánach a aithint, le forálacha a cheadaíonn do na húnéirí talún sin a shainaithnítear a bheith faoi raon feidhme aighneachtaí agus achomharc a dhéanamh ina choinne.

GLASBHEALAÍ UÍBH FHAILÍ

Leanadh ar aghaidh le Glasbhealach na Canálach Móire ó teorainn an chontae ag Éadan Doire go Cuan na Sionainne agus tá sé le cur i gcrích faoi shamhradh 2024. Ina dhiaidh sin, oibreoidh an Chomhairle le hUiscebhealaí Éireann agus le Fáilte Éireann chun saoráidí oidhreachta agus léirmhínte eile, áiseanna scíthe etc. a chur leis lena chinntiú go mbeidh sé ina tháirge turasóireachta láidir. Tá an Chomhairle ag obair le hUiscebhealaí Éireann chun an chuid den ghlasphealach ó bhaile Éadan Doire go teorainn an chontae le Cill Dara agus ar aghaidh go Tigh Mhic Neamhain, Co. Chill Dara a thabhairt chun críche chomh luath agus is féidir.

Tá foireann Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, lena n-áirítear an Stiúrthóir Seirbhísí Bóithre & Iompar, Pleanála Sínearach agus Innealtóir Feidhmíocháin Bóithre ar ghrúpa stiúrtha foriomlán Ghlasbhealach na Canálach Móire le hUiscebhealaí Éireann, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus Comhairle Contae Chill Dara agus é mar aidhm acu an glasphealach a chur ar fáil ó lár Chathair Bhaile Átha Cliath go dtí Cuan na Sionainne, is é sin thart ar 130km ar fad.

Suíonn foireann na Comhairle freisin ar na foghrúpaí maidir le (i) Margaíocht & Léirmhíniú agus (ii) Cothabháil.

“ Tá an Chomhairle ag obair le hUiscebhealaí Éireann chun an chuid den ghlasbhealach ó bhaile Éadan Doire go teorainn an chontae le Cill Dara agus ar aghaidh go Tigh Mhic Neamhain, Co. Chill Dara a thabhairt chun críche chomh luath agus is féidir. ”

Tá Glasbhealach na Canálach Móire á chur chun cinn ar www.visitoffly.ie agus trí Visit Offaly agus bealaí meán sóisialta Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí.

Rinne TII maoiniú a fhaomhadh i mí na Nollag 2021 chun nasc ardcháilíochta a thógáil ón Liath Beag go dtí Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaráí; athleithdháileadh á ar iarratas ón gComhairle in 2022, áfach. Faomhadh pleanáil Chuid 8 don nasc seo i mí na Samhna 2022. Leithdháileadh maoiniú nua ó shin (R1 2023) agus cuirfear tús le hoibreacha in 2024.

Fuarthas Maoiniú um Aistriú Cóir €782,500 (gan maoiniú meaitseála 15% breise ó Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí a áireamh) i mí na Samhna 2021 chun cuid de na cosáin rothaíochta agus siúlóide i bPáirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaráí a uasghrádú chun na naisc idir Glasbhealach na Canálach Móire agus Ionad Cuairteoirí Pháirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaráí a fheabhsú. I rith 2022, rinne an Chomhairle iarratas chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun €241,800 a athshannadh ó ghné eile den iarratas (Ceann Scríbe Rothaíochta Lár na Tíre - Uíbh Fhailí) chun tuilleadh uasghráduithe conairí a dhéanamh agus boilsciú praghsanna a chlúdach agus comhaontaíodh é sin leis an Roinn. Críochnaíodh an chuid is mó de na huasghráduithe seo go dromchla séalaithe

ardchaighdeán le linn 2022 agus críochnófar na conarthaí deiridh le linn R2 2024.

MAOINIÚ DON GHLASBHEALACH - AMACH ANSEO

Aistríodh maoiniú do Ghlasbhealaí ón Roinn Iompair go Bonneagar Iompair Éireann (TII) in 2021. Bhí teagmháil dhearfach idir an Chomhairle agus TII agus é mar aidhm ag an gComhairle Glasbhealach na Canálach Móire go Cuan na Sionainne a thabhairt chun críche faoi R2 2024. Mar thoradh air seo, beidh ghlasbhealach leanúnach 71km ar fáil trasna an chontae le nasc 7km eile idir é agus teorainn an chontae - Céim Chill Bheagáin.

CEANN SCRÍBE ROTHÁÍOCHTA LÁR NA TÍRE - UÍBH FHAILÍ (MCD-O)

Ní dhearnadh an méid céanna dul chun cinn ar an straitéis uileghabhálach seo in 2023 ná mar a rinneadh in 2022 agus i mblianta roimhe sin toisc go raibh an Chomhairle ag díriú ar sheachadadh agus mar gheall ar shrianta acmhainní. Is dócha go dtarlóidh an chéad chéim eile de sheachadadh an MCD-O tríd an mbeart atá molta ag Fáilte Ireland *Líonra Conairí Straitéiseacha do Lár na Tíre* mar chuid den Phlean Críche um Aistriú Cóir, dá bhfuil €30m leithdháilte ar fud na gcontaetha atá i gceist.

Is ionann pacáiste iomlán Fáilte Éireann agus €68 milliún agus áirítear ann:

- €25m i dTacaíocht Taitneamhachta do Ghnólachtaí Turasóireachta;
- €3m do Chóiríocht Ísealcharbóin Malartach agus
- €10m d’Fhorbairt Réitigh Chliste, agus is féidir leis seo go léir cur leis an tairiscint siúlóide agus rothaíochta in Uíbh Fhailí agus sna contaetha in aice láimhe,

GLASBHEALACH NA CANÁLACH MÓIRE – CÉIM THULACH MHÓR (UIRBEACH)

Táthar ag súil go dtógfar Céim Thulach Mhór (Uirbeach) de Ghlasbhealach na Canálach Móire, ar a leithdháiltear maoiniú faoin gCiste Forbartha um Athghiniúint Uirbeach 2018, in 2024.

AISTRÍÚ CÓIR










Sheol an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Eamon Ryan Ciste AE um Aistriú Cóir ar an 28 Aibreán 2023. Úsáidfear an ciste, ar fiú é agus €169 milliún, chun tacú leis na réigiúin is mó atá buailte mar thoradh ar dheireadh a bheith curtha le baint móna ar bhonn tráchtála agus le táirgeadh fuinnimh móinbhunaithe mar chuid d’aistriú na hÉireann chuig geilleagar ísealcharbóin Éascóidh Ciste an AE um Aistriú Cóir tionscadail agus tionscnaimh a chuideoidh le dul i ngleic le

héifeachtaí diúltacha sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an aistrithe aeráide ar réigiúin a bhí ag brath ar bhreosláí iontaise roimhe seo. Leagtar amach freisin straitéis infheistíochta na hÉireann don mhaoiniú, agus breis agus €84.5 milliún arna mhaoiniú ag an AE, agus cómhaoiniú suas le €84.5 milliún ó Rialtas na hÉireann leis.

Rinneadh roinnt glaonna ar mhaoiniú in 2023.

- 28 Iúil 2023 – Luchtaithe Saoráidí Pobail do Chairr Leictreacha €15m (A3:3)
- 30 Lúnasa 2023 - Scéim Deontais i gCabhair Infheistíochta Fáilte Éireann do FBManna Príobháideacha & Pobail €17m (A1:1)
- 13 Deireadh Fómhair 2023 Scéim Tacaíochta um Straitéisí Eacnamaíocha Áitiúla & Réigiúnacha €24m (A1:2)

Faoin gceann deireanach thuasluaite a bhí oscailte do gach comhlacht poiblí, tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ag fanacht le toradh iarratais a cuireadh isteach ar an 8 Nollaig 2023, chun Aonad Forbartha Eacnamaíochta a mhaoiniú chun tacú le cur chun feidhme cuspóirí Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Eacnamaíoch Uíbh Fhailí 2022-2027.

<p>PRIORITY 1 Generating employment by diversifying the local economy €87m</p>	<p>A1.1 Economic Diversification €38m</p> 	<p>A1.2 LECP/REP Schemes €29m</p> 	<p>A1.3 Bioeconomy €20m</p> 
<p>PRIORITY 2 Restoration of degraded peatlands and regeneration of industrial heritage assets €57m</p>	<p>A2.1 Peatland Restoration €12m</p> 	<p>A2.2 Carbon Capture €15m</p> 	<p>A2.3 Network of Trails €30m</p> 
<p>PRIORITY 3 Smart and sustainable mobility options €18m</p>	<p>A3.1 Electric Buses €2m</p> 	<p>A3.2 Transport €1m</p> 	<p>A3.3 Charge Points €15m</p> 

Bhí na tograí seo a leanas i measc na n-iarratas ina dhiaidh sin arna gcur isteach faoin gcéad spriocdháta eile an 23 Eanáir 2024:

proposals in relation to:

- Oifigeach Forbartha FilmOffaly
- mol fiontair i dTulach Mhór
- staidéar conair seirbhísí chun seirbhísí a sholáthar do Pháirc Fuinnimh Ghlais Róid i dTuaisceart Uíbh Fhailí
- athúsáid a bhaint as Lárionad Dalton, Droichead na Sionainne

I mí na Samhna 2023, shínigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí le Fáilte Éireann faoi Ghníomh 1:1. Lean an Chomhairle ar aghaidh le trí iarratas a ullmhú agus a fhorbairt, le cur isteach faoin 29 Feabhra 2024, faoin Scéim um Thurasóireacht Athghiniúnach agus um Chruthú Áite de chuid Chiste an AE um Athrú Cóir (2023-2026). Féachann gach tionscadal le 'áit' a chur i gceartlár shamhail na turasóireachta agus iarracht a dhéanamh glansochar dearfach a sheachadadh don chomhshaol, don phobal, don tionscal agus don chuariteoir.

ATHBHREITHNIÚ OIFIG AN RIALÁLAÍ PLEANÁLA

Fuarthas amach in athbhreithniú 2023 ó Oifig an Rialálaí Pleanála go bhfuil Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ag cur a cuid feidhmeanna pleanála i ngníomh ar bhonn éifeachtach le fianaise ar dhea-chleachtas i ngnéithe áirithe.

BILLE PLEANÁLA 2023

Foilsíodh an Bille um Pleanáil agus Forbairt in 2023. Tá an bille le cur chun cinn ina Acht Pleanála agus Forbartha iomlán nua le linn 2023. Bainfidh dúshlán an-mhór leis seo maidir lena chur i bhfeidhm sna blianta atá le teacht.

RANNÍOCAÍOCHTAÍ FORBARTHA LEITHDHÁILTÍ TOBHACH FORBARTHA CHOMHAIRLE CHONTAE UÍBH FHAILÍ 2023

SAINCHUNTAS POIST	Cistí ar Fáil €000's
Ioncam ranníocaíochta forbartha - le sannadh	12,094
Sannta faoi láthair:	
Bonneagar	6,085
Saoráid	3,129
Cairéalacht	790
Feirmeacha gaoithe	834
Ranníocaíochtaí speisialta forbartha	1,105
Iarmhéideanna Ilghnéitheacha eile	151
IOMLÁN	12,094

Ranníocaíochtaí Forbartha Fáltais agus Úsáid Cistí Forbartha don tréimhse mhí Dheireadh Fómhair 2022 go dtí mhí Mheán Fómhair 2023	
Cur síos	'000
Iarmhéid ar Fáil DF 2022	8,774
Ranníocaíochtaí a Fuarthas DF 2022 go MF 2023	3,441
Eisíocaíochtaí DF 2022 go MF 2023	-121
Iarmhéid ar Fáil MF 2023	12,094

AILTIREACHT & CAOMHNÚ

- **Tuarascáil Ailtireachta/Caomhnaithe d'Iarratais Phleanála** Tugadh faoi thuarascálacha pleanála a bhaineann le Struchtúir Chosanta i rith na bliana agus nuair a líonadh post folamh an athuir (ó Bhealtaine 2022 go Lúnasa 2023) - bhíomar in ann tuarascálacha a sholáthar freisin maidir le comhaid mhóra phleanála ó mhí Lúnasa.
- **68 tuarascáil tugtha chun críche in 2023.**

- **Dearbhuithe S57** – uairt láithreáin, taighde, tuairisc - 17 nDearbhú S57 do 2023, tabhair faoi deara gur méadú suntasach é seo ón 8 nó 9 a bhí ann ar an meán blianta roimhe seo.
- **Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha (BHIS) – €94,378** (11 tionscadal críochnaithe (Rindreáil aoil, deisiú fuinneoige, cobhsú etc.). 2024 seolta agus fógartha.

Deontas Tuíodóireachta nua ón Roinn €15,450, maoiniú ceadaithe do 4 thionscadal tuíodóireachta, níor cuireadh aon tionscadal tuí i gcrích in 2023. I measc na dtionscadal, bhí deisiú gloine dhaite, deisiú saifhuinneoige, comhdhlúthú ar struchtúir chloiche deisiúcháin ar phóirse adhmaid stairiúil.

- **Ciste na Struchtúr Stairiúil – 3 thionscadal curtha i gcrích** 2023; deisiúcháin fuinneoige Chaisleán Chionn Eitigh (€37,500), Droichead Crochta Bhiorra, deisiúcháin (€135,750), Eaglais na hÉireann Naomh Muire Bhaile Átha Buí, deisiúcháin struchtúracha – tairiscintí faighte ó chomhairleoirí, próiseas um Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta (PSCS), faoi úinéireacht CHOMHAIRLE CHONTAE UÍBH FHAILÍ, (€37,500), Iomlán do 2023 **€210,750**
- **Éire Ildánach:** mar chuid d’Fhoireann Éire Ildánach - Maoiniú bliantúil don tionscadal na mBaioseanna **€ 10,000**

- **Éire Ildánach:** Dúchas Bliantúil **€ 5,000**
- **Maoiniú Maoirseachta na Comhairle Oidhreachta,** scéim nua in 2022: An Chomhairle Oidhreachta, **€19,926** Plean Bainistíochta Caomhnaithe Shuntasán Thobar Dálaigh (iar-chaisleán) 2023 le moltaí ó Howley Hayes Cooney, mar aon le hInnealtóirí Comhairleacha CORA, Colm Flynn, Seandálaí agus Tir 3D.
- **Nóta:** Rinneadh SEA maoirsiú díreach ar chostais iomlána na ndeontas in 2023 - **€340,054.00**
- **Ciste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe** - Grúpa Stiúrtha do thionscadal Bheannchar.
- **Grúpaí Stiúrtha Máistirphlean** – Cuan Thulach Mhór agus Baile Thulach Mhór.
- **Feabhsuithe Baile** – Cionn Eitigh, tograí sceitse le haghaidh céimeanna breise.
- **Baile Ceann Scribe Bhiorra** – Maoiniú Fáilte Éireann, tionscadal le tosú ar an láthair agus ar siúl faoi láthair, bealach isteach nua go Diméin Bhiorra, an Fhaiche. Balla cuartha cloiche chuig an gclós curtha i gcrích. Colbha cruach dhosmálta suiteáilte, doirse soladacha darach suiteáilte, grádú talún mar thoradh ar an athrú ar leibhéal atá ar siúl. Trasrian coisithe nua le críochnú trasna go dtí an Fhaiche i R1 2024.
- **Foireann Riaracháin (Amanda Pedlow, Ricky Whelan agus Brian McDonald, le fo-fhoireann lena n-áirítear Karen Gray agus Matilda Falkhede)** - Páipéarachas agus acmhainní ábhartha i mbainistíocht na foirne ar a bhfuil



“ Sa bhliain 2023 – fuarthas €37,500 ón gComhairle Oidhreachta chun tacú tionscadal ón bPlean Oidhreachta a sheachadadh. ”

seisear, Sláinte & Sábháilteacht ag teastáil.

- **Oifigeach Bithéagsúlachta** – post nua líonta in 2023.
- Freastal ar an bhFóram Oidhreachta agus eolas chun dáta a thabhairt ag cruinnithe ráithiúla.
- **Ailtireacht Thraidisiúnta in Uíbh Fhailí** le **Rachel Mc Kenna**, c.286 leathanach, 750 cóip clóite. Seoladh leabhar 30 Samhain ag Áras an Chontae 2022. Díolta amach.
- Ceann de na 6 leabhar atá ar an ngearrliosta do **Ghradam Chumann Béaloidis Katharine Briggs** (Éire agus Sasana) agus fuair sé Moladh Onórach an tráthnóna sin i Londain 07/11/23, (an tOllamh David Hopkin, Cathaoirleach an Chumainn Béaloidis) ‘Ní léir ó theideal an leabhair seo go bhfuil ábhar i bhfad níos leithne, níos doimhne agus níos saibhre sa leabhar, chomh maith le stair shóisialta agus chultúrtha phobal Uíbh Fhailí. Rinneadh léiriúchán den chéad scoth ar an leabhar agus é breac le grianghrafadóireacht mhionsonraithe an lae inniu mar aon le léaráidí soiléire agus foinsí stairiúla dea-roghnaithe.’
- **Cainteanna** - maidir le leabhar Ailtireachta Traidisiúnta; **Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath**: cur i láthair do mhic léinn agus léachtóirí Stair na hAiltireachta, Márta 2023, **OHAS Stair Uíbh Fhailí**, cur i láthair ar an leabhar, Márta 2023, Cumann Seoirseach na hÉireann: i láthair mar chuid den Lá Ailtireachta Traidisiúnta, Meitheamh 2023; **SPAB** - an Cumann um Chosaint Foirgneamh Ársa: podchraoladh maidir le caomhnú leabhar agus ailtireachta in Uíbh Fhailí, Lúnasa 2023
- **Nationwide (Feabhra)** - eagraíodh lá amháin scannánaíochta ar an 18 Feabhra 2023 le tuairisceoir agus fear ceamara maidir le tionscadail bhaoise a críochnaíodh ag Acres Folly, Droichead Crochta Chionn Eitigh agus Áirse

Gloster. Tugadh cuairt ar cheardaithe in Uíbh Fhailí ag déanamh God-in-the-Bottle. Craoladh an seó ar an 1 Márta 2023.

- **Nationwide (Bealtaine) Teach Gloster** craoladh ar an 3 Samhain 2023 é, agallaimh leis na húinéirí, staraithe, stucódóir a rinne deisiúcháin ar an teach, iarchailín cistine (89 anois), mná rialta, iardhaltaí agus Rachel Mc Kenna
- **Rianta agus Cosáin** - scannánú lá amháin i gCaisleán Chionn Eitigh Lúnasa 2023, (arna socrú ag Turasoireacht Uíbh Fhailí), agallamh maidir le Caisleán, Diméin agus Droichid.

FOIREANN NA HOIDHREACHTA 2023

Bhí an seachadadh bunaithe ar **Phlean Oidhreachta Uíbh Fhailí 2023-27**. Reáchtáladh 4 chruinniú d’fhóram oidhreachta Uíbh Fhailí i rith na bliana chun eolas chun dáta a thabhairt maidir le seachadadh tionscadail ar fud an chontae.

Tionscadail arna maoiniú ag an gComhairle Oidhreachta in 2023 – fuarthas €37,500 ón gComhairle Oidhreachta chun tacú tionscadal ón bPlean Oidhreachta a sheachadadh.

Eaglaisí agus Reiligi Meánaoise

1. An bhliain dheireanach de thionscadal 3 bliana um Aistriú Cóir ‘Caomhnú agus pailniú’ i gcomhar le Comhairle Contae Laoise le haghaidh eaglaisí meánaoiseacha i ngach Ceantar Bardasach agus rinneadh oibreacha caomhantais i gCill Bhríde (Baile Mhic Comhainn), Mainistir Fheorais gar d’Éadan Doire agus Cill Mhuire in aice le Suí an Róin
2. leanadh leis an gclár cothabhála do na heaglaisí sin a bhí caomhnaithe cheana féin chun athfhás fásra a chosc.

CISTE SÉADCHOMHARTHAÍ POBAIL

Fuarthas €464,593 chun láithreáin ailtireachta i gContae Uíbh Fhailí a chaomhnú.

Coimisiúnaíodh tuarascálacha maidir le hEaglais Bhaile an Teampaill gar d'Inse na mBreathnach agus Staighre uathúil Emmel a chaomhnú.

Rinneadh oibreacha ar an láithreán chun Teach Caibidle Chill Aichidh, eaglais Mhainistir Fheorais (céim 2), séipéal Chill Bhríde (céim 2) agus ballaí reilige Shaighir Chiaráin a chaomhnú.

- **Deich mBlia na gCuimhneachán** – Ba í seo an bhliain deiridh de Dheich mBlia na gCuimhneachán agus rinneadh comóradh agus cuireadh clár ar fáil i gcomhpháirtíocht le Stair Uíbh Fhailí, agus Sráidbhailte Slachtmhara Chríonchoill le deontas €49,950 a fuarthas ón Roinn.
- **Éire Ildánach 2023-27.** Ba í seo an chéad bhliain den dara Straitéis Chúig Bliana d'Éire Ildánach Uíbh Fhailí. Leis an gclár seo, cuirtear an chruthaitheacht i gcroílár an bheartais phoiblí ag díriú ar thionscadail chomhoibríocha a bhaineann leis na healaíona, an oidhreacht agus na leabharlanna a bhfuil teagmhail láidir pobail acu agus táthar ag súil le buiséad c.€200,000 in 2023. Is í Amanda Pedlow an comhordaitheoir ar Fhoireann Éire Chruthaitheach i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí. Thosaigh Karen Gray ag obair leis an bhfoireann mar Oifigeach Rannpháirtíochta Cruthaitheach Pobail lánaimseartha.
- D'oibrigh **Seirbhís Cartlainne an Chontae** i gcomhar leis an leabharlannaí contae chun tacú leis an tseirbhís cartlainne contae atá lonnaithe i bPáirc Ghnó Axis agus atá á feidhmiú ag Stair Uíbh Fhailí a oibriú agus a fhorbairt.
- **Foilseacháin** – thacaigh agus d'éascaigh táirgeadh leabhar ar ardchaighdeán faoi Oidhreacht Uíbh Fhailí. D'fhoilsigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí Camcor, *The River of Birr* and *A Microcosmic Jungle – The Meadow in Birr Demesne* le John Feehan, chomh maith le *Kilcomin Memorials* by Stephen Callaghan. D'fhoilsigh Stair Uíbh Fhailí an leabhar *Irish Mist and Faithful Images, Public Art in County*

Offaly agus *Offaly History Journal* le tacaíocht ó Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí.

- **Tionscadail Bailte Slachtmhara agus Tionscadail Oidhreacht Pobail Áitiúil** – d'oibrigh leis an Rannóg Pobail chun tacú le Lónra na mBailte Slachtmhara. Chuidigh le grúpaí pobail chun tionscadail oidhreacht a phleanáil agus a sheachadadh
- Straitéis léirmhínte le haghaidh **Láthair Mhainistreach Liath Mancháin** faoi stiúir Kevin O'Dwyer i gcomhpháirtíocht leis an bpobal.
- **Feasacht Oidhreacht** – príomhchlár
- **Sraith Youtube maidir le bláthanna fáine Uíbh Fhailí** – bhí séasúr 2023 bunaithe ar phlandaí uiscebhunaithe i gcomhpháirtíocht le LAWPRO. Tá breis is 2450 síntiúsóir ag cainéal Oidhreacht Uíbh Fhailí anois..
- Reáchtáladh Scoil Samhraidh ar feadh seachtaine i mBiorra maidir le pailniú mar chuid de chlár Chlub Allamuigh Uíbh Fhailí.

SEACHTAIN NA HOIDHREACHTA

Mhair Seachtain na hOidhreacht ar aghaidh ar feadh 9 lá iontacha i mí Lúnasa nuair a rinneadh 41 imeacht a chomhordú agus a chur chun cinn ar fud an chontae. Rinne go leor grúpaí nua imeachtaí a óstáil le linn na laethanta sin. Tháinig Grúpa Oidhreacht Bhreacánaí sa dara háit go náisiúnta sa chomórtas don *Ghradam Oidhreacht Beo* agus tháinig Béal Átha Chomair sa dara háit sa chomórtas do *Ghradam an Linbh Fhiáin*.

Bithéagsúlacht

- Cheap Comhairle Chontae Uíbh Fhailí **Oifigeach bithéagsúlachta** i mí an Mhárta 2023
- In 2023, chuir **Cumann Allamuigh Nádúraithe Uíbh Fhailí** clár iomlán imeachtaí duine le duine ar siúl arís. Faoi dheireadh 2023, bhí an cumann tar éis 15 imeacht a bhaineann le bithéagsúlacht, ó ialtóga go luibheolaíocht agus ó phortaigh go héin, a reáchtáil.
- Rinne Cumann Allamuigh Nádúraithe Uíbh Fhailí **Scoil Samhraidh** seachtaine a reáchtáil faoi stiúir John Feehan, ag díriú ar phailneoirí agus ar phailniú.
- Fuair Comhairle Chontae Uíbh Fhailí maoiniú €100,000 faoin **gCiste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil (LBAF)** in 2023.



Úsáideadh an maoiniú seo chun suirbhéanna éiceolaíochta, tionscadail cruthaithe gnáthóige, eolaíocht saoránach, oiliúint foirne agus rialú speiceas ionrach ar fud an chontae a chur i gcrích.

I measc roinnt tionscadal eiseamláireach tá na cinn seo a leanas:

- **Tionscadal monatóireachta Scréachóg Reilige Uíbh Fhailí agus bosca neadaithe:** Sa tionscadal seo, cuirtear boscaí neadaithe speisialaithe in airde do na speicis atá faoi bhagairt agus reáchtáiltear clár monatóireachta chun féachaint ar tháirgíúlacht neadacha ar fud an chontae. Thuairiscigh comhpháirtithe an tionscadail, Cairde Éanlaith Éireann, gur bhliain mhaith a bhí ann do tháirgíúlacht sceach gheal in Uíbh Fhailí agus tá méadú ar líon na Scréachóg Reilige in Uíbh Fhailí á thuairisciú acu le blianta beaga anuas.
- **Bainistíocht Féaraigh sna Reiligí:** Faoin tionscadal seo, bainistíonn foireann agus conraitheoirí Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí limistéir féaraigh sna reiligí ar mhaithe le bláthanna fiáine agus pailneoirí. Is éard atá i gceist leis an tionscadal ná córais lomtha a chur i bhfeidhm a ligeann do bhláthanna fiáine

amhail an tseamair dhearg, an nóinín mór agus magairlí dul faoi bhláth ar a seal, ag soláthar bia do phailneoirí. Déantar cothromaíocht idir an iarracht seo agus an gá atá ann ár gcuid reiligí a choinneáil néata agus slachtmhar dóibh siúd a thugann cuairt ar ghaolta nach maireann.

- **Monatóireacht ar Bhainistíocht Speiceas Ionracha:** Leanadh le clár bainistíochta Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí ar fud an chontae ar an nGlúineach Bhiorach agus ar an mBalsam Himiléach agus laghdaíodh an dá speiceas fhadhbacha seo go suntasach ar fud an chontae. De réir na dtorthaí ó chlár mhonatóireachta ar Dhiúilicíní Stríocacha ionracha neamhdhúchasacha agus Niúit Alpacha, tá fás ollmhór tagtha ar dháileadh na speiceas seo agus beidh orainn déileáil leis sin sna míonna agus sna blianta amach romhainn chun ár bhflóra agus ár bhfána dúchasach a chosaint.
- **Pleananna gníomhaíochta bithéagsúlachta áitiúla a chruthú:** Choimisiúnaigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí saineolaithe chun cabhrú le pleananna gníomhaíochta bithéagsúlachta (PGBanna) a thiomsú do dhá bhaile mhóra in Uíbh Fhailí (Clóirtheach agus Cill Chormaic). Feidhmeoidh gníomhóidh na PGBanna

seo mar threochláir agus treoracha do na pobail faoi seach chun feabhas a chur ar a dtimpeallachtaí áitiúla le haghaidh flóra, fána agus an phobail araon.

- **Reáchtáladh Imeachtaí faoi théamaí bithéagsúlachta** le linn sheachtain na Bithéagsúlachta agus sheachtain na hOidhreachtaí ngach cearn den chontae, agus iad dírithe ar gach duine, idir óg agus aosta, lena n-áirítear Siúlóidí Ialtóg, Gaisteoireacht agus Taifeadadh Féileacán Oíche, chomh maith le fáinní a chur ar fháinleoga.
- **Podchraoladh In Your Nature:** is comhoibriú é an podchraoladh seo idir oifigeach bithéagsúlachta CHOMHAIRLE CHONTAE UÍBH FHAILÍ agus Cairde Éanlaith Éireann a chuireann éin agus bithéagsúlacht chun cinn trí agallaimh le saineolaithe agus trí phlé bríomhar a dhéanamh ar chúrsaí mar sin. Bhain an podchraoladh 100k íoslódáil amach i mí Dheireadh Fómhair - éacht iontach ar fad don tionscadal seo.
- Críochnaíodh clár imeachtaí oiliúna agus breisoiliúna pobail agus foirne le linn 20203, agus áiríodh ann gníomhaíochtaí amhail **Dearadh Teicniúil ar Réitigh Bunaithe ar an Dúlra** laistigh den Chomhshaol Uirbeach, **Pleanáil le haghaidh Gabhlána Gaoithe** a bhí dírithe ar Ghabhlána Gaoithe a chosaint trí ghnáthóga uirbeacha a phleanáil agus gnáthóga uirbeacha a fheabhsú

chun a gcuid caomhnaithe agus oiliúint foirne maidir le **Gnáthóga bogaigh** - uisce a bhainistiú, bithéagsúlacht a fheabhsú - a chur chun cinn.

Uasoiliúint Phobail & Líonrú

- **Imeacht Bailithe agus Sábhála Sí:** Mar chuid den imeacht seo, léirigh ceannairí saineolaithe conas síolta bláthanna fiáine a bhailiú agus a stóráil lena stóráil agus lena saothrú go háitiúil chun cabhrú le pailneoirí. D'éirigh go hiontach leis an imeacht seo agus reáchtáladh taispeántais allamuigh i dtuaisceart agus i ndeisceart an chontae chun rannpháirtíocht phobail sa chontae a uasmhéadú.
- **Lá Comhroinnte Eolais Bithéagsúlachta Ghéisille:** Tháinig grúpaí pobail ó áiteanna ar fud Uíbh Fhailí le chéile chun éisteacht le saineolaithe ar raon ábhar bithéagsúlachta, ó bhainistiú móinéir agus cruthú locháin go speicis ionracha. Caitheadh an tráthnóna i mbun tionscadail áitiúla a cuireadh i bhfeidhm trí dhea-chleachtas.



An Rannóg Athghiniúna



An Rannóg Athghiniúna

Tá 2 fhoireann sa Rannóg Athghiniúna - Foireann Athghiniúna, agus Foireann Tréigthe/Folúntais.

- Tá an Fhoireann Athghiniúna freagrach as tacaíochtaí pobail a chomhordú chun rochtain a fháil ar dheiseanna maoinithe do Bhailte agus Sráidbhailte Uíbh Fhailí lena n-áirítear an Ciste Forbartha um Athghiniúint Uirbeach agus Tuaithe, Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, Scéim Infreastruchtúir Áineasa Allamuigh & Ciste Infheistíochta Ionad Pobail. Oibríonn an fhoireann go dlúth le pobail áitiúla, Comhaltaí Tofa, páirtithe leasmhara, agus gníomhaireachtaí chun tionscadail a aithint, maoiniú a aimsiú, treoir agus comhairle a thabhairt maidir le forbairt agus seachadadh tionscadal chun Contae Uíbh Fhailí a fheabhsú agus a fhorbairt. Tá na scéimeanna a aithnítear le cur i bhfeidhm bunaithe ar neartú comhordaithe ar na trí phríomhchólún, Athghiniúint Eacnamaíochta, Athghiniúint Shóisialta agus Athghiniúint Fhisiceach an Chontae.

Tá maoiniú deontais faighte faoi scéimeanna éagsúla tríd an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Spóirt agus Meán agus Fáilte Éireann.

- Tá an Fhoireann Tréigthe/Folúntais freagrach as clár na Láithreán Tréigthe a bhainistiú, as tobhaigh láithreáin Thréigthe a bhailiú, de réir an Achta um Láithreáin Thréigthe chun réadmhaoine a chur ar chlár na láithreán tréigthe/ réadmhaoine a bhaint dá réir. Déanann an Fhoireann na tacaíochtaí maoinithe atá ar fáil chun dul i ngleic le réadmhaoine tréigthe agus folmha in Uíbh Fhailí a chur chun cinn agus a chomhordú go gníomhach. Tá Deontas Athchóirithe Croí Cónaithe/ Tithe Folmha á bhainistiú ag baill foirne ar an bhfoireann seo in éineacht le deontais tithíochta a chur chun cinn e.g. Scéimeanna Deisiúcháin agus Léasachta, agus Scéimeanna Ceannaigh agus Athnuachana. Tá Ciste Forbartha Uirbeach

agus Athnuachana ar leith á bhainistiú ag an bhfoireann freisin chun dul i ngleic le láithreáin thréigthe i mbaile Thulach Mhór.

OIFIGEACH ATHGHINIÚNA BAILE

Is é ról an Oifigigh Athghiniúna Bailte freagairt chomhordaithe agus chuimsitheach a sholáthar ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta ar na dúshláin shuntasacha atá roimh Bhailte agus Sráidbhailte in Uíbh Fhailí. Tacaíonn an tOifigeach Athghiniúna Baile le bunú agus le hobair leanúnach na bhFoirne Baile, ag cinntiú go ndéantar forbairt agus seachadadh ar an bPlean Lár an Bhaile ar dTús in éineacht le seaimpíní áitiúla, ag soláthar nasc ríthábhachtach idir na Foirne Baile, an saineolas laistigh den Údarás Áitiúil agus eagraíochtaí eile, a ligeann d'Fhoirne Baile teacht ar mhaoiniú, tionscadail a sheachadadh, agus tacú le cur i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil.

LÁR AN BHAILE AR DTÚS

Tugadh isteach an Plean Lár an Bhaile Ar dTús in 2022 chun dul i ngleic le foirgnimh gan áitiú, dul i ngleic le láithreáin thréigthe, agus beatha nua a thabhairt do lár ár mbailte trí chreat beartais comhordaithe uilerialtais a sholáthar chun dul i ngleic go réamhghníomhach leis an meath ar shláinte na mbailte ar fud na hÉireann agus chun tacú le bearta chun iad a athghiniúint agus a athbheochan.

I gcomhréir leis an bplean “Lár an Bhaile ar dTús – Cur Chuige Beartais do Bhailte in Éirinn”, roghnaíodh Clóirtheach mar cheann de 26 baile ar fud na tíre chun maoiniú a fháil chun an Plean Lár an Bhaile ar dTús a fhorbairt. Thacaigh an tOifigeach Athghiniúna Baile le bunú Fhoireann Bhaile Chlóirtheach. Cheap Comhairle Chontae Uíbh Fhailí Ailtirí Gníomhaireacht Uirbeach chun tacú le Foireann an Bhaile agus leis an gComhairle chun an Plean Lár an Bhaile ar dTús a ullmhú do Chlóirtheach. Tar éis taighde cúlra/ bunlíne, rannpháirtíocht geallsealbhóirí, imeachtaí iomadúla rannpháirtíochta poiblí agus suirbhéanna



I láthair: Brian Sheridan, Sínead Cornally, Anna Orman, Olwen Cummins (Oifigeach Athbheochana an Bhaile, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí), Mary Delaney, Bernie Henry ag suíomh Erry Mill i gClóirtheach. Grianghraf le Brian Bastick

a dhéanamh, tá an próiseas curtha i gcrích anois. Cuireann an plan fíis nua i láthair do Chlóirtheach trí thuiscint a thabhairt ar an áit, an áit a shainiú agus bealaí a aithint chun an áit a chumasú.

D'oibrigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí go dlúth le Foireann Bhaile Chlóirtheach a dhéanann ionadaíocht ar na ceithre phríomhghrúpa pobail i gClóirtheach - Cumann Oidhreachta Chlóirtheach, Bailte Slachtmhara Chlóirtheach, Comhlachas Tráchtála Chlóirtheach agus Comhairle Pobail Chlóirtheach. Leagann an tionscnamh seo béim ar chur chuige cuimsitheach maidir le rannpháirtíocht agus pleanáil phobail.

Saináithnítear sa phlean roinnt tionscadal agus smaointe féideartha a d'fhéadfadh Clóirtheach a athrú ó bhonn agus cabhrú chun lár baile bríomhar a chruthú. Is cuid lárnach é an tionscnamh seo de Thodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann, straitéis uailmhianach cúig bliana an Rialtais atá deartha chun Ceantair Thuaithe na hÉireann a athbheochan.

Clúdach an Phlean TCF - Clóirtheach

BEARTA FEABHSAITHE SRÁID-DREACH

Fuair Comhairle Chontae Uíbh Fhailí maoiniú de €100,000 faoin Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte do Bheart Feabhsaithe Sráid-dreach Chlóirtheach. D'fheabhsaigh an tionscadal seo cuma na sráid-dreacha i Lár Bhaile Chlóirtheach, ag díriú ar réadmhaoine atá folamh agus tréigthe, ag díriú ar thrí phríomhshráid i lár Chlóirtheach: An Phríomhshráid, Sráid an Droichid

Léiríonn an cur chuige faoi thionchar an phobail i leith athbheochan lár an bhaile tiomantas Fhoireann Bhaile Chlóirtheach do Chéad Phlean Lár Bhaile Chlóirtheach agus an pobal chun an aeistéitic a fheabhsú agus lár baile bríomhar a chruthú.

Tá an dul chun cinn atá déanta leis an Scéim Sráid-dreacha, mar atá le feiceáil sna pictiúir thíos, mar bhonn agus mar thaca ag an tionchar dearfach a bhíonn ag tionscnaimh dá leithéid ar tharraingteacht iomlán an phobail.

Clara Streetscape Enhancement Measure



BEARTA FÁLA FOIRGNEAMH - ATHNUACHAN BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE:

D’fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys TD, gur éirigh le Foireann Baile Chlóirtheigh i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ina hiarratas chun foirgneamh folamh agus tréigthe i lár an bhaile a fháil i gClóirtheach tríd an mBearta Fála Foirgneamh faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2023.

Is foirgneamh an-suntasach é an Ceardchumann ó thaobh a áite i stair Chlóirtheigh, a rochtain fheiceálach ar an mBrosnach agus a shuíomh i Lár an Bhaile. Is féidir le Foireann an Bhaile iarratas a dhéanamh anois ar dheontais Baile agus Sráidbhaile chun cabhrú le táillí dearaidh agus costais chaipitil amach anseo

chun an foirgneamh a athchóiriú ina spás pobail ilchuspóireach.

SCÉIM ATHNUACHANA BAILTE & SRÁIDBHAILTE

Tá an t-uaslíon iarratas faoi Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2023 curtha isteach ag an bhFoireann Athghiniúna i gcomhar le grúpaí pobail, Ceantair Bhardasacha agus rannóga eile, ar feitheamh fógra, agus táthar ag súil le cinneadh i R2 2024.

Tionscadail chríochnaithe/leanúnacha faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte:

Léiríonn na híomhánna thíos an tionchar dearfach a bhí ag an infheistíocht leanúnach €29m ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail in Uíbh Fhailí ó 2020



i leith. Chothaigh an infheistíocht seo deiseanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil ar fud an Chontae.

Cabhraíonn an iarracht leanúnach seo le pobail bheoga tharraingteacha a chruthú agus le spásanna poiblí a fheabhsú do chónaitheoirí agus

do chuartheoirí araon. Tá an comhoibriú idir pobail, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ríthábhachtach chun na torthaí dearfacha seo a bhaint amach. Is forbheathnú iad na hiomhánna seo a leanas ar an iliomad tionscadal i ngach Ceantar Bardasach.

Birr Municipal District



The Green, Birr – TV190Y10
Works complete, €200k claimed



Shinrone – TV190Y9
Works complete, €100k claimed



Pollagh - TV200Y10
Works complete, €100k claimed



Ballyboy
Site cleared to enable amenity works



Fairgreen, Ferbane
Planning Secured



Market Sq., Birr
Community Consultation ongoing



Kilcormac
Enabling works complete



Old Library, Shinrone
Community Consultation ongoing



Moneygall
Design team to commence Q1 24

Edenderry Municipal District



Cloneygowan - TV200Y03
Works complete, €100k claimed



Daingean - TV200Y04
Works complete, €100k claimed



Kilmalogue - TV200Y07
Works complete, €100k claimed



Clonbullogue "People's Park"
Works 70% complete



Daingean Project Development Measure
Appointed Conservation Architect

Tullamore Municipal District



Mountbolus Ph I – TV190Y07
Works complete, €100k claimed



Mountbolus Ph II - TV200Y08
Works complete, €100k claimed



Mucklagh - TV200Y09
Works complete, €100k claimed



Killeigh Community Centre

**SCÉIM UM BONNEAGAR CAITHIMH
AIMSIRE ALLAMUIGH**

Tá iarratais faoi Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2023 curtha isteach ag an bhFoireann Athghiniúna i gcomhar le grúpaí pobail, Ceantair Bhardasacha agus rannóga eile, ar feitheamh fógra, agus táthar ag súil le cinneadh i R2 2024.

2021 – Lochanna agus Conairí Dhoire Fhuinsigh, forbairt tionscadail

Thug pacáiste maoinithe €70k san iomlán, a chuimsigh €50k agus €20k combhionann, deis chun plean 10 mbliana a fhorbairt chun Loch agus Conairí Dhoire Fhuinsigh a fheabhsú agus a leathnú. Ar an 1 Meitheamh 2023, shínigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí mar aon le Cumann Forbartha Pobail Chúil an tSúdaire conarthaí le Foireann

derryounce
10 Year Plan, 2024-2034

explore the unexpected

walk
swim
cycle
explore
connect
compete

re-peat
adventure

an Tionscadail, SLR Consulting Ltd. chun Plean 10 mBliaana agus Dearaí Coincheapa a ullmhú do Lochanna agus Conairí Dhoire Fhuinsigh Déardaoin 6 Iúil 2023, reáchtáil Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, i gcomhpháirtíocht le Cumann Forbartha Pobail Chúil an tSúdaire, Ceardlann Páirtithe Leasmhara ar ar fhreastail breis agus 30 duine. Bhí sé mar aidhm ag an gceardlann cur leis an obair chun plean físeach fadtréimhseach a fhorbairt maidir le forbairt Dhoire Fhuinsigh thar na 10 mbliana atá romhainn.

Éascóidh an infheistíocht seo plean forbartha cuimsitheach 10 mbliana, a bheidh dírithe ar ghnéithe comhlántacha nua a thabhairt isteach agus ar inrochtaineacht a fheabhsú. Tá Dréachtphlean 10 mBliaana Dhoire Fhuinsigh, arna fhorbairt ag SLR Consulting Ltd., ina chéimeanna deiridh tar éis comhairliúcháin phoiblí éagsúla le linn 2023. Sula dtabharfar chun críche é, reáchtálfar babhta deireanach de chomhairliúchán poiblí trí mheán nuachtlitreach agus ceistneora ar líne. Is é dáta críochnaithe beartaithe an phlean ná deireadh Ráithe 1, 2024.

COSÁIN ROTHÁOCHTA SLÉIBHE CHIONN EITIGH & SHLIABH BLADHMA

Leithdháileann an Scéim um Bonneagar Caitheamh Aimsire Allamuigh maoiniú chun áiseanna nua caitheamh aimsire lasmuigh a fhorbairt.

I gCionn Eitigh agus an ceantar máguaird in Uíbh Fhailí Thiar, d'éascaigh deontas €500,000 mar aon le maoiniú suntasach meaitseála €275,300 ó Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí an 'Bealach chuig Conairí Rothaíochta Sléibhe Shliabh Bladhma,' 'Lúb Rothaíochta Sléibhe Chionn Eitigh do Thosaitheoirí,' agus "Droichid Stairiúla Chaisleán Bernard a Athfhionnadh.

- Bhunaigh an tionscadal 'Bealach chuig na Conairí' nasc rothaíochta agus coisithe réidh, slán agus tarraingteach ó Shráidbhaile Chionn Eitigh go dtí na cosáin Rothaíochta Sléibhe agus bealaí siúlóide ó Fhoroais Chionn Eitigh in aice le Caisleán Chinn Eitigh.
- Tá síneadh curtha le cosáin Rothaíochta Sléibhe Shliabh Bladhma ag 'Lúb Choillte Chionn Eitigh',

rian 2km do thosaitheoirí. Ag freastal anois ar rothaithe óga agus rothaithe gan taithí, rud a chuireann le tarraingt na gconairí do lucht leanúna níos leithne.

- Chuir "Droichid Stairiúla Chaisleán Bernard a Athfhionnadh" feabhas ar dheiseanna fairsinge siúlóide sa réigiún, ag cur béime ar ghnéithe d'oidhreacht shaibhir Dhiméin Chaisleán Chionn Eitigh, lena n-áirítear a dhroichid stairiúla agus na siúlóidí diméine gaolmhara.

AN CISTE UM ATHGHINIÚINT AGUS FORBAIRT TUAITHE

2021 Cat 2 CAFT Éadan Doire Céim II

- Scartáil agus glanadh láithreáin 33/34 Sraid JKL curtha i gcrích
- Fáil láithreáin Oifig na pOibreacha Poiblí curtha i gcrích
- Togra Chuid 8 le haghaidh Leabharlann Pobal Éadan Doire agus Bunáit Ealaíon ag 33-34 Sráid IKL, Éadan Doire ceadalthe.
- Fuarthas 11 aighneacht ar an jomlán, 9 gcinn ó bhail an phobail agus 2 cheann ó Chomhlachtaí Forordaithe.
- Chomhaontaigh na Comhaltai Tofa gur cheart dul ar aghaidh leis an bhforbairt bheartaithe, ar cuireadh sonraí ina leith ar taispeáint go poiblí ar an 18 Deireadh Fómhair 2023.

2021 Cat 2 CAFT - Athghiniúint an Fhéir Bháin

- Tugadh faoi oibreacha beaga tógála laistigh den Chlochiar chun úsáid mheánach a éascú do Ghrúpaí Pobail le linn na tréimhse neamhshrianta deartha agus tógála.
- Lá Oscailte Poiblí ar an 31 Márta 2023 chun rannpháirtíocht an phobail in athdhearadh Chlochiar Íósaf a spreagadh.
- Foireann deartha ceaptha ar an 12 Bealtaine 2023 chun Clochar an Fhéir Bháin a athchóiriú.
- Suirbhéanna tosaigh ar an láithreán agus ar na foirgnimh atá ann cheana féin curtha i gcrích agus próiseáilte ag an bhFoireann Deartha.
- Chuir Foireann Deartha 3 dhearadh coincheapa i láthair ar an 8 Nollaig 2023 le breithniú ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, An Síolán agus Príomhpháirtithe leasmhara.



Edenderry CGI Library

- Tá an Fhoireann Dearaidh ag déanamh anailíse faoi láthair ar aiseolas ar dhearadh an choincheapa agus tá dearadh deiridh á ullmhú acu.
- Chríochnaigh Cumann Bailte Slachtmhara an Fhéir Bháin tionscadal iontach eile le déanaí ag baint úsáide as deontas AXA Parks chun obair leasúcháin, suíocháin agus plandaí a chur ar fáil ag an iar-chlochar.
- Rinne Cumann Bailte Slachtmhara an Fhéir Bháin agus Úsáideoirí Seirbhíse agus Foireann

Tacaíochta Naomh Hilda bleibíní orgánacha a thacaíonn le pailneoirí a chur ar an 19 Lúnasa 2023 mar shiombail de na blianta d'obair chrua a rinne Siúracha lósaf ar son an phobail.

2020 Cat 2 CAFT - Athghiniúint Bheannchair

- Reáchtáladh cur i láthair maidir le dul chun cinn go dtí seo ar an Máistirphlean Ailtireachta agus Turasóireachta do Mhuiríne Bheannchair agus an Ceantar Máguaire do chomhaltaí Cheantar Bardasach Bhiorra in 2023.



Ferbane Convent

“Leagtar amach sa pholasaí nua um Láithreáin Thréigthe cur chuige comhordaithe maidir leis an Acht um Láithreáin Thréigthe a bhainistiú ó pheirspictíocht an chontae ar fad, ag glacadh le cur chuige baile-ar-bhaile.”

- Bhí cruinnithe le IW agus WWI chun cabhrú leis an bpróiseas deartha do cheantar na Muiríne.
- Máistirphlean Muiríne Bheannchair & an Cheantair Máguaird curtha i gcrích.
- Céim deartha don Mhuiríne ag dul ar aghaidh i gcomhairle le hUiscebhealaí Éireann agus Uisce Éireann.
- Soláthar le haghaidh plean caomhnaithe Óstán Ríoga na Sionainne ag dul ar aghaidh.

CISTE INFHEISTÍOCHTA IONAD POBAIL

Ciste Infheistíochta na nIonad Pobail 2023 – Beart um Foirgnimh Nua

- Sheol an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail Heather Humphreys Ciste Infheistíochta na nIonad Pobail 2023 ina ndéanfar infheistíocht de €20 milliún i dtionscadail nua agus uailmhianacha pobail inár mbailte agus sráidbhailte.
- Den chéad uair riamh, déanfar maoiniú idir €1 agus €6 milliún a infheistiú i dtionscadail i gceantair nach bhfuil áiseanna ionad pobail iontu faoi láthair. Bhí sé ina cheanglas go mbeadh iarratais ‘réidh don tsluasaid’ agus na ceadanna agus na toilithe riachtanacha ar fad i bhfeidhm agus go mbeidís suite ar láithreán úrnua/ athfhorbraíochta.
- Chuir Comhairle Chontae Uíbh Fhailí iarratas isteach ar Ionad Pobail nuathógtha agus tá an cinneadh ar feitheamh.

FOIRGNIMH GAN ÁITIÚ AGUS FOIRGNIMH THRÉIGTHE

Beartas maidir le Láithreáin Thréigthe.


I mí an Mheithimh 2023, cheap an fhoireann Athghiniúna beartas nua maidir lena feidhm um Láithreáin Thréigthe, is é sin “Beartas agus Nós Imeachta Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí um Láithreáin Thréigthe” a faomhadh ag cruinniú iomlánach Comhairle i mí an Mheithimh 2023.

Leagtar amach sa pholasaí nua um Láithreáin Thréigthe cur chuige comhordaithe maidir leis an Acht um Láithreáin Thréigthe a bhainistiú ó pheirspictíocht an chontae ar fad, ag glacadh le cur chuige baile-ar-bhaile. D’oibrigh an fhoireann thiomanta go dlúth le hOifigeach na dTithe Folmha chun tacaíocht a thabhairt agus bainistiú a dhéanamh ar na scéimeanna maoinithe éagsúla lena n-áirítear an Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha agus aon deiseanna maoinithe eile chun foirgnimh agus láithreáin atá folamh agus tréigthe a fhorbairt agus a chur in úsáid arís. Cuireann an Chomhairle béim leanúnach ar shainathint a dhéanamh ar réadmhaoine a d’fhéadfadh a bheith oiriúnach do sholáthar tithíochta sóisialta.

Oifigeach na dTithe Folmha

Comhordaíonn Oifigeach na dTithe Folmha an Clár Gníomhachtaithe um Ordú Ceannaigh Éigeantaigh ag aithint réadmhaoine atá folamh agus tréigthe,

ag dul i dteagmháil le húinéirí chun na sruthanna maoinithe éagsúla atá ar fáil a chur chun cinn agus, nuair is cuí, maoin a fháil tríd an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh nó an próiseas Ceannaigh Éigeantaigh. Bainistíonn Oifigeach na dTithe Folmha an próiseas iarratais ar Dheontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha.



Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha

Tá dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ag an gclár Deontais Athchóirithe Réadmhaoine Folmha, le tacaíocht leanúnach chun réadmhaoine folmha agus tráchtála a athrú go háitribh phríobháideacha nó maoin ar cíós.

Ón 1 Bealtaine 2023, is é an deontas uasta atá ar fáil ná €50,000, le deontas breise féideartha suas le €20,000 le haghaidh réadmhaoine atá deimhnithe mar réadmhaoine neamhfhónta ó thaobh struchtúir de. Mar sin, is ionann an deontas iomlán atá ar fáil le haghaidh réadmhaoine tréigthe agus uasmhéid €70,000.

Tá breis agus 125 iarratas faighte ag an Rannóg

Athghiniúna ón dáta a seoladh an scéim go hoifigiúil. Tar éis iarratas a fhaomhadh, ceadaítear tréimhse 13 mhí ina dhiaidh sin d'iarratasóirí chun na hoibreacha riachtanacha a chur i gcrích. Ina dhiaidh sin, déanann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ath-iniúchadh ar an maoin agus comhordaíonn sí focaíocht an deontais.

Glaó 3 - Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach

Fuair an Fhoireann Láithreáin Thréigthe/Fholmha €2m chun aghaidh a thabhairt ar láithreáin thréigthe agus fholmha i mbaile Thulach Mhór faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach. Shainaithin an Roinn 26 réadmhaoine agus rinneadh iad a fhaomhadh lena gcur ar aghaidh faoin gciste.

Dearadh an tríú glaó seo go sonrath chun aghaidh a thabhairt ar réadmhaoine atá folamh agus tréigthe go fadtéarmach i Lár Bhaile Thulach Mhór. Tá an ciste ar fáil chun costais fála réadmhaoine nó láithreáin a chlúdach agus aon oibreacha sibhialta nó dearaidh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun an riosca a bhaineann le láithreán/foirgneamh a laghdú nó an láithreán/foirgneamh a fheabhsú chun é a dhéanamh níos tarraingtí le haghaidh athúsáide, forbartha ag daoine eile nó le díol ar aghaidh. Tá sé i gceist go ndéanfaí an ciste a athsholáthar ó na fáiltas a fuarthas ón úsáid/úsáideoir deiridh, rud a cheadódh do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí clár rollach a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le folúntais agus tréigean fadtéarmach gan dul i muinín na hiasachta agus an riosca airgeadais a bhaineann leis.

Bóithre agus Iompar



Bóithre & Iompar

In 2023 rinne Rannóg Bóithre agus Iompair Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí ár seachadadh seirbhíse a neartú agus a fhairsingiú le cur leis an Achoimre ar Ghlacadh ar Láimh agus leis an Straitéis Réigiúnach um Bonneagar Feithiclí Leictreacha. Rinneadh agus leanfar ar aghaidh ag déanamh infheistíocht spriocdhírthe i dtreo ár mbonneagar reatha chun ár ngréasán bóithre reatha a chothabháil, a uasghrádú agus a leathnú chun fás a éascú ar fud ár gContae ar fad. Cuireadh béim freisin ar bhealaí breise maoinithe a shainithint i rith na bliana chun an leas is fearr a bhaint as na tairbhí do Chontae Uíbh Fhailí. Déanfar an cur chuige agus an t-éiteas a cuireadh i bhfeidhm in 2023 a mhacasamhlú agus a neartú in 2024 chun acmhainn maoinithe ar bith atá ann a uasmhéadú.

Áirítear na hoibreacha seo a leanas inár gclár Bóithre 2023:

- Clár Bóithre Bliantúil 2023
- Scéimeanna um Thaisteal Gníomhach
- Bonneagar um Fheithiclí Astaíochtaí Nialasacha
- Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha a chur lenár bhflít chorpáraideach
- Tabhairt isteach Ola Glasraí Hidreachóireáilte (HVO)
- Tógáil Ghlasbhealach na Canálach Móire
- Bóthar Faoisimh Laistigh Éadan Doire Chéim 2
- Bóithre Dáileacháin Bhiorra (Thuaidh agus Theas)
- PLEEP - Tionscadail Éifeachtúlachta Fuinnimh Soilsithe Poiblí

Tá leithdháiltí deontais 2023 ó Bhonneagar Iompair Éireann (TII), ón Roinn Iompair, ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail leagtha amach thíos, léirítear na figiúirí do 2022 taobh le taobh chun críocha comparáide.

BONNEAGAR IOMPAIR ÉIREANN & AN ROINN IOMPAIR, DEONTAIS BÓITHRE

Leithdháiltí Deontais Tosaigh	2022 (€)	2023 (€)
Bonneagar Iompair Éireann (TII)		
Príomhbhóithre Náisiúnta		
Soilsiú MMarC MótARBhealaigh	9,117	9,117
Feabhsú Náisiúnta den Dara Grád		
Mórscéim N52 Bóthar Ceangail Tulach Mhór go Cill Bheagáin	0	0
Mionoibreacha N62 An Crann Criothach (An Clochán go Doirín an Locha)	150,000	200,000
Scéim Pábhála ar an N62	460,000	4,000,000
Scéim Pábhála HD28 Athnuachana Pábhála	TBC (Q2/Q3)	TBC (Q2/Q3)
HD15 & HD17 Mionoibreacha N52, N62 & N80	125,000	TBC (Q2/Q3)
HD15 & HD17 Iarfheistiú Fálaithe Mionoibreacha (N52/N62/N80)	100,000	TBC (Q2/Q3)

Tacaíocht Údaráis Áitiúil (Feabhsúchán)	160,000	275,000
Cothabháil ar Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád		
Gnáthchothabháil	129,194	129,194
Soilsiú Bealaigh	75,900	75,901
Cothabháil Gheimhridh	190,000	170,000
Tacaíocht Údaráis Áitiúil (Cothabháil)	30,700	11,800
Tacaíocht Údaráis Áitiúil (Cothabháil Gheimhridh)	10,000	10,000
Glasbhealaí	€1,323,000	3,880,000
Iomlán TII	€2,762,911	8,761,012
An Roinn Iompair		
Deontais do Bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla		
Feabhsúchán Athchóirithe	6,190,500	6,542,000
Cothabháil Athchóirithe	955,000	955,000
Cothabháil Athchóirithe Forlíontaigh	750,500	750,500
Deontas Lánroghnach	1,776,500	1,783,500
Athshlánú Droichead	366,975	376,500
Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta	297,700	300,000
Deontais Feabhsúcháin Sonracha	2,275,000	2,100,000
Teorainneacha Luais	16500	54,000
Comharthaí Rothaíochta	-	7,150
Iar-Bhóithre Náisiúnta	250000	420,000
Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla Straitéiseacha	-	50,000
Oiriúnú Aeráide	320763	388,650

Deontas Oiliúna	47500	47,500
Scéim um Rannpháirtíocht an Phobail	368500	301,500
Tástáil faoi Scéim Phíolótach ar bhóithre thar thailte móna	800000	1,000,000
Tacaíocht do Shuirbhé PSCI	16000	16,000
Oibreacha Draenála	446993	447,000
Iomlán DOT	€14,878,431	€15,539,300
An tÚdarás Náisiúnta Iompair		
Iompar Gníomhach		
Pleananna Iompair / Soghluaisteachta: Tulach Mhór	146,000	134,448
Gréasán Raonta Rothar Thulach Mhór, Céim 1	116,000	358,231
Feabhsúcháin Cosán Pacáiste A: Biorra & Críonchoill	377,894	100,563
Feabhsúcháin Cosán Pacáiste B: Clóirtheach	192,525	298,882
Éadan Doire - Lána an Ghiorria	75,000	Works complete
Feabhsúcháin Cosán Pacáiste Dearaidh: Beannchar & An Clochán	38,000	38,000
Tulach Mhór - Bóthar Bhaile Mhic Spolláin	116,000	191,104
Trasrianta Coisithe ar fud an Chontae	246,000	26,212
Scéim Taistil Gníomhach Chúl an tSúdaire	173,455	Works complete

Clár Sábháilte chuig na Scoileanna - Bonneagar Tacaíochta: Sráid Frederick, Clóirtheach	-	9,382
Scéimeanna Acomhal Uirbeach ar Chostas Íseal (teanntú): Éadan Doire & Biorra	115,000	110,449
Scéimeanna Rothaíochta Deighilte Éadroime: Éadan Doire	69,034	Works complete
Tionscadal Glasbhealaigh Uirbeach Thulach Mhór	371,000	50,000
Éadan Doire - Uasghrádú Acomhail R402-1	240,000	183,055
Tulach Mhór - Acomhal Lána Uí Choileáin - Réamhscéim	200,000	99,473
BIORRA - Uasghrádú/ Nasc Siúlóide Cois Abhann	285,000	147,500
RÓD - Trasrianta Coisithe & Cosán	185,000	185,000
AN MUCLACH - Bóthar na Brocaí - Acomhal/ Cosán	200,000	191,083
SUÍ AN RÓIN - Bóthar Chloch Shiurdáin	140,000	140,000
BÉAL ÁTHA CHOMAIR - Uasghrádú Naisc Chosáin	125,000	125,000
Oifig Taisteal Gníomhach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí - Costais Foirne	271,000	271,000

Éadan Doire - SRTS (R1) Dearadh & Naisc Rothaíochta	-	75,000
Eilimintí Taisteal Gníomhach Éadan Doire	-	50,000
Eilimintí Taisteal Gníomhach Radharc an Ardáin Tulach Mhór	-	75,000
Beannchar - SRTS (R1) Dearadh & Naisc Rothaíochta	-	75,000
Eilimintí Taisteal Gníomhach - Sráidbhaile Chill Chormaic, Bóthar Chionn Eitigh	-	75,000
Iomlán - Taisteal Gníomhach an Údaráis Náisiúnta Iompair	€3,681,908	€3,009,382
Stadanna Bus i dTulach Mhór & Éadan Doire	€63,374	
Iomlán ÚNI	€3,745,282	€3,009,382



Comhpháirtí Maoinithe	2022 Leithdháileadh Tosaigh	2023 Leithdháileadh Tosaigh
Bonneagar Iompair Éireann - Leithdháileadh Bóithre Náisiúnta mar aon le leithdháileadh Glasbhealaí	€2,762,911	€8,761,012
An Roinn Iompair	€14,878,431	€15,539,300
An tÚdarás Náisiúnta Iompair (Stadanna Bus san áireamh)	€3,745,282	€3,009,382
Comhairle Chontae Uíbh Fhailí (Acmhainní Dílse Bóithre Áitiúla)	€2,077,130	€2,246,269
Iomlán	€23,463,754	€29,555,963

Tá €2,077,130 leithdháilte ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí as acmhainní dílse. Mar sin, go hachomair, is mar seo a leanas atá an Buiséad Bóithre tosaigh do 2022:

TII GLASBHEALACH NA CANÁLACH MÓIRE:

Mar chuid de leithdháileadh TII 2023, leithdháileadh thart ar €3,880,000 ar fhoireann Bóithre agus Iompair Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí chun an 16km deiridh de Ghlasbhealach na Canálach Móire a sheachadadh. Scaradh na hoibreacha eile i 4 chonradh caipitil ar leith a soláthraíodh, agus ceapadh conraitheoir in 2023. Críochnófar na hoibreacha ina n-íomláine i Ráithe 1 de 2024. Mar chuid dár n-oibreacha chun nascacht a sholáthar le Glasbhealach na Canálach Móire cuirfimid tús le naisc straitéiseacha a sholáthar ó bhailte agus sráidbhailte ar leith agus tá an chéad scéim le seachadadh in 2024.

COSAINT AGUS ATHNUACHAN TII:

Mar chuid den chlár cosanta agus athnuachana, faomhadh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí do mhaoiniú breise chun 2 scéim Éigeandála a sheachadadh ar an N80 ag Baile na Sraithe agus an N52 ag an bPailís. Tá na scéimeanna seo sa bhreis ar an c.8.5km d'oibreacha athnuachana pábhála ar an N62 arna seachadadh i R2/R3 de 2023.

STRAITÉIS RÉIGIÚNACH UM BONNEAGAR LUCHTAITHE FEITHICLÍ LEICTREACHA:

Chuir Coiste Bóthair agus Iompair Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, ag gníomhú thar ceann an údaráis ceannais arb í Comhairle Chontae Uíbh Fhailí i gcomhar lenár gcomhghleacaithe san Iarmhí, sa Longfort, i Laois agus i Ros Comáin, tús leis an bpróiseas soláthair do shainseirbhísí Comhairliúcháin Theicniúil chun Straitéis Réigiúnach um Bonneagar Feithicilí Leictreacha a bhunú in 2023. Cuirfidh an straitéis seo plean feidhmithe ar fáil don réigiún. Bainfear úsáid as an bplean forfheidhmithe seo chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú agus chun seachadadh réigiúnach Bonneagair Feithicilí Leictreacha a chinntiú, rud a chinnteoidh go n-aithneofar ag céim tosaigh an tionscadail aon sineirgí is féidir a sheachadadh maidir le suíomh an bhonneagair agus seachadadh na seirbhíse nua seo.

AISTRIÚ AN FHLÍT CHORPARÁIDIGH I DTREO BREOSLAÍ ASTAÍOCHTAÍ NIALASACHA AGUS ASTAÍOCHTAÍ ÍSLE:

Chuir Rannóg Bhóthair agus Iompair Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí tús le haistriú an Fhlít Chorporáidigh i dtreo breoslaí Astaíochta Nialasacha agus Astaíochtaí Ísle in 2023. Tá 5 fheithicil leictreacha inár bhflít anois atá tar éis teacht in ionad 5 fheithicil inneall díosail.

Thugamar isteach Ola Glasraí Hidreachóireáilte (HVO) in ionad díosail thar roinnt feithicilí mar thriail in 2023. Tá rath na trialach seo mar bhonn agus mar thaca dár dtiomantas HVO a thabhairt isteach mar phríomhbhreosla in 2024, rud a sholáthróidh laghdú 90% ar ár gcuid lorg carbóin.

Cheannaigh an Clós Innealra dhá inneall mearphaisteála in 2023, le cabhair deontais ón Roinn Iompair. Leis an inneall mearphaisteála, is féidir

deisiúcháin ar chaighdeán i bhfad níos airde, agus oibriú níos sábháilte agus níos saoire a dhéanamh ná leis na gnáthaonaid deisiúcháin. Laghdaíonn siad ár lorg carbóin trí chion an tátháin deisiúcháin a laghdú agus trí laghdú a dhéanamh ar an ngá atá le deisiúcháin a dhéanamh arís. Leis an gcoigilteas seo, déanfaimid líon níos mó bóithre a dheisiú go tráthúil. eley fashion.

BÓTHAR DÁILEACHÁIN BHIORRA THUAIDH:

Tá dul chun cinn déanta in 2023 ar na hoibreacha dearaidh don Bhóthar Dáileacháin Thuaidh nua atá beartaithe i mBiorra agus tá dearadh mionsonraithe déanta den chuid is mó anois agus na doiciméid tairisceana le heisiúint chuig an Roinn Iompair le faomhadh. Tá sé mar aidhm ag an Rannóg Bóithre agus Iompair tús a chur le tógáil na scéime seo go déanach i R2 go luath R3 de 2024 faoi réir fhaomhadh agus mhaoiniú na Roinne Iompair.

BÓTHAR FAOSIMH LAISTIGH ÉADAN DOIRE:

Cuireadh tús le hoibreacha i R3 ar Chéim 2 de Bhóthar Faoisimh Laistigh Éadan Doire agus meastar go gcuirfear i gcrích é i R2 2024. Nuair a bheidh an scéim seo curtha i gcrích, soláthróidh an scéim seo píosa bonneagair atá tábhachtach go straitéiseach agus a chuideoidh chun ár nÉiteas Lár an Bhaile a chur chun cinn agus a chabhróidh chun an leas is fearr a bhaint as ár gcláir Infheistíochta Taistil ACTIVE amach anseo.

BÓTHAR DÁILEACHÁIN AN OIRDHEISCIRT, BIORRA

Cuireadh tús le soláthar maidir le Seirbhísí Comhairliúcháin Theicniúla a cheapadh in 2023 agus é mar aidhm leis sainchomhairleoir a cheapadh i R1 2024.

OIBREACHA UM ATHRÚ AERÁIDE AGUS OIRIÚNÚ AERÁIDE:

Tacaíodh le cláir oibreacha Rannóg Bóithre agus Iompair Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí don bhliain 2023 trí chuidiú lenár n-eagraíochtaí cur chuige i leith ár dtiomantais um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach agus ceannaireacht a léiriú sa spás seo. Seo a leanas sampla d'oibreacha a rinneadh in 2023:

- Scéimeanna um Thaisteal Gníomhach
- Dícharbónú an Fhlít Chorporáidigh
- Bonneagar um Fheithiclí Astaíochtaí Nialasacha
- PLEEP - Tionscadail Éifeachtúlachta Fuinnimh Soilsithe Poiblí
- 2 inneall mearphaisteála a chur i mbun oibre
- Glasbhealach na Canálach Móire a chur i gcrích

SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2023

Mar chuid de chlár Bóithre 2023, tá Plean Sábháilteachta ar Bhóithre ár gcontaetha curtha i gcrích ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí i gcomhar lenár gcomhpháirtithe leasmhara go léir. Tá na hoibreacha a bhaineann leis ar siúl faoi láthair.

“ Cuireadh tús le hoibreacha i R3 ar Chéim 2 de Bhóthar Faoisimh Laistigh Éadan Doire agus meastar go gcuirfear i gcrích é i R2 2024. ”

Turasóireacht



Tá ról luachmhar ag an turasóireacht mar spreagadh fás geilleagrach agus mar rannpháirtí le hinbhuanaitheacht na bpobal tuaithe in Uíbh Fhailí. Oibríonn an fhoireann turasóireachta i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara ó na hearnálacha turasóireachta agus fáilteachais i rith na bliana, chun gach gníomhaíocht a bhaineann le turasóireacht sa chontae a chur chun cinn agus a chomhordú. Tá ról lárnach ag an bhfoireann turasóireachta in Eagraíocht Bainistíochta Ceann Scríbe Uíbh Fhailí, Margaíocht Turasóireachta Uíbh Fhailí (CTR), agus le chéile déanann siad plean margaíochta bliantúil a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, ag seachadadh príomhchuspóirí chun turasóireacht a fhás sa chontae ar bhealach inbhuanaithe.

SEIMINEÁR TURASÓIREACHTA

Reáchtáladh seimineár rathúil turasóireachta ar an 3 Márta i dTulach Mhór. Agus Tina O'Dwyer, saineolaí turasóireachta ó 'The Tourism Space' ina bean an tí ann, i measc na gcainteoirí bhí Paddy Matthews, Ceann Oibríochtaí le haghaidh Ireland's Hidden Heartlands, Julie McLoughlin, Ceannaire Eispéreas na gCuairteoirí ó Pháirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaráí agus na comhairleoirí turasóireachta CHL. D'fhreastail go leor ball d'earnáil na turasóireachta agus an fháilteachais agus páirtithe leasmhara gaolmhara ar an maidin thaitneamhach seo a bhí lán d'eolas.

TURAS TAITHÍOCHTA (FAM)

Tugann Turais FAM deis iontach don earnáil eolas a chur ar ghnólachtaí uathúla a chéile, líonrú a dhéanamh agus caidrimh thábhachtacha a chothú. Reáchtáladh dhá thuras FAM do bhaill Thurasóireacht Uíbh Fhailí amháin in 2023; 24 Aibreán & 16 Deireadh Fómhair. Chuimsigh na turais lae iomláin seo gnólachtaí ó áiteanna ar fud an chontae agus stop siad chun tuilleadh eolais a fháil faoin sráidbhaile is slachtmhaire in Éirinn, Géisill.

MARGAÍOCHT

Áirítear le cur i bhfeidhm an Phlean Bliantúil Margaíochta caidreamh poiblí, fógraíocht agus na meáin shóisialta, agus an iliomad gníomhaíochtaí margaíochta beaga chun teacht ar spriocghrúpaí éagsúla lena n-áirítear Blaganna, ríomhirisí, comórtais, léarscáileanna agus bróisiúir.

CLÚDACH NA MEÁN

Lean an fhoireann ar aghaidh ag díriú ar chaidreamh poiblí in 2023 agus bhain Uíbh Fhailí poiblíocht mhór amach ar na meáin chlóite, ar na meáin shóisialta agus ar an teilifís. Thug criú Ireland AM cuairt ar Bhiorra arís in 2023, ní uair amháin ach faoi dhó!! Chuir fear na haimsire móréilimh agus an tionchaire meán sóisialta Deric Ó hArtagáin tús le Seachtain Seanré agus Féile Ealaíon Bhiorra i mí Lúnasa le craoladh beo go luath maidin Dé hAoine! D'fhill Derek arís ar Bhiorra i mí Mheán Fómhair le haghaidh gné speisialta turasóireachta maidir le Contae Uíbh Fhailí. Thug Gráinne O'Malley, Bainisteoir Ginearálta Dhiméin Chaisleán Bhiorra agus Philip O'Brien, Cathaoirleach Margaíochta Turasóireachta Uíbh Fhailí agallaimh eolasacha maidir leis na cúiseanna a thagann cuairteoirí go hUíbh Fhailí.

Fuair Uíbh Fhailí an-phoiblíocht sna meáin thar thréimhse an tsamhraidh le gnéithe iomlána sa nuachtán The Sunday World agus sa ríomhiris www.thegloss.ie. I measc na poiblíochta suntasaí eile, bhí The Sunday Times, www.her.ie, www.joe.ie, The Irish Independent agus The Irish Times.

CRAOBHCHOMÓRTAS BHALÚIN THE NA HÉIREANN

D'fhill Craobhchomórtais Bhalúin The na hÉireann ar Uíbh Fhailí le han-chuid poiblíochta i mí Mheán Fómhair. Rinne foireann turasóireachta Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí comhurraíocht ar an imeacht, ag tabhairt cuairteoirí ó áiteanna ar fud an domhain go Tulach Mhór le haghaidh na féile seachtaine seo. Ní raibh an aimsir go maith ach an lá deireanach thar barr ar fad le slua iontach mór i bPáirc Bhaile Lloyd agus na balúin ag fud na spéire os cionn



Thulach Mhór, rud a chuir gliondar ar an lucht féachana.

TURAS RÓS THRÁ LÍ

D'óstáil Turasóireacht Uíbh Fhailí Turas Rós Thrá Lí 2023 i mí Lúnasa chun turas iontach spráúil a thabhairt do na Rósanna timpeall an chontae. Chuir slua mór díograiseach fáilte roimh na Rósanna i gCearnóg Uí Chonchúir, áit ar cuireadh ceol agus rince ar siúl dóibh sular fhreastail siad ar fháiltiú cathartha acu i gCeannteathrú na Leabharlainne. Chonaic na Rósanna go leor de radhairc agus nithe is díol spéise an chontae, lena n-áirítear Eispéireas Cuairteora Drioglainne Thulach Mhór, Seodra Linda O'Brien, Diméin Chaisleán Bhorra,

Cluain Mhic Nóis agus an tSionainn chumhachtach i mBeannchar agus i nDroichead na Sionainne. Deis iontach a bhí ann chun Uíbh Fhailí a léiriú do lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta tríd an bpoiblíocht ar an teilifís náisiúnta.

FEACHTAS RAIDIÓ

Arís eile, bhí feachtas náisiúnta raidió ar siúl ar feadh tréimhse choicise ar Today FM & Newstalk i mí na

Bealtaine agus i mí an Mheithimh, rud a chuir le próifíl Uíbh Fhailí ar fud na tíre. Áiríodh leis seo duais laethúil do chomórtais ar Sheó Ray Foley, seó raidió a bhfuil an-tóir air. Reáchtáladh é seo in éineacht le feachtas ar iRadio sa tréimhse chéanna, ag díriú ar dhaoine óga.

MARGAÍOCHT DHIGITEACH

Lean Turasóireacht Uíbh Fhailí ag cur lena láithreach meáin shóisialta in 2023, le cuntais Facebook, Instagram agus X (Twitter) ag baint úsáide as an haischlib #visitoffaly. Agus muid ag obair le gnólacht comhairleoireachta meán sóisialta, leanann líon ár leantóirí agus an líon daoine a dtéimid i bhfeidhm orthu ag fás bliain i ndiaidh bliana. Tá líon iomlán ár lucht leanúna sa bhreis ar 18,000 ar na hardáin meán sóisialta anois; sin méadú 47% le trí bliana anuas.

FÓGRAÍOCHT CHLÓITE

Eagraíodh fógraí agus eagarfhocail a bhain go sonrach le hUíbh Fhailí le haghaidh roinnt foilseachán in 2023; Your Daily Adventure Guide; Forlíonadh 'Your Ireland', Celtic Media Group; Summer Breaks in Ireland, Nationalist Paper Group.

STRAITÉIS TIONSCADAL ATHGHINIÚNA UÍBH FHAILÍ 2023-2027

Thug an fhoireann turasóireachta faoin bpróiseas chun Straitéis Turasóireachta nua a ullmhú don Chontae in 2023. Ba iad CHL Consultants na comhairleoirí ceaptha a bhí ag obair ar an doiciméad straitéise a bheidh i bhfeidhm ar feadh cúig bliana, ó 2023 go 2027. Treoróidh an Straitéis nua téarnamh, fás agus forbairt na hearnála turasóireachta in Uíbh Fhailí.

IMEACHTAÍ/SEÓNNA/CRUINNITHE MARGAÍOCHTA

- **Seó Domhanda Saoire** - d'fhreastail thart ar 7,000 duine ar an imeacht thar 3 lá
- **Seó Thulach Mhór** - ag léiriú gach atá le tairiscint ag Uíbh Fhailí i bPailliún Uíbh Fhailí
- **Cruinnithe Margaíochta Turasóireachta Uíbh Fhailí** - réachtáladh 5 chruinniú le linn 2023

